



Uimhir 23 de 2010

AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN BHAINC CEANNAIS 2010

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH

Alt

1. Gearrtheideal agus comhlua.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.

CUID 2

ATHCHÓIRIÚ AR BHANC CEANNAIS NA hÉIREANN — FORÁLACHA
IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS COSANTACHA

4. Socruithe idirthréimhseacha i ndáil le sealbhóirí oifige áirithe.
5. Cearta fostaithe a chaomhnú.
6. Socruithe chun fostaithe áirithe a bheith ar iasacht.
7. Cosaint i leith rialachán, rialacha, cód áirithe, etc.
8. Cosaint i leith scéimeanna áirithe.
9. Iarratais, etc., a dhéantar chun an Údarás Rialála.
10. Faisnéis atá i seilbh an Údarás Rialála.
11. Gníomh rialála arna dhéanamh ag an Údarás Rialála.
12. Fiosrúcháin, etc., arna ngabháil de lámh ag an Údarás Rialála.
13. Imeachtaí dlí ar páirtí iontu an tÚdarás Rialála.
14. Leasuithe ar Achtanna an Bhainc Ceannais.
15. Leasuithe ar Achtanna eile.
16. Leasuithe ar ionstraimí reachtúla.

17. Forléiriú tagairtí áirithe.

CUID 3

CUMHACHTAÍ AN BHAINC I NDÁIL LE HOIFIGIGH, ETC., DO
SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE AIRGEADAIS

CAIBIDIL 1

Réamhráiteach

18. Mínithe (*Cuid 3*).

CAIBIDIL 2

Feidhmeanna rialaithe

19. Míniú (*Caibidil 2*).

20. Feidhmeanna rialaithe.

21. Feidhm caighdeán feidhmiúlachta agus cuibhis.

22. Feidhmeanna rialaithe réamhcheadaitheacha.

23. Daoine a cheapadh chun feidhmeanna rialaithe réamhcheadaitheacha a chomhlíonadh.

CAIBIDIL 3

Fionraí agus imscrúdú ar fheidhmiúlacht agus cuibheas daoine a chomhlíonann feidhmeanna rialaithe, etc.

24. Míniú (*Caibidil 3*).

25. Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais feidhmiúlacht agus cuibheas daoine a imscrúdú.

26. Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fógra fionraí a eisiúint, etc.

27. Éifeacht fógraí fionraí.

28. Fógraí fionraí nár daingníodh — an tréimhse éifeachta.

29. Fógraí fionraí a dhaingniú.

30. Fógra fionraí a fhorfheidhmiú.

31. Cumhacht na Cúirte chun bailíocht fógraí fionraí a fhadú.

32. Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais a cheangal ar dhaoine fianaise a thabhairt nó doiciméid a thabhairt ar aird.

33. Cion arb éard é mainneachtain láithriú.

34. Imscrúdú ar fheidhmiúlacht agus ar chuibheas — seoladh imeachtaí.

35. Seolfar imeachtaí go príobháideach de ghnáth.

36. Cion arb éard é mainneachtain doiciméad a thabhairt ar aird, etc.

[2010.] *An tAcht um Athchóiriú an Bhainc* [Uimh. 23.]
Ceannais 2010.

37. Cion arb éard é diúltú ceist a fhreagairt, etc.
38. Pribhléid i leith fianaise a thabharfar faoin gCaibidil seo, etc.
39. Liúntais agus caiteachais a íoc le daoine a láithreoidh os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais.
40. Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais mainneachtain doiciméad a thabhairt ar aird, etc. a dheimhniú.
41. Déanfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais tuarascáil a ullmhú.

CAIBIDIL 4

Toirmeasc ar dhaoine áirithe feidhmeanna rialaithe a chomhlíonadh

42. Mínithe (*Caibidil 4*).
43. Féadfaidh an Banc toirmeasc a chur ar dhuine feidhm rialaithe a sheoladh, etc.
44. Fógraí toirmisc áirithe a fhorfheidhmiú.
45. Iarratas chun na Cúirte chun fógra toirmisc a dhaingniú.
46. Comhaontú idir Banc nó Gobharnóir, duine toirmiscthe agus soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais.

CAIBIDIL 5

Ilghnéitheach

47. Úsáid faisnéise.
48. Cionta arb éard iad faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, etc., a sholáthar.
49. Pionóis i leith cionta faoin gCuid seo.
50. Caighdeáin feidhmiúlachta agus cuibhis.
51. Éifeacht na Coda seo.
52. Ainmnithigh, etc., a cheapadh chun críocha na Coda seo.
53. Rialacháin — comhlíonadh feidhmeanna a éascú.

SCEIDEAL 1

LEASUITHE AR ACHTANNA AN BHAINC CEANNAIS

CUID 1

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CHEANNAIS 1942

CUID 2

NA FORÁLACHA D'ACHT AN BHAINC CEANNAIS 1942 A AISGHAIRTEAR

CUID 3

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS 1971

[Uimh. 23.] *An tAcht um Athchóiriú an Bhainc* [2010.]
Ceannais 2010.

CUID 4

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS 1989

CUID 5

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS 1997

CUID 6

LEASÚ AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS 1998

SCEIDEAL 2

LEASUITHE AR ACHTANNA EILE

CUID 1

LEASUITHE AR AN ACHT UM AN mBANC-CHORPARÁID ANGLA-
ÉIREANNACH 2009

CUID 2

LEASUITHE AR ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (INIÚCHADH AGUS
CUNTASAÍOCHT) 2003

CUID 3

LEASUITHE AR AN ACHT UM FHORFHEIDHMIÚ DLÍ CUIDEACHTAÍ 2001

CUID 4

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHREIDMHEAS DO THOMHALTÓIRÍ 1995

CUID 5

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHOSAINT TOMHALTÓIRÍ 2007

CUID 6

LEASUITHE AR AN ACHT UM FHORAIS CHREIDMHEASA (TACAÍOCHT
AIRGEADAIS) 2008

CUID 7

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHOMHAR CREIDMHEASA 1997

CUID 8

LEASUITHE AR AN ACHT UM MÍCHUMAS 2005

CUID 9

LEASUITHE AR AN ACHT SLÁINTE (SCÉIM AISÍOCA) 2006

CUID 10

LEASUITHE AR AN ACHT ÁRACHAIS 1989

CUID 11

LEASUITHE AR AN ACHT FÁN nGNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA UM
BAINISTIÚ SÓCMHAINNÍ 2009

[2010.] *An tAcht um Athchóiriú an Bhainc* [Uimh. 23.]
Ceannais 2010.

CUID 12

LEASUITHE AR ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

CUID 13

LEASÚ AR AN ACHT UM BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA
PEARSANTA 2003

CUID 14

ACHTACHÁIN A LEASAÍTEAR TRÍ “CENTRAL BANK OF IRELAND” A CHUR
IN IONAD “CENTRAL BANK AND FINANCIAL SERVICES AUTHORITY OF
IRELAND” SAN ACHT A LUAITEAR I MÍR 1 AGUS TRÍD AN LEAGAN CUÍ
GRAMADAÍ DE “BANC CEANNAIS NA hÉIREANN” A CHUR IN IONAD AN
LEAGAIN CHOMHFHREAGRAIGH DE “AN BANC CEANNAIS AGUS ÚDARÁS
SEIRBHÍS AIRGEADAIS NA hÉIREANN” SNA HACHTACHÁIN A LUAITEAR I
NGACH MÍR EILE.

SCEIDEAL 3

LEASUITHE AR IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

CUID 1

LEASUITHE AR NA RIALACHÁIN UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ
(COMHLACHTAÍ POIBLÍ FORORDAITHE, STIÚRTHÓIREACHTAÍ AINMNITHE
DE CHUID COMHLACHTAÍ POIBLÍ AGUS POIST AINMNITHE I
gCOMHLACHTAÍ POIBLÍ) 2004

CUID 2

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH
(COMHAONTUITHE CREIDMHEASA DO THOMHALTÓIRÍ) 2010

CUID 3

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (COMHAR
IDIR ÚDARÁIS NÁISIÚNTA ATÁ FREAGRACH AS DLÍTHE COSANTA
TOMHALTÓIRÍ A FHORFHEIDHMÍÚ) 2006

CUID 4

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (GNÓTHAIS
LE HAGHAIDH COMHINFHEISTÍOCHTA IN URRÚIS INAISTRITHE) 2003

CUID 5

LEASUITHE AR NA RIALACHÁIN UM MÍ-ÚSÁID MARGAIDH (TREOIR
2003/6/CE) 2005

CUID 6

LEASUITHE AR NA RIALACHÁIN RÉAMHEOLAIRE (TREOIR 2003/71/CE)
2005

CUID 7

LEASÚ AR NA RIALACHÁIN TRÉDHEARCACHTA (TREOIR 2004/109/CE)
2007

CUID 8

FORÁLACHA D'IONSTRAIMÍ REACHTÚLA ARNA LEASÚ TRÍ “BANC
CEANNAIS NA hÉIREANN” A CHUR IN IONAD “AN BANC CEANNAIS
AGUS ÚDARÁS SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS NA hÉIREANN”

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005	
An tAcht um an mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach 2009	2009, Uimh. 1
An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001	2001, Uimh. 47
<i>Assurance Companies Act</i> 1909	9 Edw 7, c. 49
An tAcht Cumann Foirgníochta 1989	1989, Uimh. 17
An tAcht um an gCiste Carbóin 2007	2007, Uimh. 12
An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001	2001, Uimh. 19
Acht an Bhainc Ceannais 1942	1942, Uimh. 22
Acht an Bhainc Ceannais 1971	1971, Uimh. 24
Acht an Bhainc Ceannais 1989	1989, Uimh. 16
Acht an Bhainc Ceannais 1997	1997, Uimh. 8
Acht an Bhainc Ceannais 1998	1998, Uimh. 2
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003	2003, Uimh. 12
Achtanna an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 1942 go 2009	
An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004	2004, Uimh. 23
Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990	1990, Uimh. 27
Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003	2003, Uimh. 44
Acht na gCuideachtaí 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí 1990	1990, Uimh. 33
An tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001	2001, Uimh. 28
An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995	1995, Uimh. 24
An tAcht um Chosaint Thomhaltóirí 2007	2007, Uimh. 19
An tAcht um Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa 2004	2004, Uimh. 37
An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008	2008, Uimh. 18
An Acht um Chomhar Creidmheasa 1997	1997, Uimh. 15
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010	2010, Uimh. 6
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithphárteach) 2008	2008, Uimh. 7
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005	2005, Uimh. 2
An tAcht um Bainc Forbartha 2005	2005, Uimh. 34
An tAcht um Míchumas 2005	2005, Uimh. 14
An tAcht um Chuntais Dhíomhaoinne 2001	2001, Uimh. 32
Acht na gComhphobal Eorpach 1972	1972, Uimh. 27
Acht na gComhphobal Eorpach 2009	2009, Uimh. 33
An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009	2009, Uimh. 5
An tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí) 2009	2009, Uimh. 13
An tAcht um Aistrihe Airgeadais 1992	1992, Uimh. 27

[2010.] *An tAcht um Athchóiriú an Bhainc* [Uimh. 23.]
Ceannais 2010.

An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006	2006, Uimh. 17
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992	1992, Uimh. 18
An tAcht Árachais (Leasú) 1978	1978, Uimh. 30
An tAcht Árachais (Uimh. 2) 1983	1983, Uimh. 29
An tAcht Árachais 1936	1936, Uimh. 45
An tAcht Árachais 1953	1953, Uimh. 7
An tAcht Árachais 1964	1964, Uimh. 18
An tAcht Árachais 1989	1989, Uimh. 3
An tAcht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2006	2006, Uimh. 30
An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005	2005, Uimh. 12
An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006	2006, Uimh. 41
An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta 1995	1995, Uimh. 11
An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994	1994, Uimh. 24
An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí 1998	1998, Uimh. 37
An tAcht um Margáí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha 2007	2007, Uimh. 37
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004	
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005	
An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009	2009, Uimh. 34
An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007	2007, Uimh. 7
An tAcht um Líonrúchán Conarthaí Airgeadais 1995	1995, Uimh. 25
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	2003, Uimh. 32
An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997	1997, Uimh. 20
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006	
An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003	2003, Uimh. 46
An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983	1983, Uimh. 24
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe) 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001	2001, Uimh. 45
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007	
An tAcht um Thruailliú na Farraige (Substaintí Guaiseacha) (Cúiteamh) 2005	2005, Uimh. 9
An tAcht um Thruailliú na Farraige (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006	2006, Uimh. 29
An tAcht Aturnaetha (Leasú) 1994	1994, Uimh. 27
An tAcht Ionstraimí Reachtúla 1947	1947, Uimh. 44
An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001	
An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais 1989	1989, Uimh. 21
An tAcht um Polasáithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003	2003, Uimh. 2
An tAcht um Iontaobhais Aonad 1990	1990, Uimh. 37



Uimhir 23 de 2010

AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN BHAINC CEANNAIS 2010

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO BHUNÚ BHANC CEANNAIS NA hÉIREANN MAR STRUCHTÚR AONAIR LÁN-CHOMHTHÁITE A mBEIDH BORD AONADACH AIGE — COIMISIÚN AN BHAINC CEANNAIS — A CHUIRFEAR IN IONAD BHORD AN BHAINC CEANNAIS AGUS BHORD ÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS NA hÉIREANN; DO CHUR LEIS AN gCÓRAS RIALÁLA AGUS DO THABHAIRT CUMHACHTAÍ BREISE DON BHANC CEANNAIS, DON GHOBHARNÓIR AGUS DON CHEANNASAÍ RIALÁLA AIRGEADAIS CHUN DOCHAR TROMAÍ IONCHASACH DON CHÓRAS AIRGEADAIS SA STÁT A CHOSC, CHUN TACÚ LE COBHSAÍOCHT AN CHÓRAIS SIN AGUS CHUN ÚSÁIDIRÍ SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS A CHOSAINT; D'AISTRIÚ FEIDHMEANNA ÁIRITHE DE CHUID AN BHAINC CEANNAIS CHUIG AN nGNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA TOMHALTÓIRÍ; DO LEASÚ NA nACHTACHÁN A BHAINNEANN LEIS AN mBANC CEANNAIS AGUS ACHTANNA ÁIRITHE EILE DE DHROIM AN ATHEAGRAITHE SIN; DO LEASÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE RIALÁIL A DHÉANAMH AR IASACHTÓIREACHT AG COMHAIR CHREIDHMHEASA; DO LEATHNÚ AN RÉIMSE DAOINE IS FEIDIR A ÚDARÚ CHUN GNÓTHAÍ ÁRACHÓRA A IMSCRÚDÚ; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[17 Iúil, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH

1.—(1) Féadfar an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus comhlua.

(2) Féadfar Achtanna an Bhainc Ceannais 1942 go 2010 a ghairm d'Achtanna an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 1942 go 2009 agus den Acht seo le chéile.

Tosach feidhme.

2.—(1) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir críche nó forála áirithe. Féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(2) Féadfar le hordú faoi *fho-alt (1)*, i ndáil leis na leasuithe ar Achtanna agus ar ionstraimí reachtúla a leagtar amach i *Sceidil I* go 3, laethanta éagsúla a cheapadh chun Achtanna nó ionstraimí reachtúla éagsúla a leasú nó chun forálacha éagsúla díobh a leasú.

Léiriú.

3.—(1) San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1942” Acht an Bhainc Cheannais 1942;

ciallaíonn “dáta scoir” an lá deiridh a bheidh alt 33B d’Acht 1942 i ngníomh.

(2) Aon abairt a úsáidtear san Acht seo agus in Acht 1942 freisin, tá an bhrí chéanna leis san Acht seo atá leis in Acht 1942, mura léir a mhalairt a bheith ar intinn.

CUID 2

ATHCHÓIRIÚ AR BHANC CEANNAIS NA HÉIREANN — FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS COSANTACHA

Socruithe
idirthréimhseacha i
ndáil le sealbhóirí
oifige áirithe.

4.—(1) An duine a shealbhaigh, an dáta scoir, oifig Phríomh-Fheidhmeannach an Údaráis Rialála (de réir na brí arna tabhairt an tráth sin le hAcht 1942), measfar, an lá ina dhiaidh sin, é nó í a bheith ceaptha mar an Ceannasaí Rialála Airgeadais.

(2) Faoi réir *fho-alt (5)*, sealbhóidh an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* oifig an Cheannasaí Rialála Airgeadais go dtí an tráth a rachadh a cheapachán nó a ceapachán mar Phríomh-Fheidhmeannach an Údaráis Rialála in éag.

(3) Measfar an duine a shealbhaigh, an lá scoir, oifig Ard-Stiúrthóra an Bhainc a bheith ceaptha, an lá dár gcionn, mar an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, maidir leis an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, sealbhóidh sé nó sí oifig an Cheannasaí Baincéireachta Ceannais go dtí an tráth a rachaidh a cheapachán nó a ceapachán mar Ard-Stiúrthóir an Bhainc in éag.

(5) Féadfar duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó (3) a chur as oifig ar na cúiseanna céanna, agus ar an gcaoi chéanna, le duine arna cheapadh nó arna ceapadh chun oifig a shealbhú mar Cheannasaí Feidhme faoi alt 23B d’Acht 1942.

(6) Tá éifeacht leis an alt seo d’ainneoin ailt 23B(2) agus 23C(2) d’Acht 1942.

Cearta fostaithe a
chaomhnú.

5.—Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo difear do théarmaí agus coinníollacha fostaíochta aon oifigigh don Bhanc ná aon fhostaí dá chuid, seachas sealbhóirí oifige reachtúla a scoirfidh de bheith ar marthain mar gheall ar leasuithe ar Acht 1942 a dhéantar leis an Acht seo.

6.—(1) San alt seo—

Socrúithe chun
fostaithe áirithe a
bheith ar iasacht.

ciallaíonn “fostaí ar iasacht” fostaí a bheidh ar iasacht ón mBanc chun na Gníomhaireachta faoi shocrúithe dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2).

(2) Féadfaidh an Banc agus an Ghníomhaireacht socruithe a dhéanamh chun go mbeidh fostaithe de chuid an Bhainc ar iasacht ag an nGníomhaireacht chun críocha aon fheidhme a aistrítear ón mBanc chun na Gníomhaireachta de bhun leasuithe ar Acht 1942 a dhéantar leis an Acht seo.

(3) Féadfaidh fostaí ar iasacht rogha a dhéanamh chun teacht chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na Gníomhaireachta aon tráth go dtí an 29 Feabhra 2012.

(4) Maidir le fostaí ar iasacht nach ndéanann rogha faoi *fho-alt* (3) leanfaidh sé nó sí de bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhainc go dtí an 29 Feabhra 2012. Maidir lena théarmaí fostaíochta nó a téarmaí fostaíochta (lena n-áirítear aon téarma lena dtabharfar ceart chun méadú ar luach saothair) leanfar leis na téarmaí fostaíochta sin ab infheidhme maidir lena fhostaíocht nó a fostaíocht ag an mBanc.

(5) An 1 Márta 2012, measfar maidir le fostaí ar iasacht nach ndearna rogha faoi *fho-alt* (3) gur roghnaigh sé nó sí leanúint de bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhainc.

(6) Beidh éifeacht le rogha ag duine faoi *fho-alt* (3) chun teacht chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na Gníomhaireachta, más rud é agus más rud é amháin, go dtoileoidh príomhoifigeach feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, an tAire Airgeadais agus an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta go léir leis. Má thoilíonn siad go léir amhlaidh, beidh éifeacht leis an rogha díreach tar éis an toiliú is déanaí de na toilithe sin a thabhairt. Go dtí an tráth sin, leanfaidh an fostaí lena mbaineann de bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhainc.

(7) Má roghnaíonn fostaí ar iasacht teacht chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na Gníomhaireachta, ní lú fabhar na téarmaí fostaíochta ag an nGníomhaireacht an tráth a bheidh éifeacht leis an rogha ná téarmaí a fhostaíochta nó a fostaíochta ag an mBanc an tráth sin (ach sin faoi réir aon fhorála in aon achtachán).

(8) Má aistrítear fostaíocht duine faoin alt seo, déanfar seirbhís an duine roimhe sin leis an mBanc a áireamh mar sheirbhís chun críocha na nAchtanna seo a leanas:

- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007;
- (b) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001;
- (c) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe) 2003;
- (d) an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997;
- (e) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001;

- (f) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005;
- (g) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007;
- (h) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004;
- (i) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006;
- (j) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005;
- (k) an tAcht um Shaoire Cúramóra 2001.

Cosaint i leith rialachán, rialacha, cód áirithe, etc.

7.—(1) Aon ionstraim (cibé acu is rial, rialachán, ordú nó cód cleachtas nó aon tuairisc eile an tuairisc a thugtar uirthi, agus cibé acu is ionstraim reachtúil í lena mbaineann an tAcht Ionstraimí Reachtúla 1947 go príomha nó nach ea), arna déanamh nó arna heisiúint ag an Údarás Rialála nó ag an Stiúrthóir Tomhaltas nó thar ceann an chéanna, a bheidh i bhfeidhm an dáta scoir, beidh an fheidhm chéanna aici agus an éifeacht chéanna léi tar éis an dáta sin a bhí aici an dáta sin.

(2) Féadfaidh an Banc ionstraim dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chúlghairm nó a leasú amhail is dá mba é an Banc a rinne í.

Cosaint i leith scéimeanna áirithe.

8.—(1) Ní dhéanann aisghairm alt 33 d'Acht 1942 leis an Acht seo aon difear d'aon scéim a rinne an Banc nó an Gobharnóir faoin alt sin agus atá fós i ngníomh, ná d'aon chearta atá ag aon duine faoi scéim den sórt sin.

(2) Féadfaidh an Banc scéim dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a leasú amhail is nár aisghaireadh alt 33 d'Acht 1942.

Iarratais, etc., a dhéantar chun an Údarás Rialála.

9.—(1) Aon iarratas ar cheadúnas, údarú nó cead (cibé slí a dtuairiscítear iad), arna dhéanamh chun an Údarás Rialála, an dáta scoir nó roimhe, beidh an éifeacht leis, tar éis an dáta sin, a bheadh leis dá ndéanfaí é chun an Bhainc.

(2) Ní mheastar go n-athraíonn aon ní i *bhfo-alt (1)* an dáta a rinneadh iarratas dá dtagraítear san fho-alt sin.

Faisnéis atá i seilbh an Údarás Rialála.

10.—(1) Maidir le taifid an Údarás Rialála agus faisnéis a bhí i seilbh an Údarás Rialála an dáta scoir tiocfaidh siad i seilbh an Bhainc an lá tar éis an dáta scoir.

(2) Tá na cearta agus na cumhachtaí céanna ag an mBanc, agus na dualgais chéanna agus na hoibleagáidí céanna air, i ndáil le taifid agus faisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, a bhí ag agus ar an Údarás Rialála, an dáta scoir.

(3) Go sonrath, gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*—

- (a) féadfaidh an Banc aird a thabhairt ar aon taifead nó aon fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, le linn a fheidhmeanna rialála a chur i gcrích faoi Acht 1942, arna leasú leis an Acht seo,

- (b) féadfaidh an Banc aird a thabhairt, go sonrath, ar aon taifead nó aon fhaisnéis den sórt sin chun a chinneadh an ndearna duine cion (cibé acu i gcoinne *Achtanna an Bhainc Ceannais 1942 go 2010* nó i gcoinne aon dlí eile), agus
- (c) tá na cumhachtaí céanna ag an mBanc, agus tá na hoibleagáidí céanna air, chun plé le taifid agus faisnéis den sórt sin (lena n-áirítear maidir leis an bhfaisnéis sin a nochtadh d'údarás eile de réir alt 33AK d'Acht 1942) a bhí ag an Údarás Rialála an dáta scoir.

11.—(1) Gníomh rialála arna dhéanamh ag an Údarás Rialála an dáta scoir nó roimhe, agus nach mbeidh ó fheidhm cheana féin, leanann sé d'éifeacht a bheith leis de réir a théarmaí. Féadfaidh an Banc gníomh rialála den sórt sin a fhorfheidhmiú.

Gníomh rialála arna dhéanamh ag an Údarás Rialála.

(2) I *bhfo-alt (1)*, folaíonn “gníomh rialála” aon ordachán, ordú, ceanglas, smachtbhanna, coinníoll, ceapachán nó iarraidh (cibé slí a dtuairiscítear é nó í) de chineál rialála a rinne, a thug nó a d'fhorchuir an tÚdarás Rialála.

12.—(1) Féadfaidh an Banc leanúint le fiosrúchán arna ghabháil de láimh ag an Údarás Rialála faoi Chaibidil 2 agus Caibidil 3 de Chuid IIIC d'Acht 1942 an dáta scoir nó roimhe, agus nach mbeidh críochnaithe cheana féin. Féadfaidh an Banc gníomh rialála a dhéanamh ar bhonn fiosrúcháin den sórt sin.

Fiosrúcháin, etc., arna ngabháil de láimh ag an Údarás Rialála.

(2) Maidir le measúnóir arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Údarás Rialála, an dáta scoir nó roimhe—

- (a) faoi Chuid 5 de na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005,
- (b) faoi Chuid 5 de na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005, nó
- (c) faoi Chuid 10 de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007,

féadfaidh sé nó sí, mura mbeidh an mheasúnacht ar ceapadh é nó í lena haghaidh críochnaithe an dáta sin, leanúint den mheasúnacht sin a dhéanamh. Féadfaidh an Banc gníomh rialála a dhéanamh ar bhonn measúnachta den sórt sin.

(3) I *bhfo-ailt (1)* agus (2), folaíonn “gníomh rialála” aon ordachán, ordú, ceanglas, ceadú, coinníoll, ceapachán nó iarraidh (cibé slí a dtuairiscítear é nó í) de chineál rialála a fhéadfaidh an Banc a dhéanamh, a thabhairt nó a fhorchur.

13.—(1) Más rud é gur páirtí in aon imeachtaí dlí an tÚdarás Rialála, an dáta scoir, ansin meastar, díreach tar éis an dáta sin, an Banc a bheith curtha in ionad an Údaráis Rialála mar pháirtí den sórt sin.

Imeachtaí dlí ar pháirtí iontu an tÚdarás Rialála.

(2) Ní dhéanann aon ní i *bhfo-alt (1)* aon cheart (lena n-áirítear, go háirithe, aon cheart chun follasú doiciméad a lorg) nach raibh ar fáil, nó nach bhfuil ar fáil níos mó, i gcoinne an Údaráis Rialála a chur ar fáil i gcoinne an Bhainc.

(3) Aon ordú ó chúirt nó ón mBinse Achomhairc i gcoinne an Údaráis Rialála, tá éifeacht leis, tar éis an dáta scoir, amhail ordú i gcoinne an Bhainc.

(4) San alt seo, folaíonn “imeachtaí dlí”—

(a) achomharc chun an Bhinse Achomhairc, agus

(b) ionchúiseamh i gcás gurb é an tÚdarás Rialála an t-ionchúisitheoir.

Leasuithe ar
Achtanna an
Bhainc Ceannais.

14.—(1) Leasaítear Acht 1942 mar atá leagtha amach i *gCuid 1* de *Sceideal 1*.

(2) Leasaítear Codanna IIIC, VIIA agus VIIB d’Acht 1942 tuilleadh mar a leanas:

(a) tríd an leagan cuí gramadaí de “Údarás Rialála” a scriosadh agus an leagan comhfhreagrach de “Banc” a chur ina ionad gach áit a bhfuil sé;

(b) tríd an leagan cuí gramadaí de “an tÚdarás sin” a scriosadh agus an leagan comhfhreagrach de “an Banc” a chur ina ionad gach áit a bhfuil sé.

(3) Aisghairtear forálacha Acht 1942 mar atá leagtha amach i *gCuid 2* de *Sceideal 1*.

(4) Leasaítear Acht an Bhainc Ceannais 1971 mar atá leagtha amach i *gCuid 3* de *Sceideal 1*.

(5) Leasaítear Acht an Bhainc Ceannais 1989 mar atá leagtha amach i *gCuid 4* de *Sceideal 1*.

(6) Leasaítear Acht an Bhainc Ceannais 1997 mar atá leagtha amach i *gCuid 5* de *Sceideal 1*.

(7) Leasaítear Acht an Bhainc Ceannais 1998 mar atá leagtha amach i *gCuid 6* de *Sceideal 1*.

Leasuithe ar
Achtanna eile.

15.—(1) Leasaítear an tAcht um an mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach 2009 mar atá leagtha amach i *gCuid 1* de *Sceideal 2*.

(2) Leasaítear Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 mar atá leagtha amach i *gCuid 2* de *Sceideal 2*.

(3) Leasaítear an tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 mar atá leagtha amach i *gCuid 3* de *Sceideal 2*.

(4) Leasaítear an tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí mar atá leagtha amach i *gCuid 4* de *Sceideal 2*.

(5) Leasaítear an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 mar atá leagtha amach i *gCuid 5* de *Sceideal 2*.

(6) Leasaítear an tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 mar atá leagtha amach i *gCuid 6* de *Sceideal 2*.

(7) Leasaítear an tAcht um Chomhar Creidmheasa mar atá leagtha amach i *gCuid 7* de *Sceideal 2*.

(8) Leasaítear an tAcht um Míchumas 2005 mar atá leagtha amach i *gCuid 8 de Sceideal 2*.

(9) Leasaítear an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 mar atá leagtha amach i *gCuid 9 de Sceideal 2*.

(10) Leasaítear an tAcht Árachais 1989 mar atá leagtha amach i *gCuid 10 de Sceideal 2*.

(11) Leasaítear an tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 mar atá leagtha amach i *gCuid 11 de Sceideal 2*.

(12) Leasaítear Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 mar atá leagtha amach i *gCuid 12 de Sceideal 2*.

(13) Leasaítear an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 mar atá leagtha amach i *gCuid 13 de Sceideal 2*.

(14) Leasaítear gach achtachán eile a shonraítear i *gCuid 14 de Sceideal 2* tríd an leagan cuí gramadaí de “an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann” a scríosadh agus an leagan comhfhreagrach de “Banc Ceannais na hÉireann” a chur ina ionad.

16.—(1) Leasaítear na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe ar Chomhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí) 2004 (I.R. Uimh. 699 de 2004) mar atá leagtha amach i *gCuid 1 de Sceideal 3*.

Leasuithe ar ionstraimí reachtúla.

(2) Leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhaontuithe Creidmheasa do Thomhaltóirí) 2010 (I.R. Uimh. 281 de 2010) mar a leagtar amach i *gCuid 2 de Sceideal 3*.

(3) Leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhar idir Údaráis Náisiúnta atá Freagrach as Dlíthe Cosanta Tomhaltóirí a Fhorfheidhmiú) 2006 (I.R. Uimh. 290 de 2006) mar atá leagtha amach i *gCuid 3 de Sceideal 3*.

(4) Leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2003 (I.R. Uimh. 211 de 2003) mar atá leagtha amach i *gCuid 4 de Sceideal 3*.

(5) Leasaítear na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005 (I.R. Uimh. 342 de 2005) mar atá leagtha amach i *gCuid 5 de Sceideal 3*.

(6) Leasaítear na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 (I.R. Uimh. 324 de 2005) mar atá leagtha amach i *gCuid 6 de Sceideal 3*.

(7) Leasaítear na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 (I.R. Uimh. 277 de 2007) mar atá leagtha amach i *gCuid 7 de Sceideal 3*.

(8) Má fhoráiltear le foráil d’Ordú arna dhéanamh de bhun alt 4 den Acht um Aistrithe Airgeadais 1992 go bhféadfaidh an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ordacháin a thabhairt nó treoracha a eisiúint chun aon chríche, leasaítear an fhoráil tríd an leagan cuí gramadaí de “an Banc Ceannais agus

Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann” a scriosadh agus an leagan comhfhreagrach de “Banc Ceannais na hÉireann” a chur ina ionad.

(9) Má fhoráiltear le foráil de Rialacháin arna ndéanamh de bhun alt 3 d’Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (ar Rialacháin iad a rinneadh chun críche Rialacháin ón gCoimisiún Eorpach nó ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh lena bhforchuirtear smachtbhannaí airgeadais) go bhféadfaidh an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ordacháin a thabhairt nó teoracha a eisiúint chun aon chríche, leasaítear an fhoráil tríd an leagan cuí gramadaí de “an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann” a scriosadh agus an leagan comhfhreagrach de “Banc Ceannais na hÉireann” a chur ina ionad.

(10) Má fhoráiltear le foráil de Rialacháin arna ndéanamh de bhun alt 42(6) den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 go bhféadfaidh an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ordacháin a thabhairt nó teoracha a eisiúint chun aon chríche, leasaítear an fhoráil tríd an leagan cuí gramadaí de “an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann” a scriosadh agus an leagan comhfhreagrach de “Banc Ceannais na hÉireann” a chur ina ionad.

(11) Leasaítear gach foráil d’ionstraim reachtúil a shonraítear i *gCuid 8 de Sceideal 3* tríd an leagan cuí gramadaí de “an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann” a scriosadh gach áit a bhfuil sé agus an leagan comhfhreagrach de “Banc Ceannais na hÉireann” a chur ina ionad.

(12) Maidir le leasú ar ionstraim reachtúil leis an alt seo, ní choisceann sé ná ní shrianann sé leasú na hionstraime nó cúlghairm na hionstraime ina dhiaidh sin le hionstraim reachtúil eile

Forléiriú tagairtí áirithe.

17.—(1) Aon tagairt do Bhord an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann in achtachán nó i bhforáil d’ionstraim reachtúil, forléireofar í, tar éis an dáta scoir, mar thagairt don Choimisiún.

(2) Aon tagairt do chomhalta de Bhord an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann in achtachán nó i bhforáil d’ionstraim reachtúil, forléireofar í, tar éis an dáta scoir, mar thagairt do chomhalta den Choimisiún.

(3) Aon tagairt do Phríomh-Fheidhmeannach Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann in achtachán nó i bhforáil d’ionstraim reachtúil, forléireofar í, tar éis an dáta scoir, mar thagairt don Cheannasaí Rialála Airgeadais.

(4) Aon tagairt eile don Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann in achtachán nó i bhforáil d’ionstraim reachtúil, forléireofar í, tar éis an dáta scoir, mar thagairt don Bhanc.

(5) Aon tagairt eile d’Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (mar “an tÚdarás Rialála” nó ar aon slí eile) in achtachán nó i bhforáil d’ionstraim reachtúil, forléireofar í, tar éis an dáta scoir, mar thagairt don Bhanc.

CUID 3

CUMHACHTAÍ AN BHAINC I NDÁIL LE HOIFIGIGH, ETC., DO
SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE AIRGEADAIS

CAIBIDIL 1

Réamhráiteach

18.—(1) Sa Chuid seo—

Mínithe (*Cuid 3*).

ciallaíonn “Cúirt” an Ard-Chúirt;

ciallaíonn “fógra fianaiseach” fógra faoi *alt 32*;

ciallaíonn “feidhm rialaithe” feidhm a fhorordaítear i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 20*;

forléireofar “feidhm rialaithe réamhcheadaitheach” de réir *alt 22*;

ciallaíonn “fógra fionraí” fógra faoi *alt 26*.

(2) Beidh feidhm ag an gCuid seo maidir le soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais nach comhair chreidmheasa, agus i ndáil leis an gcéanna.

(3) Ar dháta, agus ó dháta, a shocróidh an tAire le hordú, beidh feidhm ag an gCuid seo maidir le gach soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, lena n-áirítear comhair chreidmheasa, agus i ndáil leis an gcéanna.

CAIBIDIL 2

Feidhmeanna rialaithe

19.—Sa Chaibidil seo, tá an bhrí chéanna le “oibleagáidí iomchuí” Míniú (*Caibidil 2*).
atá leis i gCuid IV d’Acht an Bhainc Ceannais 1997.

20.—(1) Féadfaidh an Banc rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar feidhmeanna atá le bheith ina bhfeidhmeanna rialaithe. Feidhmeanna rialaithe.

(2) Ní ceadmhach don Bhanc feidhm a fhorordú faoi *fho-alt (1)* ach amháin más rud é gur feidhm i ndáil le soláthar seirbhíse airgeadais an fheidhm agus—

- (a) gur dócha go gcumasóidh sí don duine a bheidh freagrach as a comhlíonadh tionchar suntasach a imirt ar sheoladh gnóthaí soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais,
- (b) go mbaineann sí le comhlíonadh a oibleagáidí iomchuí ag soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais a chinntiú nó a rialú, nó le faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin, nó
- (c) gur dócha go mbeidh páirt ag an duine atá freagach as a feidhmiú i soláthar seirbhíse airgeadais ag soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar shlí amháin nó níos mó de na slí seo a leanas:

- (i) comhairle nó cúnamh a thabhairt do chustaiméir de chuid an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais i gcúrsa an tseirbhís airgeadais a sholáthar, nó i ndáil leis an soláthar sin;
- (ii) déileáil i maoin nó rialú a bheith aige nó aici ar mhaoin de chuid custaiméara de chuid an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais dá soláthraítear seirbhís airgeadais, nó dá mbeidh seirbhís airgeadais le soláthar, cibé acu a shealbhaítear an mhaoin sin in ainm an chustaiméara nó in ainm duine éigin eile;
- (iii) déileáil i maoin nó le maoin thar ceann an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó treoracha nó ordacháin a sholáthar i ndáil le déileáil den sórt sin.

(3) Feidhm rialaithe a sheolann duine nó comhpháirtíocht nó eintiteas, nach soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, leanann sí de bheith ina feidhm rialaithe.

(4) Leanann feidhm rialaithe de bheith ina feidhm rialaithe, fiú amháin más rud é—

- (a) go seoltar í in oifig nó in ionad lasmuigh den Stát,
- (b) go seoltar í in oifig nó in ionad le duine eile, cibé acu is soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais an duine eile nó nach ea, nó
- (c) go mbaineann sí le gnó soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais atá bunaithe sa Stát ach a sheolann an soláthraí sin lasmuigh den Stát.

(5) Féadfar a fhorordú gur feidhm rialaithe feidhm i ndáil le haicme shonraithe nó aicmí sonraithe soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais nó i ndáil le soláthraithe rialáilte seirbhísí airgeadais i gcoitinne.

(6) Tabharfaidh an Banc don Aire cóip d'aon rialacháin a rinne sé faoin alt seo a luaithe is indéanta tar éis na rialacháin a dhéanamh agus cuirfidh an tAire, a luaithe is féidir, faoi deara cóip de na rialacháin a leagan faoi bhráid gach aon Tí den Oireachtas.

Feidhm caighdeán feidhmiúlachta agus cuibhis.

21.—(1) Ní cheadóidh soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais do dhuine feidhm rialaithe a chomhlíonadh, mura rud é —

- (a) gur deimhin leis an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, ar fhorais réasúnacha, go gcomhlíonann an duine aon chaighdeán feidhmiúlachta agus cuibhis atá i gcód arna eisiúint faoi *alt 50*, agus
- (b) gur chomhaontaigh an duine cloí le haon chaighdeán den sórt sin.

(2) Féadfaidh an Banc caighdeán fheidhmiúlachta agus chuibhis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur i gcuntas nuair a bheidh sé ag comhlíonadh a fheidhmeanna agus ag feidhmiú a chumhachtaí.

22.—(1) Is feidhm rialaithe réamhcheadaitheach feidhm, más rud é—

Feidhmeanna
rialaithe
réamhcheadaitheacha.

- (a) go bhforordaítear amhlaidh í i rialacháin arna ndéanamh de bhun *fho-alt* (2), nó
- (b) gur dhearbhaigh an Banc le fógra scríofa de bhun *fho-alt* (8) gur feidhm rialaithe réamhcheadaitheach í.

(2) Féadfaidh an Banc a fhorordú le rialachán gur feidhm rialaithe réamhcheadaitheach feidhm rialaithe, más feidhm lena bhféadfaidh duine tionchar suntasach a bheith aige nó aici ar sheoladh gnóthaí soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais an fheidhm. Agus é ag forordú feidhme den sórt sin, féadfaidh an Banc an fheidhm a thuiriscíú nó a shainithint faoi threoir teidil is gnách a thabhairt ar dhuine a chomhlíonann an fheidhm.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (2), féadfaidh an Banc, de bhun an *fho-ailt* sin, a fhorordú gur feidhm rialaithe réamhcheadaitheach feidhm rialaithe, más rud é—

- (a) go dtuairiscíonn an duine a chomhlíonann an fheidhm go díreach—
 - (i) do dhuine a shealbhaíonn oifig nó post a luaitear i bhfomhír *d'fho-alt* (4)(a), nó
 - (ii) do dhuine dá dtagraítear i *mír* (b) nó (c) *d'fho-alt* (4), agus
- (b) gur deimhin leis an mBanc maidir le forordú na feidhme ina feidhm rialaithe réamhcheadaitheach—
 - (i) gur cóir é ar fhorais mhéid nó chastacht an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó méid nó castacht a ghnó, agus
 - (ii) gur gá é nó go bhfuil sé críonna é a dhéanamh d'fhonn a fhíorú go bhfuil an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ag comhlíonadh a oibleagáidí iomchuí.

(4) Chun críocha *fho-alt* (2)—

- (a) i gcás soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar comhlacht corpraithe d'aicme fhorordaithe é, measfar maidir le duine a shealbhaíonn ceann ar bith de na poist nó de na hoifigí seo a leanas i soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó a chomhlíonann dualgais ceann ar bith de na poist nó de na hoifigí sin, go bhfuil tionchar suntasach aige nó aici ar sheoladh gnóthaí an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais:
 - (i) oifig an stiúrthóra;
 - (ii) oifig an phríomhfheidhmeannaigh;
 - (iii) oifig an rúnaí;
 - (iv) faoi reir *fho-alt* (3), oifig nó post a dtuairiscíonn a sealbhóir nó a shealbhóir go díreach—
 - (I) do dhuine a shealbhaíonn oifig nó post dá dtagraítear i bhfomhír (i), (ii) nó (iii), nó

(II) do dhuine dá dtagraítear i *mír (b)* nó *(c)*,

- (b) maidir le comhpháirtíocht ar soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais d'aicme fhorordaithe í, measfar go bhfuil tionchar suntasach ag gach comhalta di ar sheoladh gnóthaí an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, agus
- (c) más soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais d'aicme fhorordaithe duine nádúrtha, measfar go bhfuil tionchar suntasach aige nó aici ar sheoladh gnóthaí an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais.

(5) Chun críocha *fho-alt (4)(a)*, féadfaidh an Banc comhlachtaí corpraithe d'aicme shonraithe a fhorordú, nó a fhorordú gur aicme na comhlachtaí corpraithe go léir. Le linn comhlachtaí corpraithe d'aicme áirithe a fhorordú, féadfaidh an Banc an aicme a mhíniú faoi threoír aon sainghné comhchoitinne de chuid na haicme, lena n-áirítear go háirithe an cineál gnó dá ngabhtar, nó méid chlár chomhardaithe na gcomhlachtaí corpraithe.

(6) Chun críocha *mhír (b)* nó *(c)* d'*fho-alt (4)*, féadfaidh an Banc soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais ar comhpháirtíochtaí nó daoine nádúrtha, de réir mar a bheidh, d'aicme áirithe iad a fhorordú, nó féadfaidh sé a fhorordú gur aicme na soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais go léir ar comhpháirtíochtaí nó daoine nádúrtha iad. Le linn soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais ar comhpháirtíochtaí nó daoine nádúrtha d'aicme áirithe iad a fhorordú, féadfaidh an Banc an aicme a mhíniú faoi threoír aon sainghné comhchoitinne de chuid na haicme, lena n-áirítear go háirithe an cineál gnó dá ngabhtar, nó láimhdeachas bliantúil na gcomhpháirtíochtaí nó na ndaoine nádúrtha lena mbaineann.

(7) Rialacháin a dhéantar faoin alt seo, féadfar iad a dhéanamh san ionstraim chéanna le rialacháin a dhéantar faoi *alt 20*.

(8) Féadfaidh an Banc a dhearbhu trí fhógra i scríbhinn a sheirbheáil ar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais gur feidhm rialaithe réamhcheadaitheach feidhm arna comhlánú ag an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, don tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó thar ceann an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, más rud é—

- (a) go bhfuil an duine a chomhlíonann an fheidhm bainteach le bainistiú an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais,
- (b) nach bhforordaítear i rialacháin arna ndéanamh de bhun *fho-alt (2)* gur feidhm rialaithe réamhcheadaitheach an fheidhm, agus
- (c) nach gcomhlíonann aon duine eile sa tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais feidhm rialaithe réamhcheadaitheach.

Daoine a cheapadh chun feidhmeanna rialaithe réamhcheadaitheacha a chomhlíonadh.

23.—(1) Ní thairgfídh soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais duine a cheapadh chun feidhm rialaithe réamhcheadaitheach a chomhlíonadh mura mbeidh ceapachán an duine chun an fheidhm a chomhlíonadh ceadaithe i scríbhinn ag an mBanc. Aon tairiscint a dhéanfar de shárú ar an bhfo-alt seo, ní dhéanfar oibleagáid chonarhach léi.

(2) Chun breithniú a dhéanamh i dtaobh cé acu a cheadófar nó nach gceadófar duine faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an Banc, trí fhógra i scríbhinn, a iarraidh ar an duine, nó ar oifigeach sonraithe don soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ag a bhfuil beartaithe an duine a cheapadh chun feidhm rialaithe a chomhlíonadh, nó ar fhostaí sonraithe dá chuid, aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:

- (a) doiciméad sonraithe nó doiciméid shonraithe a thabhairt ar aird don Bhanc;
- (b) faisnéis shonraithe a sholáthar don Bhanc;
- (c) doiciméid de chineál a thuairiscítear san fhógra a thabhairt ar aird don Bhanc;
- (d) ceist nó ceisteanna a leagtar amach san fhógra a fhreagairt;
- (e) freastal os comhair oifigigh shonraithe don Bhanc nó fostaí shonraithe de chuid an Bhainc le haghaidh agallaimh.

(3) Sonrófar i bhfógra faoi *fho-alt (2)* dáta agus am faoina soláthróidh, agus áit ina soláthróidh, an duine an doiciméad nó na doiciméid nó an fhaisnéis, faoina soláthróidh agus ina soláthróidh sé nó sí freagraí ar an gceist nó ar na ceisteanna, nó faoina bhfreastalóidh nó ina bhfreastalóidh sé nó sí le haghaidh agallaimh, de réir mar a bheidh.

(4) Ní cheanglaítear ar dhuine le haon ní i *bhfo-alt (2)* ná le haon fhógra arna thabhairt ag an mBanc faoin bhfo-alt sin—

- (a) doiciméad a thabhairt ar aird don Bhanc nach bhféadfaí iallach a chur ar an duine é a thabhairt ar aird do chúirt,
- (b) faisnéis a thabhairt don Bhanc nach bhféadfaí iallach a chur ar an duine í a thabhairt do chúirt, ná
- (c) ceist a fhreagairt (cibé acu i scríbhinn nó ag agallamh) nach bhféadfaí iallach a chur ar an duine í a fhreagairt i gcúirt.

(5) Féadfaidh an Banc diúltú ceapachán duine a cheadú chun críocha *fho-alt (1)*, más rud é—

- (a) gurb é tuairim an Bhainc nach bhfuil ag an duine an fheidhmiúlacht agus an cuibheas is cúí chun an fheidhm a mbeartaítear é nó í a cheapadh ina leith a chomhlíonadh, nó
- (b) nach bhfuil an Banc in ann cinneadh a dhéanamh, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil di, i dtaobh an bhfuil an fheidhmiúlacht agus an cuibheas sin ag an duine.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (5)*, féadfaidh an Banc diúltú ceapachán duine a cheadú faoi *fho-alt (1)*, más rud é—

- (a) gur mhainnigh an duine, nó oifigeach don soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann, nó fostaí dá chuid nó dá cuid, déanamh de réir iarrata faoi *fho-alt (2)*, nó

(b) go bhfuil feidhm ag aon cheann de na forais a leagtar amach i *míreanna* (a) go (g) *d’alt* (25)(3).

(7) Is breith inachomhairc chun críocha Chuid VIIA d’Acht 1942 diúltú de bhun *fho-alt* (5).

CAIBIDIL 3

Fionraí agus imscrúdú ar fheidhmiúlacht agus cuibheas daoine a chomhlíonann feidhmeanna rialaithe, etc.

Míniú (*Caibidil 3*).

24.—Sa Chaibidil seo, ciallaíonn “duine fionraithe” duine is ábhar d’fhógra fionraí.

Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais feidhmiúlacht agus cuibheas daoine a imscrúdú.

25.—(1) Más rud é, i ndáil le duine lena mbaineann *fo-alt* (2), gurb é tuairim an Ceannasaí Rialála Airgeadais—

(a) go bhfuil cúis ann drochamhras a bheith aige nó aici maidir le feidhmiúlacht agus cuibheas an duine chun an fheidhm rialaithe iomchuí a chomhlíonadh, agus

(b) gur cóir sna himthosca imscrúdú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht agus cuibheas an duine,

féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais imscrúdú a dhéanamh, de réir na Caibidle seo, i ndáil le feidhmiúlacht agus cuibheas an duine chun an fheidhm rialaithe a chomhlíonadh.

(2) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le duine—

(a) má chomhlíonann an duine feidhm rialaithe i ndáil le soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais,

(b) más rud é, go bhfios don Ceannasaí Rialála Airgeadais, go mbeartaíonn soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais an duine a cheapadh chun feidhm rialaithe a chomhlíonadh (seachas feidhm rialaithe réamhcheadaitheach), nó

(c) má tá cúis ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais lena chreidiúint go bhfuil soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ag breithniú an duine a cheapadh chun feidhm rialaithe a chomhlíonadh (seachas feidhm rialaithe réamhcheadaitheach).

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (1), féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais an tuairim dá dtagraítear san *fho-alt* sin a cheapadh, más rud é go bhfuil ábhar drochamhras ann—

(a) nach bhfuil an taithí, na cáilíochtaí nó na scileanna ag an duine atá riachtanach chun an fheidhm rialaithe, an chuid den fheidhm rialaithe nó aon fheidhm rialaithe, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh go cuí éifeachtach,

(b) nach gcomhlíonann an duine caighdeán infheidhme feidhmiúlachta agus cuibhis i gcód arna eisiúint de bhun *alt 50*,

(c) gur ghabh an duine do mhí-iompar tromchúiseach i ndáil le gnó soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais,

- (d) gur thug an duine faisnéis go díreach nó go neamhdhíreach don Bhanc, don Ghobharnóir nó don Cheannasaí Rialála Airgeadais (cibé acu de bhun na Coda seo nó ar shlí eile) arbh eol don duine, nó ar chóir gurbh eol dó nó di, í a bheith bréagach nó míthreorach,
- (e) gur thug an duine faisnéis go díreach nó go neamhdhíreach do dhuine eile arbh eol dó nó di, nó ar chóir gurbh eol dó nó di, í a bheith bréagach nó míthreorach d'fhonn í a thabhairt don Bhanc, don Ghobharnóir nó don Cheannasaí Rialála Airgeadais,
- (f) gur chuir an duine faoi deara nó gur fhéach sé nó sí lena chur faoi deara gan faisnéis, a d'iarr Ceannasaí Rialála Airgeadais, trí fhógra fianaiseach, ar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó ar dhuine atá ag comhlíonadh feidhm rialaithe, a sholáthar faoin dáta dlite,
- (g) gur mhainnigh an duine fógra fianaiseach a chomhlíonadh, nó
- (h) gur ciontaíodh an duine i gcion (cibé acu sa Stát nó lasmuigh den Stát) arb éard é sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó i gcion lena ngabhann calaais, mímhacántacht nó sárú iontaoibhe.

26.—(1) Má tá, nó má bhí, feidhmiúlacht agus cuibheas duine ina n-ábhair imscrúdaithe faoi *alt 25*, agus más deimhin leis an gCeannasaí Rialála Airgeadais gur gá, ar mhaithe le rialáil chuí ar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann, nach gcomhlíonfaidh an duine an fheidhm rialaithe iomchuí, ná aon fheidhm rialaithe, le linn don Cheannasaí Rialála Airgeadais, don Bhanc nó don Ghobharnóir, de réir mar a bheidh, aon fheidhm a chomhlíonadh i ndáil leis an duine faoin gCaibidil seo nó faoi *Chaibidil 4*, féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fógra a eisiúint (dá ngairtear “fógra fionraí” sa Chuid seo) i ndáil leis an duine.

Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fógra fionraí a eisiúint, etc.

(2) Le linn dó nó di breithniú a dheanamh i dtaobh fógra fionraí a eisiúint, beidh aird shonrach ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais ar na nithe seo a leanas, i gcás gur cuí—

- (a) an gá atá ann dochar tromaí ionchasach don chóras airgeadais sa Stát a chosc agus cobhsaíocht leanúnach an chórais sin a chinntiú, agus
- (b) an gá atá ann úsáidirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

(3) Sula n-eisítear fógra fionraí sna himthosca dá dtagraítear in *alt 25(2)(c)*, fiafróidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais i scríbhinn den soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann an bhfuil sé ag breithniú iarbhír an duine lena mbaineann a cheapadh chun an fheidhm rialaithe chuí a chomhlíonadh. Má dhaingníonn an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais i scríbhinn nach bhfuil sé ag breithniú an ceapachán sin, ní eiseoidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais an fógra, ach amháin go bhfuil cúis lena chreidiúint go ndéanfar an ceapachán sin, nó go ndearnadh é, mar sin féin.

(4) Maidir le fógra fionraí—

- (a) ní foláir é a bheith i scríbhinn,
 - (b) leagfar amach ann na forais ar a bhfuil an tuairim dá dtagraítear in *alt 25(1)* ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais,
 - (c) sonrófar ann, maidir leis an duine fionraithe, an mbeidh sé nó sí ar fionraí—
 - (i) ó fheidhm rialaithe shonraithe áirithe a chomhlíonadh,
 - (ii) ó chuid shonraithe d'fheidhm rialaithe shonraithe áirithe a chomhlíonadh, nó
 - (iii) ó gach uile fheidhm rialaithe a chomhlíonadh,
 - (d) ceanglófar leis ar an duine fionraithe, agus ar an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann, cúis a shuíomh i scríbhinn, laistigh de 5 lá tar éis an fógra a sheirbheáil, le nach ndaingneofaí an t-ordú fionraí, agus
 - (e) leagfar amach ann aon choinníoll a fhorchuirtear faoi *fh-alt (8)* ar an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais.
- (5) Seirbheálfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais cóip den fhógra fionraí ar gach uile cheann díobh seo a leanas:
- (a) an duine fionraithe;
 - (b) gach soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais dá gcomhlíonann an duine fionraithe, go bhfios don Ceannasaí Rialála Airgeadais, an fheidhm rialaithe shonraithe, an chuid shonraithe d'fheidhm rialaithe, nó aon fheidhm rialaithe, de réir mar a bheidh;
 - (c) aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais—
 - (i) a bheartaíonn, go bhfios don Ceannasaí Rialála Airgeadais, an duine fionraithe a cheapadh chun an fheidhm rialaithe shonraithe, an chuid shonraithe d'fheidhm rialaithe nó aon fheidhm rialaithe, de réir mar a cheanglaítear sa chás, a chomhlíonadh, nó
 - (ii) a gcreideann an Ceannasaí Rialála Airgeadais go bhfuil sé ag breithniú an duine fionraithe a cheapadh chun an fheidhm rialaithe shonraithe, an chuid shonraithe d'fheidhm rialaithe nó aon fheidhm rialaithe, de réir mar a cheanglaítear sa chás, a chomhlíonadh.
- (6) Féadfar fógra fionraí a sheirbheáil ar dhuine (lena n-áirítear soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais)—
- (a) trína sheachadadh ar an duine,
 - (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, sa chás gur tugadh seoladh le haghaidh seirbheála, ag an seoladh sin,

- (c) trína chur leis an bpost i gclúdach réamh-íoctha go dtí an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine, nó sa chás gur tugadh seoladh le haghaidh seirbheála, chuig an seoladh sin, nó
- (d) go leictreonach (le ríomhphost go dtí seoladh ríomhphoist, nó leis an bhfacs go dtí uimhir facs, a thabharfaidh an duine don Cheannasaí Rialála Airgeadais, nó a mbeidh eolas ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais ar shlí eile uirthi).

(7) Maidir le soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar a seirbheálfar fógra fionraí, déanfaidh sé an méid seo a leanas láithreach—

- (a) cóip den fhógra a thabhairt don duine fionraithe (mura bhfuil sé indéanta déanamh amhlaidh), agus
- (b) tar éis déanamh amhlaidh, a dheimhniú i scríbhinn don Cheannasaí Rialála Airgeadais go bhfuil déanta amhlaidh aige.

(8) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais cibé téarmaí agus coinníollacha a fhorchur ar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann maidir le forfheidhmiú nó comhlíonadh an fhógra is cuí leis an gCeannasaí Rialála Airgeadais (lena n-áirítear aon choinníoll a ghabhann le gnó uile, nó le cuid de ghnó, an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann a scor, a shrianadh nó a sheoladh, go dtí go gcomhlíonfaidh an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais an fógra).

(9) Féadfaidh duine fionraithe, agus soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar ar seirbheáladh fógra fionraí, laistigh den tréimhse a luaitear i *bhfo-alt (4)(d)*, aighneacht a chur faoi bhráid an Cheannasaí Rialála Airgeadais i ndáil le feidhmiúlacht agus cuibheas an duine fionraithe lena mbaineann nó aon téarmaí nó coinníollacha arna bhforchur.

(10) I gcás go go n-iarrann duine, ar ar seirbheáladh fógra fionraí, ar an gCeannasaí Rialála Airgeadais cinneadh a dhéanamh, roimh dheireadh na tréimhse a fhoráiltear le *halt 27(b)(i)*, faoin bhfógra fionraí a dhaingniú nó gan sin a dhéanamh, agus go soláthraíonn sé nó sí ábhar ar deimhin leis an gCeannasaí Rialála Airgeadais go gcuirfidh sé ar a chumas nó ar a cumas cinneadh cuí cóir a dhéanamh, déanfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais gach iarracht réasúnach an cinneadh sin a dhéanamh a luaithe is indéanta le réasún.

27.—(1) Aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar a seirbheáiltear fógra fionraí— Éifeacht fógraí fionraí.

- (a) aistreoidh sé an duine fionraithe láithreach ó chomhlíonadh—
 - (i) na feidhme rialaithe áirithe lena mbaineann,
 - (ii) na coda sonraithe den fheidhm rialaithe lena mbaineann, nó
 - (iii) na bhfeidhmeanna rialaithe uile,mar a shonraítear san fhógra, nó

- (b) ní cheapfaidh sé an duine fionraithe chun an fheidhm rialaithe nó an chuid, nó aon fheidhm rialaithe, a sheoladh, mar a shonraítear san fhógra,

de réir mar is gá sa chás.

(2) Comhlíonfaidh soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar a seirbheáiltear fógra fionraí aon choinníoll a fhorchuirtear ar an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais leis an bhfógra.

(3) Maidir le duine fionraithe a seirbheáiltear fógra fionraí ina leith, nó a dtugann soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais cóip d'fhógra den sórt sin dó nó di, scoirfidh sé nó sí de na nithe seo a leanas a chomhlíonadh, nó (de réir mar a cheanglaítear sa chás) ní thosóidh sé nó sí ar iad a chomhlíonadh—

- (a) an fheidhm rialaithe áirithe lena mbaineann,
 (b) an chuid shonraithe den fheidhm rialaithe lena mbaineann, nó
 (c) gach feidhm rialaithe,

mar a shonraítear san fhógra fionraí iomchuí.

(4) Ní athraíonn fógra fionraí cearta conarthacha aon duine chun luach saothair nó sochair a fháil. Leanfar de na cearta sin a chinneadh de réir an chonartha iomchuí.

Fógraí fionraí nár daingníodh — an tréimhse éifeachta.

28.—Maidir le fógra fionraí nach bhfuil daingnithe ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais de bhun *alt 29*—

- (a) tiocfaidh sé in éifeacht ar é a sheirbheáil ar an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais dá gcomhlíonann an duine fionraithe an fheidhm rialaithe iomchuí, agus
 (b) scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis—
 (i) i ndeireadh an 10ú lá tar éis na seirbheála sin, mura rud é go ndéantar é a dhaingniú laistigh den tréimhse sin de réir *alt 29*, nó
 (ii) más rud é, roimh dheireadh an lae sin, go gcúlghaireann an Ceannasaí Rialála Airgeadais an fógra, nuair a dhéantar an fógra a chúlghairm.

Fógraí fionraí a dhaingníú.

29.—(1) Más deimhin leis an gCeannasaí Rialála Airgeadais, tar éis breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí i scríbhinn arna ndéanamh de bhun *alt 26* laistigh den tréimhse a luaitear in *alt 26(4)(d)* ag duine nó ag soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar a seirbheáiltear fógra fionraí—

- (a) go bhfuil cúis ann fós chun a chreidiúint nach bhfuil an fheidhmiúlacht agus an cuibheas ag an duine is cuí chun an fheidhm rialaithe iomchuí a chomhlíonadh,
 (b) gur ceart fós sna himthosca imscrúdú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht agus cuibheas an duine, agus

- (c) gur gá, ar mhaithe le rialáil chúí an tsoláthraí seirbhíse airgeadais, nach mbeidh an duine ag comhlíonadh na feidhme rialaithe, nó aon fheidhme rialaithe, fad a bheidh an tsaincheist á himscrúdú,

féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais an fógra fionraí a dhaingniú.

(2) D'fhonn aon amhras a sheachaint, féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fógra fionraí a dhaingniú i ndeireadh na tréimhse a luaitear in *alt 26(4)(d)* fiú amháin mura bhfuil aon aighneacht i ndáil leis déanta ag an duine fionraithe nó aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann nó acu araon.

(3) Má dhéanann duine fionraithe aighneacht i ndáil le fógra fionraí tar éis dheireadh na tréimhse a luaitear in *alt 26(4)(d)*, agus más deimhin leis an gCeannasaí Rialála Airgeadais go raibh cúis mhaith ann nárbh féidir an aighneacht a dhéanamh laistigh den tréimhse sin, nó gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas, déanfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais—

- (a) an aighneacht a bhreithniú, agus
- (b) más deimhin leis nó léi, tar éis dó nó di déanamh amhlaidh, nach gcomhlíontar aon choinníoll i *mír (a)*, *(b)* nó *(c) d'fho alt (1)*, an fógra a chúlghairm.

(4) Tá éifeacht le fógra fionraí atá daingnithe de réir *fho-alt (1)* ar feadh 3 mhí (mura ndéantar é a chúlghairm níos luaithe) ón dáta a scoirfeadh an fógra fionraí d'éifeacht a bheith leis faoi *alt 28(b)* thairis sin.

(5) Déanfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fógra a sheirbheáil, maidir le fógra fionraí a dhaingniú, ar gach duine ar ar seirbheáladh an fógra fionraí.

(6) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fógra fionraí a chúlghairm aon tráth, má mheasann sé nó sí—

- (a) nach bhfuil aon chúis drochamhrais ann a thuilleadh i dtaobh fheidhmiúlacht agus chuibheas an duine chun an fheidhm rialaithe iomchuí a chomhlíonadh, nó
- (b) cé go leanfar den imscrúdú, nach gá a thuilleadh, ar mhaithe le leas an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann a rialú go cuí, nach gcomhlíonfaidh an duine an fheidhm rialaithe iomchuí, nó aon fheidhm rialaithe, le linn an imscrúdaithe.

30.—Más rud é—

Fógra fionraí a fhorfheidhmiú.

- (a) go gcomhlíonann duine feidhm rialaithe nó cuid d'fheidhm rialaithe de shárú ar fhógra fionraí, nó
- (b) go gceadaíonn soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais do dhuine fionraithe feidhm rialaithe nó cuid d'fheidhm rialaithe a chomhlíonadh de shárú ar fhógra fionraí,

féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais iarratas a dhéanamh *ex parte* chun na Cúirte ar ordú á ordú don duine nó don soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais an fógra a chomhlíonadh.

Cumhacht na Cúirte
chun bailíocht
fógraí fionraí a
fhadú.

31.—(1) Le linn tréimhse bailíochta fógra fionraí atá daingnithe ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais, féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais iarratas a dhéanamh chun na Cúirte, iar bhfógra don duine fionraithe agus d’aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar ar seirbheáladh an fógra, ar ordú lena bhfadófar tréimhse bailíochta an fhógra.

(2) Más deimhin leis an gCúirt, ag féachaint do na cúiseanna a bhí le heisiúint agus daingniú an fhógra a luaigh an Ceannasaí Rialála Airgeadais, go bhfuil forais leordhóthanacha ann chun tréimhse bhailíochta an fhógra a fhadú, féadfaidh an Chúirt an fógra a fhadú go ceann cibé tréimhse breise (ach nach faide ná 3 mhí breise) a ordóidh an Chúirt.

(3) Nuair a bheidh sí ag breithniú i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú faoi *fho-alt* (2), tabharfaidh an Chúirt aird shonrach—

- (a) ar an ngá atá ann dochar tromaí ionchasach don chóras airgeadais sa Stát a chosc agus cobhsaíocht leanúnach an chórais sin a chinntiú, agus
- (b) ar an ngá atá ann úsáidirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

Féadfaidh an
Ceannasaí Rialála
Airgeadais a
cheangal ar dhaoine
fianaise a thabhairt
nó doiciméid a
thabhairt ar aird.

32.—(1) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fógra (dá ngairtear “fógra fianaiseach” sa Chuid seo) a sheirbheáil ar dhuine á cheangal ar an duine—

- (a) láithriú os comhair an Ceannasaí Rialála Airgeadais chun fianaise a thabhairt faoi ní,
- (b) faisnéis a sholáthar don Ceannasaí Rialála Airgeadais, nó
- (c) doiciméad a thabhairt ar aird lena scrúdú,

más rud é—

- (i) go bhfuil an Ceannasaí Rialála Airgeadais ag imscrúdú fheidhmiúlacht agus chuibheas an duine faoin gCaibidil seo, nó
- (ii) go gcreideann an Ceannasaí Rialála Airgeadais ar fhorais réasúnacha go bhféadfaidh an duine fianaise a thabhairt, nó doiciméad a thabhairt ar aird, atá bainteach le ní a bhaineann le feidhmiúlacht agus cuibheas duine a bhfuil a fheidhmiúlacht agus a chuibheas nó a feidhmiúlacht agus a cuibheas á n-imscrúdú faoin gCaibidil seo.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (1), féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fógra a sheirbheáil faoi *fho-alt* (1)—

- (a) ar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais,
- (b) ar iarsholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó
- (c) ar oifigeach nó fostaí, nó ar iar-oifigeach nó iarfhostaí, de chuid soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó de chuid iarsholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais.

(3) Maidir le fógra fianaiseach—

- (a) sonrúfar ann an ní lena mbaineann an fhianaise, nó sonrúfar nó tuairisceofar ann an doiciméad atá le tabhairt ar aird nó an fhaisnéis atá le soláthar, de réir mar is gá sa chás,
- (b) i gcás fógra chun láithriú os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais chun fianaise a thabhairt—
- (i) sonrúfar ann an dáta, an t-am agus an áit a gceanglaítear ar an duine láithriú os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais, agus
- (ii) luafar ann cibé acu agus cá mhéad atá an fhianaise le tabhairt ó bhéal nó trí mhionnscribhinn,
- agus
- (c) i gcás fógra faoi fhaisnéis a thabhairt nó faoi dhoiciméad a thabhairt ar aird lena scrúdú, sonrúfar ann—
- (i) an dáta agus an t-am faoina bhfuil, agus an áit ina bhfuil, an fhaisnéis le tabhairt nó an doiciméad le tabhairt ar aird, agus
- (ii) an t-oifigeach nó an fostaí de chuid an Bhainc a bhfuil an fhaisnéis le tabhairt dó nó di nó an doiciméad le tabhairt ar aird dó nó di.

(4) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais cóip nó cóipeanna de dhoiciméad a thabharfar ar aird de bhun fógra fhianaisigh a thógáil, agus féadfaidh sé nó sí aon chóip den sórt sin a choinneáil.

(5) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'aon chumhacht atá ag an mBanc, ag an nGobharnóir nó ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais chun doiciméid nó faisnéis a fháil ar shlí seachas faoin alt seo.

33.—(1) Déanann duine cion más rud é, ar cheangal a bheith curtha air nó uirthi láithriú os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais i gcomhlíonadh fógra fhianaisigh, go mainneoidh an duine an ceanglas a chomhlíonadh, agus nach mbeidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais tar éis an duine a shaoradh, nó a scaoileadh, ó fhreastal arís.

Cion arb éard é mainneachtain láithriú.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* má tá leithscéal réasúnach ag an duine.

34.—(1) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais fianaise ó bhéal a éisteacht i gcás gur deimhin leis nó léi gur gá déanamh amhlaidh chun imscrúdú a sheoladh go cuí.

Imscrúdú ar fheidhmiúlacht agus ar chuibheas — seoladh imeachtaí.

(2) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais cead a thabhairt chun duine a bheidh ag tabhairt fianaise ó bhéal a chroscheistiú.

(3) Cinnfidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais na nósanna imeachta maidir le himeachtaí a sheoladh le linn imscrúdaithe, faoi réir aon rialachán arna ndéanamh ag an mBanc faoi *alt 53(2)*.

Seolfar imeachtaí go príobháideach de ghnáth.

35.—(1) Maidir le fianaise a bheidh le tabhairt, nó doiciméad a bheidh le tabhairt ar aird, don Cheannasaí Rialála Airgeadais ag duine a láithreoidh os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais i gcomhlíonadh fógra fhianaisigh, is go príobháideach a dhéanfar í a thabhairt nó é a thabhairt ar aird, ach amháin mar a fhoráiltear leis an alt seo.

(2) Má iarrann duine, a láithreoidh os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais i gcomhlíonadh fógra fhianaisigh, go ndéileálfar go poiblí leis an ní nó le haon chuid de, déanfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais de réir na hiarrata, mura rud é—

- (a) go dtarraingíonn an ní saincheistanna anuas ar cheart, i dtuairim an Cheannasaí Rialála Airgeadais, plé leo go príobháideach, nó
- (b) go gceapann an Ceannasaí Rialála Airgeadais go bhfuil sé riachtanach nó gurb inmhianaithe plé leis an ní, nó le cuid den ní, go príobháideach chun nach nochtfar faisnéis den chineál dá dtagraítear in alt 33AK (1A) d’Acht 1942.

(3) Faoi réir *fho-ailt (1)* agus (2), más deimhin leis an gCeannasaí Rialála Airgeadais gurb inmhianaithe ar mhaithe le leas an phobail an fhianaise atá le tabhairt, nó an doiciméad atá le tabhairt ar aird, a thabhairt nó a thabhairt ar aird go poiblí, féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais ordú dá réir sin a thabhairt.

(4) Más go príobháideach a bheidh an fhianaise le tabhairt, nó an doiciméad le tabhairt ar aird, féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais ceachtar de na nithe seo, nó iad araon, a dhéanamh:

- (a) ordacháin a thabhairt maidir le cé na daoine (seachas an Ceannasaí Rialála Airgeadais nó oifigeach don Bhanc nó fostaí de chuid an Bhainc) a fhéadfaidh a bheith i láthair le linn na himeachta;
- (b) ordacháin a thabhairt lena gcoiscfear nó lena srianfar an fhianaise iomlán nó cuid ar bith di, nó nithe a bheidh sa doiciméad, a fhoilsíú.

(5) Más go príobháideach a bheidh an fhianaise le tabhairt, nó an doiciméad le tabhairt ar aird, ní ceadmhach do dhuine (seachas an duine a gceanglófar air nó uirthi láithriú os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais, an Ceannasaí Rialála Airgeadais, nó oifigeach don Bhanc nó fostaí de chuid an Bhainc) a bheith i láthair ach amháin go mbeidh sé nó sí i dteideal a bheith i láthair de bharr ordacháin arna thabhairt faoi *fho-alt (4)(a)*.

(6) Duine a sháraíonn ordachán ón gCeannasaí Rialála Airgeadais faoi *fho-alt (4)(b)*, déanann sé nó sí cion.

Cion arb éard é mainneachtain doiciméad a thabhairt ar aird, etc.

36.—(1) Déanann duine cion, más rud é, ar cheangal a bheith curtha air nó uirthi doiciméad a thabhairt ar aird, nó fianaise a thabhairt, don Cheannasaí Rialála Airgeadais i gcomhlíonadh fógra fhianaisigh, go mainníonn sé nó sí an ceanglas a chomhlíonadh, agus nach bhfuil an Ceannasaí Rialála Airgeadais tar éis é nó í a shaoradh.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* má tá leithscéal réasúnach ag an duine.

(3) Is leithscéal réasúnach chun críocha *fho-alt (2)*—

(a) nach bhfuil an doiciméad nó an fhaisnéis ag an duine, agus nach féidir leis nó léi é nó í a fháil trí aon iarracht réasúnach; nó

(b) nárbh fhéidir iallach a chur ar an duine an doiciméad a thabhairt ar aird i gcúirt dlí ná an fhaisnéis a sholáthar di.

(4) Ní dhéantar le *fo-alt (3)* an ní is leithscéal réasúnach chun críocha *fho-alt (2)* a theorannú.

37.—(1) Duine a láithríonn os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais i gcomhlíonadh fógra fhianaisigh, déanann sé nó sí cion, más rud é—

Cion arb éard é diúltú ceist a fhreagairt, etc.

(a) go ndiúltaíonn nó go mainníonn an duine fianaise a thabhairt i gcomhlíonadh fógra fhianaisigh, nó

(b) go ndiúltaíonn nó go mainníonn an duine ceist a fhreagairt, arna cur ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais ar an duine nó arna cur air nó uirthi le cead ón gCeannasaí Rialála Airgeadais le linn an duine a chroscheistiú.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* má tá leithscéal réasúnach ag an duine.

(3) Is leithscéal réasúnach ag duine, chun críocha *fho-alt (2)*, diúltú nó mainneachtain ceist a fhreagairt más amhlaidh go bhféadfadh an freagra an duine a ionchoiriú.

(4) Ní dhéantar le *fo-alt (3)* an ní a theorannú is leithscéal réasúnach chun críocha *fho-alt (2)*.

(5) Má líomhnaíonn duine go bhfuil leithscéal réasúnach aige nó aici as diúltú nó mainneachtain fianaise a thabhairt nó as diúltú nó mainneachtain ceist a fhreagairt, déanfaidh sé nó sí ráiteas scríofa a sholáthar don Cheannasaí Rialála Airgeadais ina leagfar amach mionsonraí faoin leithscéal.

(6) Féadfaidh an Banc aird a thabhairt ar an méid atá i ráiteas faoi *fho-alt (5)* chun a chumhachtaí a fheidhmiú agus a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi *Achtanna an Bhainc Ceannais 1942 go 2010*.

(7) Níl ráiteas faoi *fho-alt (5)* inghlactha i bhfianaise, i gcoinne an duine a rinne é, in imeachtaí i ndáil le cion.

38.—Beidh fianaise a thabharfar don Cheannasaí Rialála Airgeadais de réir na Caibidle seo, agus aon tuarascáil a ullmhófar de bhun *alt 41* ar bhonn na fianaise sin, faoi phribhléid iomlán.

Pribhléid i leith fianaise a thabharfar faoin gCaibidil seo, etc.

39.—(1) Beidh duine (seachas duine lena mbaineann *fo-alt (2)*) a láithreoidh os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais, i gcomhlíonadh fógra fhianaisigh, i dteideal go n-íocfar leis nó léi cibé liúntais agus caiteachais taistil nó caiteachais eile a cheadóidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais le réasún.

Liúntais agus caiteachais a íoc le daoine a láithreoidh os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais.

(2) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leo seo a leanas—

- (a) duine a bhfuil imscrúdú á dhéanamh faoin gCuid seo ar a fheidhmiúlacht agus a chuibheas nó ar a feidhmiúlacht agus a cuibheas,
- (b) soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó iarsholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, agus
- (c) duine a ghlaofaídh duine dá dtagraítear i mír (a) nó (b), nó a chuirfidh duine den sórt sin ar aghaidh, chun fianaise a thabhairt.

(3) Na liúntais agus na caiteachais go léir is iníoctha faoi *fho-alt (1)* is ag an mBanc is iníoctha iad.

Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais mainneachtain doiciméad a thabhairt ar aird, etc. a dheimhniú.

40.—(1) Má dhiúltaíonn nó má mhainníonn duine—

- (a) doiciméad a thabhairt ar aird don Cheannasaí Rialála Airgeadais de réir fógra fhianaisigh,
- (b) fianaise a thabhairt don Cheannasaí Rialála Airgeadais,
- (c) freastal os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais de réir fógra fhianaisigh, nó
- (d) ceist arna cur ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais air nó uirthi a fhreagairt,

féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais an diúltú nó an mhainneachtain a dheimhniú don Chúirt.

(2) Féadfaidh an Chúirt, tar éis di aon fhinnéithe a thabharfar ar aird i gcoinne an duine nó thar ceann an duine a líomhnaítear ina leith gur mhainnigh nó gur dhiúltaigh sé nó sí amhlaidh agus aon ráiteas a thairgfear mar chosaint a éisteacht, aon ordú a dhéanamh nó aon ordachán a thabhairt, is cúí léi.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfaidh an Chúirt—

- (a) a ordú don duine lena mbaineann freastal nó athfhreastal os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais, nó doiciméad áirithe a thabhairt ar aird, faisnéis áirithe a sholáthar nó ceist áirithe arna cur ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais air nó uirthi a fhreagairt, nó
- (b) a ordú nach gá don duine lena mbaineann doiciméad áirithe a thabhairt ar aird, faisnéis áirithe a sholáthar nó ceist áirithe arna cur ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais air nó uirthi a fhreagairt.

Déanfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais tuarascáil a ullmhú.

41.—(1) Tar éis imscrúdú a dhéanamh faoin gCaibidil seo, ullmhóidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais tuarascáil lena breithniú ag an mBanc nó ag an nGobharnóir.

(2) Déanfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais cóip de tuarascáil arna hullmhú de réir *fho-alt (1)* a sheirbheáil—

- (a) ar an duine arbh é a fheidhmiúlacht agus a chuibheas nó a feidhmiúlacht agus a cuibheas ab ábhar don imscrúdú iomchuí, agus

(b) ar aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann.

(3) Féadfar cóip de thuarascáil a sheirbheáil ar aon cheann de na slite ar a bhféadfar fógra fionraí a sheirbheáil.

(4) Féadfaidh aon duine (lena n-áirítear soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais) ar a seirbheáiltear cóip de thuarascáil de bhun *fho-alt* (2), laistigh den tréimhse a shonraítear de réir *fho-alt* (5), aighneacht i scríbhinn a dhéanamh leis an gCeannasaí Rialála Airgeadais i ndáil le haon ní sa tuarascáil.

(5) Nuair a sheirbheálann an Ceannasaí Rialála Airgeadais cóip de thuarascáil ar dhuine (lena n-áirítear soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais) de bhun *fho-alt* (2) cuirfidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais in iúl i scríbhinn don duine go bhfuil ceart ag an duine faoi *fho-alt* (4) aighneacht a dhéanamh i ndáil le haon ní sa tuarascáil agus sonródh sé nó sí an tréimhse ar lena linn nó sí a fhéadfaidh an duine déanamh amhlaidh. 7 lá a bheidh sa tréimhse a shonrófar, nó cibé tréimhse is faide a mheasann an Ceannasaí Rialála Airgeadais a bheith réasúnach sna himthosca uile.

CAIBIDIL 4

Toirmeasc ar dhaoine áirithe feidhmeanna rialaithe a chomhlíonadh

42.—Sa Chaibidil seo—

Mínithe (*Caibidil*
4).

ciallaíonn “duine toirmiscthe” duine a dtairmisctear air nó uirthi, le fógra toirmisc, feidhm rialaithe a chomhlíonadh;

ciallaíonn “fógra toirmisc” fógra faoi *alt* 43.

43.—(1) Faoi réir *fho-alt* (4), má tá an Banc nó an Gobharnóir tar éis an tuairim a cheapadh le réasún nach bhfuil an fheidhmiúlacht agus an cuibheas i nduine is cuí chun feidhm rialaithe áirithe, cuid shonraithe d’fheidhm rialaithe nó aon fheidhm rialaithe a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc nó an Gobharnóir, de réir mar a bheidh, fógra i scríbhinn a eisiúint (ar a dtugtar “fógra toirmisc” sa Chuid seo) á thoirmeasc ar an duine—

Féadfaidh an Banc toirmeasc a chur ar dhuine feidhm rialaithe a sheoladh, etc.

(a) an fheidhm rialaithe, an chuid shonraithe d’fheidhm rialaithe nó aon fheidhm rialaithe, de réir mar is gá sa chás, a sheoladh, nó

(b) an fheidhm rialaithe, an chuid shonraithe den fheidhm rialaithe sin nó aon fheidhm rialaithe, de réir mar is gá sa chás, a sheoladh, seachas de réir coinníll shonraithe nó coinníollacha sonraithe,

ar feadh tréimhse sonraithe nó tréimhse gan teorainn.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (1), féadfaidh an Banc nó an Gobharnóir an tuairim a cheapadh dá dtagraítear san *fho-alt* sin, más deimhin le ceachtar acu—

(a) nach bhfuil an taithí, na cáilíochtaí nó na scileanna ag an duine atá riachtanach chun an fheidhm rialaithe, an chuid shonraithe d’fheidhm rialaithe nó aon fheidhm rialaithe, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh go cuí éifeachtach,

- (b) nach gcomhlíonann an duine caighdeán infheidhme feidhmiúlachta agus cuibhis i gcód arna eisiúint de bhun *alt 50*,
 - (c) gur ghabh an duine do mhí-iompar tromchúiseach i ndáil le gnó soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais,
 - (d) gur thug an duine faisnéis go díreach nó go neamhdhíreach don Bhanc, don Ghobharnóir nó don Cheannasaí Rialála Airgeadais (cibé acu de bhun na Coda seo nó ar shlí eile) arbh eol don duine, nó ar chóir gurbh eol dó nó di, í a bheith bréagach nó míthreorach,
 - (e) gur thug an duine faisnéis go díreach nó go neamhdhíreach do dhuine eile arbh eol dó nó di, nó ar chóir gurbh eol dó nó di, í a bheith bréagach nó míthreorachach d'fhonn í a thabhairt don Bhanc, don Ghobharnóir nó don Cheannasaí Rialála Airgeadais,
 - (f) gur chuir an duine faoi deara nó gur fhéach sé nó sí lena chur faoi deara gan faisnéis, a d'iarr an Ceannasaí Rialála Airgeadais, trí fhógra fianaiseach, ar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó ar dhuine atá ag comhlíonadh feidhm rialaithe, a sholáthar faoin dáta dlite,
 - (g) gur mhainnigh an duine fógra fianaiseach nó fógra fionraí a chomhlíonadh, nó
 - (h) gur ciontaíodh an duine i gcion (cibé acu sa Stát nó lasmuigh den Stát) arb éard é sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó i gcion lena ngabhann calaois, mímhacántacht nó sárú iontaoibhe.
- (3) Ní eiseoidh an Banc ná an Gobharnóir fógra toirmisc i ndáil le duine—

(a) mura rud é—

(i) gur comhlíonadh gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(I) go ndearna an Ceannasaí Rialála Airgeadais imscrúdú a sheoladh ar fheidhmiúlacht agus ar chuibheas an duine de réir na Caibidle seo;

(II) gur comhlíonadh *alt 41* i ndáil leis an imscrúdú sin agus leis an tuarascáil air;

(III) go bhfuil an Banc nó an Gobharnóir, de réir mar a bheidh, tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil agus ar aon aighneachtaí a rinneadh (laistigh den tréimhse atá sonraithe de bhun *alt 41(4)*) leis an gCeannasaí Rialála Airgeadais i ndáil le haon ní sa tuarascáil,

nó

(ii) go bhfuil fíricí gan cheistiú ann a fhágann nach gá, i dtuairim réasúnach an Bhainc nó an Ghobharnóra, imscrúdú a dhéanamh agus go bhfuair an duine agus aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena

mbaineann deis réasúnach chun aighneacht a dhéanamh i ndáil leis an ní,

- (b) go bhfuil an duine agus an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais tar éis éisteacht den sórt sin a fháil, is gá ar mhaithe leis an gceartas sna himthosca, i ndáil le heisiúint bheartaithe an fhógra toirmisc, agus
- (c) gur deimhin leis an mBanc nó leis an nGobharnóir, de réir mar a bheidh, gur gá sna himthosca fógra toirmisc a eisiúint.

(4) Le linn don Bhanc nó don Ghobharnóir, de réir mar a bheidh, breithniú a dhéanamh i dtaobh fógra toirmisc a eisiúint, tabharfaidh sé nó sí aird shonrach—

- (a) ar an ngá atá ann dochar tromáí ionchasach don chóras airgeadais sa Stát a chosc agus cobhsaíocht leanúnach an chórais sin a chinntiú, agus
- (b) ar an ngá atá ann úsáidirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

(5) Féadfaidh sé a bheith sainráite i bhfógra toirmisc go bhfuil feidhm aige—

- (a) maidir le feidhm rialaithe shonraithe amháin nó níos mó nó maidir le codanna d'fheidhmeanna rialaithe nó maidir leis na feidhmeanna rialaithe uile, agus
- (b) i ndáil le comhlíonadh aon fheidhme rialaithe den sórt sin nó aon chuid d'fheidhm rialaithe i gcomhair soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais amháin nó níos mó, aicme de sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais nó gach soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais.

(6) Féadfar fógra toirmisc a sheirbheáil ar aon cheann de na slite ar a bhféadfar fógra fionraí a sheirbheáil.

(7) Maidir le fógra toirmisc—

- (a) tagann sé in éifeacht ar é a sheirbheáil den chéad uair ar an duine toirmisceithe nó ar an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann, agus
- (b) má dhéantar iarratas chun na Cúirte faoi *alt 45* sula scoireann an fógra d'éifeacht a bheith leis, leanann sé d'éifeacht a bheith leis go dtí go gcinneann an Chúirt an t-iarratas sin nó go dtí go dtarraingítear siar é.

Faoi reir *alt 46*, scoireann fógra toirmisc d'éifeacht a bheith leis i ndeireadh 2 mhí (nó i ndeireadh tréimhse is giorra a bheidh sonraithe san fhógra) dar tús an lá i ndiaidh an lae a sheirbheáiltear i gcéaduair é, mar a luaitear i *mír (a)*, mura ndéantar aon iarratas chun na Cúirte le linn na tréimhse sin.

(8) Ní chomhlíonfaidh duine toirmisceithe feidhm rialaithe dá gceanglófaí ar an duine leis sin sárú a dhéanamh ar fhógra toirmisc arna sheirbheáil ar an duine.

(9) Ní cheadóidh soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais do dhuine toirmiscthe feidhm rialaithe a chomhlíonadh dá gceanglófaí ar an duine leis sin sárú a dhéanamh ar fhógra toirmisc arna sheirbheáil ar an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais.

(10) Féadfaidh an Banc fógra toirmisc a fhoilsiú más gá, i dtuairim an Ghobharnóra, déanamh amhlaidh chun críocha na Coda seo a bhaint amach.

(11) Ní chuireann fógra toirmisc athrú ar chearta conarthacha aon duine chun luach saothair nó sochair a fháil. Leanfar de na cearta sin a chinneadh de réir an chonartha iomchuí.

(12) Maidir leis an mBanc nó leis an nGobharnóir, de réir mar a bheidh—

- (a) ní leanfaidh sé nó sí d'fhógra toirmisc a fheidhmiú ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse is gá chun na críocha sin a bhaint amach, agus
- (b) ní dhéanfaidh sé nó sí iarratas chun na Cúirte faoi *alt 45* i ndáil le fógra toirmisc, mura deimhin leis an mBanc nó leis an nGobharnóir gur gá leanúint den fhógra ar feadh tréimhse is faide ná 2 mhí chun na críocha dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a bhaint amach.

Fógraí toirmisc áirithe a fhorfheidhmiú.

44.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, más rud é—

- (a) go gcomhlíonann duine feidhm rialaithe de shárú ar fhógra toirmisc, nó
- (b) go gceadaíonn soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais do dhuine toirmiscthe feidhm rialaithe a chomhlíonadh de shárú ar fhógra toirmisc,

féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais iarratas a dhéanamh *ex parte* chun na Cúirte ar ordú á ordú don duine nó don soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais an fógra a chomhlíonadh.

(2) Níl feidhm ag an alt seo i ndáil le fógra toirmisc atá daingnithe ag an gCúirt faoi *alt 45*.

Iarratas chun na Cúirte chun fógra toirmisc a dhaingniú.

45.—(1) Féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na Cúirte de réir an ailt seo ar ordú lena ndaingnítear fógra toirmisc. I gcás go ndéantar iarratas den sórt sin le toiliú an duine thoirmiscthe lena mbaineann, féadfaidh an Chúirt ordú a dhéanamh faoin alt seo *ex parte*.

(2) Gan feidhmiú na feidhme breithiúnaí a theorannú maidir le cás áirithe, is é dualgas na hArd-Chúirte, a mhéid atá sé indéanta, iarratas faoin alt seo a éisteacht agus a chinneadh laistigh de 3 mhí tar éis an dáta a dhéantar an t-iarratas chuici.

(3) Más rud é, le linn iarratas faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, gur deimhin leis an gCúirt, ar chúiseanna rúndachta nó íogaireachta tráchtála nó chun nochtadh faisnéise den chineál dá dtagraítear in alt 3AK(1A) d'Acht 1942 a sheachaint, gur cheart éisteacht na Cúirte a thionól ar shlí seachas go poiblí, féadfaidh an Chúirt é sin a ordú.

(4) Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, fianaise a bhreithniú nár tugadh ar aird don Bhanc nó don Ghobharnóir nó argóint a éisteacht nach ndearnadh leis an mBanc nó leis an nGobharnóir, más deimhin leis an gCúirt—

- (a) go bhfuil cúiseanna glé ann lena gcuirtear bonn cirt faoin mainneachtain an fhianaise a thabhairt ar aird don Ghobharnóir nó don Bhanc nó an argóint a dhéanamh leis an nGobharnóir nó leis an mBanc,
- (b) gur cóir agus gur cothromasach don Chúirt an fhianaise a bhreithniú nó an argóint a éisteacht, de réir mar a bheidh.

(5) Ar iarratas faoin alt seo—

(a) más deimhin leis an gCúirt go bhfuil bonn réasúnach (mar atá leagtha amach i *bhfo-alt (6)*) faoi thuairim an Bhainc nó an Ghobharnóra, de réir mar a bheidh, nach bhfuil an fheidhmiúlacht agus an cuibheas is cuí sa duine toirmisceithe lena mbaineann chun an fheidhm rialaithe iomchuí nó an chuid d'fheidhm rialaithe nó aon fheidhm rialaithe (de réir mar a bheidh) a chomhlíonadh, féadfaidh an Chúirt—

(i) ordú a dhéanamh lena ndaingneofar an fógra toirmisc iomchuí,

(ii) má mheasann an Chúirt gur gá ar mhaithe leis an gceartas, nó ar aon chúis fhóna eile, an fógra toirmisc a athrú, ordú a dhéanamh lena n-athrófar nó lena dteorannófar é (lena n-áirítear trí choinníoll nó coinníollacha a fhorchur ar an duine toirmisceithe nó ar fhoras airgeadais rialáilte lena mbaineann), agus

(iii) aon ordú breise nó coimhdeach eile is cuí léi a dhéanamh,

agus

(b) mura deimhin leis an gCúirt mar a fhoráiltear i *mír (a)*, féadfaidh an Chúirt—

(i) ordú a dhéanamh lena gcuirfear an fógra ar ceal,

(ii) ordú a dhéanamh lena dtarchuirfear an ní chuig an mBanc nó chuig an nGobharnóir lena athbhreithniú de réir aon ordachán ón gCúirt (cibé acu a chuirfidh an Chúirt an fógra ar ceal nó nach gcuirfidh), nó

(iii) aon ordú eile is cuí léi a dhéanamh.

(6) Chun críocha *fho-alt (5)(a)*, tá bonn réasúnach faoi thuairim, más rud é, agus an tsaintaithí agus an saineolas atá ag an mBanc nó ag an nGobharnóir á cur nó á chur i gcuntas, de réir mar is gá sa chás, nár cuireadh an tuairim (agus an próiseas ba bhun lena déanamh) ó bhail—

(a) le hearráid mhór throm nó sraith earráidí den sórt sin,

(b) le hearráid dlí, nó

(c) leis an bhfianaise, á meas as a hiomláine, gan bheith ag teacht leis an gcinneadh.

(7) Le linn di a bheith ag breithniú an amhlaidh gur cheart ordú a dhéanamh faoi *fho-alt* (5), beidh aird shonrach ag an gCúirt—

(a) ar an ngá atá ann dochar tromaí ionchasach don chóras airgeadais sa Stát a chosc agus cobhsaíocht leanúnach an chórais sin a chinntiú, agus

(b) ar an ngá atá ann úsáidirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

(8) Féadfar a shonrú go mbeidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt* (5)—

(a) gan teorainn ama, nó ar feadh tréimhse áirithe is cuí leis an gCúirt, nó

(b) go dtí go ndéanfaidh an Chúirt ordú eile.

(9) Tá éifeacht le fógra toirmisc atá daingnithe ag an gCúirt (cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé athraithe ag an gCúirt freisin) mar ordú de chuid na Cúirte agus féadfar é a fhorfheidhmiú dá réir sin.

(10) Tá feidhm ag *alt* 43 maidir le haon fhógra toirmisc a dhéanann an Banc tar éis athbhreithniú a dhéanamh de réir ordaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt* (5)(b)(ii).

(11) Maidir leis an gCúirt do chur fógra toirmisc ar ceal, ní choisceann sé sin as féin cumhachtaí an Bhainc, an Ghobharnóra nó an Cheannasaí Rialála Airgeadais a fheidhmiú tuilleadh faoin gCuid seo.

Comhaontú idir Banc nó Gobharnóir, duine toirmisithe agus soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais.

46.—(1) I gcás go bhfuil fógra toirmisc eisithe ag an mBanc nó ag an nGobharnóir i ndáil le duine, féadfaidh an duine (agus más rud é, tráth eisiúna an fhógra toirmisc, go mbeidh an duine ag comhlíonadh feidhm rialaithe, an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann) comhaontú i scríbhinn leis an mBanc nó leis an nGobharnóir go leanfaidh an duine agus, más infheidhme, an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais den fhógra toirmisc a chomhlíonadh go ceann cibé tréimhse ar a gcomhaontófar.

(2) I gcás go bhfuil comhaontaithe ag duine agus ag an mBanc nó ag an nGobharnóir mar atá leagtha amach i *bhfo-alt* (1), ansin—

(a) ní cheanglaítear le haon ní in *alt* 45 ar an mBanc ná ar an nGobharnóir iarratas a dhéanamh ar ordú faoin alt sin,

(b) faoi réir *fho-alt* (3), agus d'ainneoin *fho-alt* 43(6), leanfaidh an fógra toirmisc in éifeacht de réir a théarmaí, agus

(c) i gcás go ndéanfar sárú ar an gcomhaontú—

(i) féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú faoi *alt* 44, agus

(ii) leanfaidh an fógra toirmisc in éifeacht de réir a théarmaí.

(3) Má mheasann an Banc nó an Gobharnóir, de réir mar a bheidh, nach gá a thuilleadh leanúint d'fhógra toirmisc is ábhar do

chomhaontú faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an Banc nó an Gobharnóir, de réir mar a bheidh, an comhaontú a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn sa chéill sin chuig an duine toirmisceithe agus chuig aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann. Scoirfidh éifeacht de bheith leis an bhfógra toirmisc ar fhógra den sórt sin a thabhairt.

CAIBIDIL 5

Ilghnéitheach

47.—Féadfaidh an Banc úsáid a bhaint—

Úsáid faisnéise.

- (a) as faisnéis agus fianaise arna mbailiú ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais i gcúrsa imscrúdaithe faoi *Chaibidil 3*,
- (b) as aon ní in aon aighneacht arna cur faoi bhráid an Cheannasaí Rialála Airgeadais de bhun *alt 41*, agus
- (c) as aon ní in aon doiciméad nó aon fhianaise arna chur nó arna cur os comhair na Cúirte i gcúrsa imeachtaí faoi *Chaibidil 3* nó *4*,

chun críocha aon fheidhme reachtúla de chuid an Bhainc (lena n-áirítear, go háirithe, imscrúdú de bhun Chuid IIIC d’Acht 1942 agus chun smachtbhannaí a fhorchur de thoradh fiosrúcháin den sórt sin).

48.—(1) Ní sholáthróidh duine don Cheannasaí Rialála Airgeadais ná don Bhanc, chun críocha na Coda seo, faisnéis is eol don duine, nó ar chóir gurbh eol don duine, a bheith bréagach nó míthreorach.

Cionta arb éard iad faisnéis bhréagach nó míthreorach, etc., a sholáthar.

(2) Ní dhéanfaidh duine atá ag seoladh feidhm rialaithe, nó a bheartaíonn feidhm rialaithe a sheoladh, faisnéis nó doiciméad is eol don duine, nó ar chóir gurbh eol don duine, a bheith bréagach nó míthreorach a sholáthar do sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ionas go soláthrófar an fhaisnéis nó an doiciméad don Cheannasaí Rialála Airgeadais nó don Bhanc chun críocha na Coda seo.

(3) Ní thabharfaidh duine don Cheannasaí Rialála Airgeadais ná don Bhanc, chun críocha na Coda seo, doiciméad (cibé acu mar fhreagra ar fhógra fianaiseach nó ar shlí eile) is eol don duine, nó ar chóir gurbh eol don duine, a bheith bréagach nó míthreorach nó is eol dó nó di, nó ar chóir gurbh eol dó nó di, nach é an doiciméad a airbheartaítear é.

(4) Ní dhéanfaidh duine (dá ngairtear an “scrúdaí” san *fho-alt* seo) atá ag láithriú os comhair an Cheannasaí Rialála Airgeadais, i bhfreagra ar cheist arna cur air nó uirthi ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais, nó ag duine eile le toiliú an Cheannasaí Rialála Airgeadais, ráiteas a dhéanamh is eol don scrúdaí, nó ar chóir gurbh eol don scrúdaí, a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha.

(5) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (1)*, *(2)*, *(3)* nó *(4)*, déanann sé nó sí cion.

Pionóis i leith
cionta faoin gCuid
seo.

49.—Aon duine atá ciontach i gcion faoin gCuid seo, dlítear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Caighdeáin
feidhmiúlachta agus
cuibhis.

50.—Féadfaidh an Banc cód a eisiúint ina leagfar amach caighdeáin feidhmiúlachta agus cuibhis chun críocha na Coda seo.

Éifeacht na Coda
seo.

51.—(1) Ní dhéanann aon ní sa Chuid seo difear d’aon chumhacht eile de chuid an Bhainc i ndáil le feidhmiúlacht agus cuibheas daoine is oifigigh do sholáthraithe seirbhíse airgeadais nó daoine atá freagrach as soláthraithe seirbhíse airgeadais a bhainistiú.

(2) Féadfaidh an Banc aird a thabhairt ar dhoiciméad nó ar fhaisnéis a chruinnítear nó a fhaightear ar shlí eile seachas faoin gCuid seo chun aon chríche faoin gCuid seo.

Ainmnithigh, etc., a
cheapadh chun
críocha na Coda
seo.

52.—(1) Féadfaidh an Gobharnóir, dá rogha féin, duine atá cáilithe go hoiriúnach (lena n-áirítear duine nach oifigeach don Bhanc ná fostaí de chuid an Bhainc) a cheapadh chun feidhm de chuid an Ghobharnóra faoin gCuid seo a chomhlíonadh má mheasann an Gobharnóir gur gá nó gur cuí déanamh amhlaidh chun a chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna an Ghobharnóra faoin gCuid seo go héifeachtúil agus go héifeachtach.

(2) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais, dá rogha féin, duine atá cáilithe go hoiriúnach (lena n-áirítear duine nach oifigeach don Bhanc ná fostaí de chuid an Bhainc) a cheapadh chun feidhm (nó aon chuid d’fheidhm) de chuid an Cheannasaí Rialála Airgeadais faoin gCuid seo a chomhlíonadh, má mheasann an Ceannasaí Rialála Airgeadais gur gá nó gur cuí déanamh amhlaidh chun a chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna an Cheannasaí Rialála Airgeadais faoin gCuid seo go héifeachtúil agus go héifeachtach.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-ailt (1)* agus (2), maidir leis an gcumhacht chun duine a cheapadh chun feidhm a chomhlíonadh de réir ceachtar de na fo-ailt sin, áirítear inti an chumhacht chun an duine a cheapadh chun ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) tuairim a cheapadh a cheanglaítear leis an gCuid seo don Ghobharnóir nó don Cheannasaí Rialála Airgeadais (de réir mar a bheidh) a cheapadh;
- (b) iarratas a dhéanamh chun na Cúirte;
- (c) ní a dheimhniú don Chúirt.

Rialacháin —
comhlíonadh
feidhmeanna a
éascú.

53.—(1) Féadfaidh an tAire, i ndáil le haon deacracht a eascróidh maidir le hoibriú an Achta seo le linn na tréimhse 2 bhliain dar tús an dáta a thagann an t-alt seo i ngníomh, rialacháin a dhéanamh chun aon rud a dhéanamh a dhealraíonn a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun an tAcht seo a chur i ngníomh.

(2) Féadfaidh an Banc rialacháin a dhéanamh lena leagtar amach nósanna imeachta a bheidh le leanúint le linn cumhachtaí an Bhainc, an Ghobharnóra nó an Cheannasaí Rialála Airgeadais a fheidhmiú faoin gCuid seo.

(3) Féadfaidh a bheith san áireamh i rialacháin arna ndéanamh ag an mBanc faoin alt seo cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a dhealraíonn don Bhanc a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(4) Tá feidhm ag ailt 61C agus 61D d'Acht 1942 maidir le rialacháin arna ndéanamh faoin gCuid seo.

[Uimh. 23.] An tAcht um Athchóiriú an Bhainc [2010.]
Ceannais 2010.

Alt 14.

SCEIDEAL 1

LEASUITHE AR ACHTANNA AN BHAINC CEANNAIS

Alt 14(1).

CUID 1

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CHEANNAIS 1942

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1	Alt 2(1)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíithe ar “Binse Achomhairc”: “ciallaíonn ‘comhalta ceaptha’ nó ‘comhalta ceaptha de chuid an Choimisiúin’ comhalta den Choimisiún dá dtagraítear in alt 18CA(1)(b);”.
2	Alt 2(1), an míniú ar “Stiúrthóir ceaptha”	An míniú a scriosadh.
3	Alt 2(1), na míithe ar “Banc” agus “Bord”	An méid seo a leanas a chur in ionad na míithe: “ciallaíonn ‘Banc’ Banc Ceannais na hÉireann;”.
4	Alt 2(1), an míniú ar “Príomh-Fheidhmeannach”	An méid seo a leanas a chur in ionad an mhíithe: “ciallaíonn ‘Coimisiún’ Coimisiún an Bhainc Ceannais;”.
5	Alt 2(1), na míithe ar “comhchuid” agus “Stiúrthóir Tomhaltóirí”	Na míithe a scriosadh.
6	Alt 2(1), an míniú ar “achtacháin ainmnithe”	An méid seo a leanas a chur in ionad na míithe: “ciallaíonn ‘achtacháin ainmnithe’, faoi réir fho-alt (2A), na hachtacháin a shonraítear i gCuid 1 de Sceideal 2;”.
7	Alt 2(1), an míniú ar “Stiúrthóir”	An míniú a scriosadh.
8	Alt 2(1), an míniú ar “fostaí”	“Rúnaí don Bhanc” a scriosadh, “Rúnaí an Bhainc” a chur ina ionad.
9	Alt 2(1)	An míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíithe ar “Reacht CEBC”: “ciallaíonn ‘comhalta <i>ex-officio</i> ’ nó ‘comhalta <i>ex-officio</i> den Choimisiún’ comhalta den Choimisiún dá dtagraítear in alt 18CA(1)(a);”.
10	Alt 2(1), an míniú ar “ciste ginearálta”	An méid seo a leanas a chur in ionad an mhíithe: “ciallaíonn ‘ciste ginearálta’ an ciste dá dtagraítear in alt 32F;”.

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
11	Alt 2(1), an míniú ar “Gobharnóir”, mír (b)	“Ard-Stiúrthóir an Bhainc” a scriosadh, “an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais” a chur ina ionad.
12	Alt 2(1)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “Gobharnóir”: “déanfar ‘an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais’, ‘an Ceannasaí Rialála Airgeadais’ agus ‘an Ceannasaí Feidhme’ a fhorléiriú de réir alt 23;”.
13	Alt 2(1)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “údarás áitiúil”: “ciallaíonn ‘comhalta’ nó ‘comhalta den Choimisiún’ comhalta ceaptha nó comhalta <i>ex-officio</i> ”.
14	Alt 2(1), an míniú ar “oifigeach”	An méid seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘oifigeach’ gach Ceannasaí Feidhme, Rúnaí an Bhainc agus Clárathóir na gComhar Creidmheasa;”.
15	Alt 2(1), an míniú ar “Stiúrthóir oifigiúil”	An míniú a scriosadh.
16	Alt 2(1), an míniú ar “soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais”	An méid seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais’— (a) soláthraí seirbhíse airgeadais a bhfuil a ghnó nó a gnó faoi réir a rialála ag an mBanc faoin Acht seo nó faoi achtachán ainmnithe nó ionstraim reachtúil ainmnithe, (b) soláthraí seirbhíse airgeadais a bhfuil a ghnó nó a gnó faoi réir a rialála ag údarás a chomhlíonann feidhmeanna i dtír de chuid LEE, ar feidhmeanna iad is inchurtha leis na feidhmeanna a chomhlíonann an Banc faoin Acht seo nó faoi achtachán ainmnithe nó ionstraim reachtúil ainmnithe, nó (c) i ndáil le Cuid VIIB amháin, aon soláthraí seirbhíse airgeadais eile d’aicme a shonraítear i rialacháin chun críocha na míre seo;”.
17	Alt 2(1), an míniú ar “Údarás Rialála”	An míniú a scriosadh.
18	Alt 2(1), an míniú ar “Conradh na Róimhe”	An méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe: “ciallaíonn ‘Conradh na Róimhe’ an Conradh ar Fheidhmiú An Aontais Eorpaigh arna dhéanamh sa Róimh an 25 Márta 1957, arna leasú le Conradh Liospóin ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, arna shníniú i Liospóin an 13 Nollaig 2007;”.

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
19	Alt 2	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2): “(2A) Measfar gur achtacháin ainmnithe Rialachán (CE) Uimh. 1287/2006 ¹ agus (CE) Uimh. 924/2009 ² ón gCoimisiún.”.
20	Alt 5	An méid seo a leanas a chur in ionad an ailt: “ <i>Banc Ceannais na hÉireann a Bhunú.</i> 5.—(1) Leanfaidh an comhlacht corpraithe dá ngairtí an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ar marthain faoin ainm ‘Banc Ceannais na hÉireann’. (2) Maidir leis an mBanc— (a) beidh comharbas suthain aige, agus (b) féadfaidh sé imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne ina ainm corpraithe. (3) Ceanglaítear ar an mBanc séala a bheith aige. Tabharfar aird bhreithiúnach ar an séala. (4) Ach amháin mar a fhoráiltear go sainráite leis an Acht seo, is é Coimisiún an Bhainc Ceannais a dhéanfaidh gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú.”.
21	Alt 5A	An t-alt seo a leanas a chur in ionad an ailt: “ <i>Feidhmeanna agus cumhachtaí ginearálta an Bhainc.</i> 5A.—(1) Tá na feidhmeanna seo a leanas ag an mBanc: (a) comhordú éifeachtach éifeachtúil a dhéanamh— (i) ar ghníomhaíochtaí an Bhainc, (ii) ar ghníomhaíochtaí arna ngabháil de láimh ag daoine a sholáthraíonn seirbhísí don Bhanc, nó a fhaigheann seirbhísí ón mBanc, agus (iii) ar mhalartú faisnéise idir an Banc agus aon duine de na daoine sin; (b) más cuí, ionadaíocht a dhéanamh don Bhanc i gcomhlachtaí idirnáisiúnta airgeadais agus ag cruinnithe idirnáisiúnta a bhainfidh le cúrsaí airgeadais nó eacnamaíochta, agus ionadaíocht don Bhanc a chomhordú; (c) teagmháil a bhunú agus a chothabháil, go díreach nó go neamhdhíreach, leis na húdaráis airgeadaíochta atá bunaithe i dtíortha eile agus i gcríocha; (d) aon uair is cuí leis, comhairle nó cúnaimh eile a sholáthar do rialtais de chuid tíortha eile agus i gcríocha, agus d’fhorais airgeadais agus do chomhlachtaí eile atá bunaithe i dtíortha eile agus i gcríocha, i dtaobh nithe a bhfuil saineolas aige orthu; (e) an fheidhm arb éard í fiosrúchán faoi Chuid IIIC a sheoladh;

¹IO L241, 2.9.2006, lgh. 1-25.²IO L 266, 9.10.2009, lgh. 11-18.

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(f) an fheidhm arb éard í faireachán a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí airgeadais do thomhaltóirí na seirbhísí sin a mhéid is cuí leis an mBanc, d'fhonn leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí a chosaint;</p> <p>(g) foráil a dhéanamh maidir le sonraí a bhaineann le fadhbanna airgeadais agus creidmheasa a bhailiú agus staidéar a dhéanamh orthu agus faisnéis faoi na sonraí sin a fhoilsiú;</p> <p>(h) comhairle agus cúnadh a sholáthar don Phríomh-Oifig Staidrimh i dtaobh bhailiú, thiomsú, anaílisiú agus léiriú staidrimh a bhaineann le comhardaíocht iocaíochtaí, cuntais náisiúnta agus staidreamh eile airgeadais agus, más cuí, sonraí a bhailiú chun na críche sin;</p> <p>(i) cibé feidhmeanna eile a fhorchuirfear air leis an Acht seo nó faoi nó le haon Acht nó dlí eile nó faoi a chomhlíonadh.</p> <p>(2) Tá an chumhacht ag an mBanc chun cibé nithe a dhéanamh is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh nó i dtaca lena gcomhlíonadh nó a ghabhann le réasún lena gcomhlíonadh.</p> <p>(3) Go sonrach, foláionn cumhachtaí an Bhainc cumhachtaí de chineál a fhéadfaidh banc a fheidhmiú de réir an ghnáthchleachtais baincéireachta.</p> <p>(4) Is feidhmeanna de chuid an Bhainc freisin iad feidhmeanna na Gníomhaireachta atá sonraithe i bhfo-alt (5), a mhéid a bhaineann siad le seirbhís airgeadais a sholáthraíonn soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais agus tá éifeacht le fo-ailt (6) go (8) chun críocha an fho-ailt seo.</p> <p>(5) Is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta dá dtagraítear i bhfo-alt (4) na feidhmeanna seo a leanas dá cuid faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007, eadhon, feidhmeanna—</p> <p>(a) faoi fho-ailt (1), (4), (5) agus (6) d'alt 8 den Acht seo—</p> <p>(i) i ndáil le hait 41 go 49 agus 51 go 56 den Acht sin, agus</p> <p>(ii) i ndáil le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995 agus 2000 (I. R. Uimh. 27 de 1995 agus Uimh. 307 de 2000),</p> <p>agus</p> <p>(b) faoi ailt 30, 71, 72, 73, 75, 81, 82, 84, 86, 88 agus 90 den Acht sin.</p> <p>(6) Oibríonn fo-alt (4) chun na feidhmeanna a shonraítear i bhfo-alt (5) a dhílsiú don Bhanc, i gcomhthráth le dílsiú na bhfeidhmeanna sin don Ghníomhaireacht leis an Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.</p> <p>(7) Dá réir sin—</p> <p>(a) tá na feidhmeanna a shonraítear amhlaidh inchomhlíonta ag an nGníomhaireacht nó ag an mBanc, ach sin faoi réir aon chomhaontaithe comhoibrithe arna dhéanamh faoi alt 21 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007, agus</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(b) faoi réir fho-alt (9), tá na tagairtí don Ghníomhaireacht i bhforálacha an Achta sin a shonraítear i bhfo-alt (5) le léamh mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don Bhanc agus tá feidhm thairis sin ag na forálacha sin.</p> <p>(8) Faoi réir fho-alt (9), tá feidhm ag ailt 80, 85 agus 87 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 maidir leis an mBanc mar atá feidhm acu maidir leis an nGníomhaireacht agus, dá réir sin, tá tagairtí don Ghníomhaireacht sna hailt sin le léamh mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don Bhanc.</p> <p>(9) I gcás go ndéantar foráil le haon alt den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 a shonraítear i bhfo-alt (5) nó (8) maidir le haon rud a dhéanamh i ndáil leis an nGníomhaireacht (cibé acu fógra a thabhairt di, rud a chur faoina bráid nó aon rud eile a dhéanamh) ansin, má shonraítear amhlaidh i gcomhaontú comhoibrithe arna dhéanamh faoi alt 21 den Acht sin, is comhlíonadh leordhóthanach ar an alt lena mbaineann, an rud a dhéanamh i ndáil leis an nGníomhaireacht nó leis an mBanc mar a shonraítear sa chomhaontú sin.</p> <p>(10) Ceanglaítear ar an mBanc a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus a chumhachtaí a fheidhmiú ar mhodh a bheidh i gcomhréir le Conradh na Róimhe agus le Reacht CEBC.</p> <p>(11) Faoi réir fho-alt (10), comhlíonfaidh an Banc a fheidhmeanna agus feidhmeoidh sé a chumhachtaí ar mhodh a bheidh i gcomhréir—</p> <p>(a) le feidhmiú ordúil cuí margaí airgeadais,</p> <p>(b) le maoirsiú stuama ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais, agus</p> <p>(c) le leas an phobail agus leas tomhaltóirí.</p> <p>(12) Féadfaidh an Banc a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus a chumhachtaí a fheidhmiú sa Stát agus in áiteanna eile.”.</p>
22		<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 5B:</p> <p><i>“Cumhachtaí forlíontacha an Bhainc maidir le freagrachtaí áirithe.</i></p> <p>5C.—(1) Chun a chumasú don Bhanc a fhreagrachtaí a chomhall, féadfaidh sé—</p> <p>(a) staidéir, anailísí agus suirbhéanna a ghabháil de lámh maidir le seirbhísí airgeadais iomchuí a sholáthar do thomhaltóirí,</p> <p>(b) faisnéis a bhailiú agus a thiomsú chun na críche sin, agus</p> <p>(c) torthaí aon staidéar, anailísí nó suirbhéanna den sórt sin a fhoilsiú.</p> <p>(2) Le linn don Bhanc staidéar, anailísí nó suirbhé den sórt sin a ghabháil de lámh, féadfaidh an Banc—</p> <p>(a) le fógra i scríbhinn, a cheangal ar aon duine a bhfuil, i dtuairim an Bhainc, faisnéis aige nó aici, nó rialú aige nó aici ar thaifead nó ar ní eile, is iomchuí i leith an staidéir, na hanailíse nó an tsuirbhé, an fhaisnéis, an taifead nó an ní a sholáthar don Bhanc, agus</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(b) leis an bhfógra céanna nó le fógra eile i scríbhinn, a cheangal ar an duine freastal os comhair oifigigh don Bhanc nó fostaí de chuid an Bhainc chun na críche sin.</p> <p>(3) Faoi réir alt 33AK, má tá an tuairim ag an nGníomhaireacht gur faisnéis iomchuí maidir le feidhmeanna na Gníomhaireachta sin faoi alt 8(3)(ha) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 faisnéis arna fáil ag an mBanc de bhun fho-ailt (1) agus (2), déanfaidh an Banc, ar an nGníomhaireacht é sin a iarraidh air, an fhaisnéis a iarradh a sholáthar don Gníomhaireacht.</p> <p>(4) Déanann duine cion, más rud é—</p> <p>(a) go gcoisceann sé nó sí ar an mBanc d'aon turas cumhacht a thugtar le fo-alt (1) a fheidhmiú,</p> <p>(b) go gcuireann sé nó sí bac nó treampán ar an mBanc le linn dó cumhacht den sórt sin a fheidhmiú,</p> <p>(c) go mainníonn sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, ceanglas arna chur ar an duine de réir fho-alt (2) a chomhlíonadh, nó</p> <p>(d) agus é nó í á airbheartú ceanglas a chomhlíonadh arna chur faoi fho-alt (2) maidir le faisnéis a sholáthar, go ndéanann an duine faisnéis is eol don duine, nó ar chóir gurbh eol don duine, a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha a sholáthar don Bhanc.</p> <p>(5) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais, i scríbhinn, a údarú d'oifigeach don Bhanc nó d'fhostaí de chuid an Bhainc imscrúdú a dhéanamh ar ghnó, nó ar aon ghné de ghnó, soláthraí seirbhíse airgeadais ar ar ceanglaíodh faoin alt seo faisnéis nó taifead nó rud eile a sholáthar. Féadfaidh oifigeach nó fostaí den sórt sin cibé bearta is gá a dhéanamh chun imscrúdú den sórt sin a sheoladh nó i dtaca lena sheoladh.</p> <p>(6) Aon soláthraí seirbhíse airgeadais—</p> <p>(a) a mhainníonn, gan leithscéal réasúnach, comhoibriú le himscrúdú arna sheoladh faoi fho-alt (5), nó</p> <p>(b) a choisceann d'aon turas imscrúdú den sórt sin a sheoladh, nó a dhéanann d'aon turas bac nó treampán a chur ar an imscrúdú,</p> <p>déanann sé cion.</p> <p>(7) Aon duine a chiontaítear i gcion faoin alt seo, dlífear—</p> <p>(a) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €30,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná cúig bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó</p> <p>(b) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.</p> <p>(8) Féadfaidh an Banc imeachtaí achoimre i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh, ach sin gan aon duine atá údaraithe chun ciontaí achoimre a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh a eisiáil.”.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
23	Alt 6	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):</p> <p>“(1A) Ní dhéanfaidh aon ní in <i>Achtanna an Bhainc Ceannais 1942 go 2010</i> difear do neamhspleáchas an Bhainc, an Ghobharnóra agus an Choimisiúin a cheanglaítear le Conradh na Róimhe agus le Reacht CEBC.</p> <p>(1B) Gan teorainn a chur le ginearáltacht fho-alt (1A), ní údaraítear le haon ní in <i>Achtanna an Bhainc Ceannais 1942 go 2010</i> d’aon duine nó d’aon údarás aon ordachán a thabhairt don Bhanc, don Ghobharnóir ná don Choimisiún ná a cheangal ar an gcéanna aon ghníomh a dhéanamh (lena n-áirítear faisnéis a sholáthar) más rud é, dá gcomhlíonadh an Banc, an Ghobharnóir nó an Coimisiún (de réir mar a bheidh) an t-ordachán nó an ceanglas, go mbeadh sé sin ar neamhréir le Conradh na Róimhe nó le Reacht CEBC.”.</p>
24	Fo-ailt (2) agus (3) d’alt 6A	<p>An fo-alt seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“(2) Tá ag an mBanc na cuspóirí seo a leanas freisin:</p> <p>(a) cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine;</p> <p>(b) rialáil chúí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais agus margaí, á chinntiú lena linn sin go ndéantar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint;</p> <p>(c) oibriú éifeachtach agus éifeachtúil córas fócaíochta agus socraíochta;</p> <p>(d) anailís agus tráchtadh a sholáthar chun tacú le forbairt beartais náisiúnta geilleagair;</p> <p>(e) cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile arna dtabhairt dó le dlí a chomhall.</p> <p>(3) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an Aire, i ndáil lena bhfeidhmeanna faoi seach, maidir leis an mBanc do chomhlíonadh aon fheidhme de chuid an Bhainc (seachas feidhm arna forchur air le Conradh na Róimhe nó le Reacht CEBC).”.</p>
25	Alt 6A(5)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an fho-ailt sin:</p> <p>“(5) Déanfaidh an Ghobharnóir nó an Coimisiún (de réir mar is gá sa chás) de réir iarrata ar an nGobharnóir nó ar an gCoimisiún faoi fho-alt (3) nó (4) a mhéid a bheidh an iarraidh i gcomhréir le Conradh na Róimhe, le Reacht CEBC agus le dlí an Stáit.”.</p>
26	Ailt 6B go 6E	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad na bhfo-alt sin:</p> <p><i>“Cumhachtaí an Bhainc chun talamh a shealbhú agus déileáil i dtalamh, etc.</i></p> <p>6B.—(1) D’fhonn a chumasú don Bhanc a fheidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc—</p> <p>(a) talamh a fháil agus a shealbhú, agus</p> <p>(b) oifigí agus áitribh eile a thógáil, a bhunú, a threalmhú agus a chothabháil,</p> <p>i cibé áiteanna, cibé acu sa Stát nó in áit eile, is cú leis.</p> <p>(2) Tá an Coimisiún freagrach as soláthar cóiríochta agus trealaimh oifige agus trealaimh eile a riaradh d’fhonn a chumasú don Bhanc a fheidhmeanna agus a chumhachtaí a chomhlíonadh agus a fheidhmiú.</p> <p>(3) Féadfaidh an Banc talamh a shealbháil an Banc a dhíol, a léasú nó a dhiúscairt ar shlí eile, aon uair a mheasfaidh</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>an Coimisiún nach bhfuil gá a thuilleadh leis an talamh chun a chumasú don Bhanc a fheidhmeanna a chomhlíonadh.</p> <p>(4) San alt seo, foláionn ‘fáil’ fáil trí cheannach, léasú nó malartú.</p> <p><i>Foireann an Bhainc.</i> 6D.—(1) Faoi réir an ailt seo, ceapfaidh an Coimisiún Rúnaí ar an mBanc agus cibé fostaithe eile de chuid an Bhainc a mheasfaidh siad is gá chun go gcomhlíonfar agus go bhfeidhmeofar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc go héifeachtach.</p> <p>(2) Tá an Coimisiún freagrach as foireann an Bhainc a riaradh d’fhonn a chumasú don Bhanc a fheidhmeanna agus a chumhachtaí a chomhlíonadh agus a fheidhmiú.</p> <p>(3) Tá an chumhacht chéanna ag an nGobharnóir chun fostaithe de chuid an Bhainc a cheapadh atá ag an gCoimisiún faoi fho-alt (1), seachas i dtaca le Rúnaí ar an mBanc a cheapadh, ach ní infheidhmithe an chumhacht sin ach amháin i ndáil le freagrachtaí a shonraítear i míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (1), agus i bhfo-alt (2), d’alt 19A.</p> <p>(4) Maidir le fostaithe a cheapfar faoi fho-alt (3), measfar, chun críocha an Achta seo, gur faoi fho-alt (1) a ceapadh iad.</p> <p>(5) Beidh fostaithe an Bhainc le fostú ar cibé coinníollacha (lena n-áirítear coinníollacha maidir le luach saothair agus liúntais) a shocróidh an Coimisiún ó am go ham.</p> <p>(6) Faoi réir fho-alt (8), déanfar ceapachán faoin alt seo trí chomórtas a bheidh le seoladh de réir rialacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún.</p> <p>(7) Féadfaidh an Coimisiún, i ndáil le comórtas áirithe, coinníollacha a fhorchur maidir le hiontráil, teorainneacha agus cosaintí.</p> <p>(8) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (6) maidir le ceapachán chuig post má chinneann an Coimisiún gur mhíchuí an ceapachán chuig an bpost sin a dhéanamh trí chomórtas.</p> <p>(9) Bunóidh agus oibreoidh an Coimisiún beartas faoina ndéanfar foráil maidir le deiseanna a thabhairt d’fhostaithe de chuid an Bhainc le haghaidh oiliúna agus taithí i ngníomhaíochtaí éagsúla de chuid an Bhainc.”.</p>
27	Alt 10	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p><i>“Séala an Bhainc.</i> 10.—(1) Déanfar séala an Bhainc a choinneáil i cibé coimeád a ordóidh an Coimisiún.</p> <p>(2) Ní úsáidfear séala an Bhainc ach amháin mar a údaróidh—</p> <p>(a) an Coimisiún, má tá an séala le húsáid i ndáil le feidhm nó cumhacht de chuid an Bhainc a bheidh le comhlíonadh nó le feidhmiú ag an gCoimisiún, nó</p> <p>(b) an Gobharnóir, má tá an séala le húsáid i ndáil le feidhm nó cumhacht de chuid an Bhainc a bheidh le comhlíonadh nó le feidhmiú ag an nGobharnóir.</p> <p>(3) Déanfar séala an Bhainc a fhíordheimhniú—</p> <p>(a) le síniú an Ghobharnóra nó le síniú comhalta den Choimisiún a bheidh údaraithe chuige sin ag an gCoimisiún, agus</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(b) le comhshíniú Rúnaí an Bhainc nó le comhshíniú oifigigh éigin eile don Bhanc nó fostaí éigin eile de chuid an Bhainc, a bheidh údaraithe chuige sin ag an gCoimisiún.</p> <p>(4) Aon doiciméad a airbheartóidh a bheith déanta nó eisithe ag an mBanc agus a bheith séalaithe le séala an Bhainc arna fhíordheimhniú de réir fho-alt (3), beidh sé inghlactha i bhfianaise agus measfar gurb é an Banc a rinne nó a d'eisigh é go dtí go suítear a mhalairt, gan chruthúnas ar an síniú nó ar údarás aon duine a airbheartóidh é a shíniú nó a chomhshíniú.”.</p>
28	Ailt 18B go 18D	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad na n-alt sin:</p> <p><i>“Feidhmeanna Choimisiún an Bhainc Ceannais.</i> 18B.—(1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite leis an Acht seo, is é Coimisiún an Bhainc Ceannais a dhéanfaidh gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú.</p> <p>(2) Cinnteoidh an Coimisiún go ndéanfar feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc a chomhtháthú agus a chomhordú.</p> <p>(3) Gan dochar d’alt 19A, cinnteoidh an Coimisiún go ndéanfar na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc le hait 5A, 5B agus 5C a fheidhmiú agus a chomhall go cúí.</p> <p>(4) Ní dhéanfaidh folúntas nó folúntais i gcomhaltas an Choimisiúin difear do chomhlíonadh agus d’fheidhmiú feidhmeanna agus chumhachtaí an Choimisiúin.</p> <p><i>Beidh gníomhartha, etc., ag an gCoimisiún ina ngníomhartha, etc. ag an mBanc.</i> 18C.—Aon ghníomh, ní nó rud a dhéanfaidh an Coimisiún in ainm an Bhainc nó thar ceann an Bhainc i gcomhlíonadh nó i bhfeidhmiú feidhmeanna nó chumhachtaí an Choimisiúin, measfar gurbh é an Banc a rinne é.</p> <p><i>Comhaltas an Choimisiúin.</i> 18CA.—(1) Is iad a bheidh ar an gCoimisiún—</p> <p>(a) na daoine a bheidh de thuras na huaire ag sealbhú na n-oifigí seo a leanas nó ag comhlíonadh dhualgais na n-oifigí seo a leanas:</p> <p>(i) an Gobharnóir;</p> <p>(ii) an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais;</p> <p>(iii) an Ceannasaí Rialála Airgeadais;</p> <p>(iv) Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais, agus</p> <p>(b) líon nach lú ná 6 chomhalta ach nach mó ná 8 gcomhalta eile arna gceapadh ag an Aire.</p> <p>(2) Is é nó is í an Gobharnóir Cathaoirleach an Choimisiúin.</p> <p><i>Cumhachtaí breise an Choimisiúin.</i> 18D.—(1) Tá an chumhacht ag an gCoimisiún chun cibé nithe a dhéanamh is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh nó i dtaca lena gcomhlíonadh nó a ghabhann le réasún lena gcomhlíonadh.</p> <p>(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1) agus faoi réir fho-alt (3), féadfaidh an Coimisiún—</p> <p>(a) coistí de chuid an Choimisiúin a bhunú ar a mbeidh comhalta nó comhaltaí den Choimisiún, ina n-aonar nó in éineacht le</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>hoifigeach nó oifigigh don Bhanc nó le fostaí nó fostaíthe de chuid an Bhainc, agus</p> <p>(b) nós imeachta na gcoistí sin a chinneadh agus feidhmeanna agus cumhachtaí na gcoistí sin a shonrú.</p> <p>(3) Ní údaraítear don Choimisiún le fo-alt (2) aon fheidhm de chuid an Bhainc a tharmligean chuig coiste, ar feidhm í a gceanglaítear le foráil den Acht seo gurb é nó gurb í an Gobharnóir a chomhlíonfaidh í.</p> <p><i>Féadfaidh an Banc grúpaí comhairleacha a bhunú.</i></p> <p>18E.—(1) Faoi réir fho-alt (2), bunóidh an Banc grúpa comhairleach nó grúpaí comhairleacha chun comhairle a thabhairt dó maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus feidhmiú a chumhachtaí agus, go háirithe, bunóidh sé an méid seo a leanas:</p> <p>(a) grúpa comhairleach chun comhairle a thabhairt don Bhanc maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus feidhmiú a chumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais;</p> <p>(b) grúpa comhairleach chun comhairle a thabhairt don Bhanc, i gcás go n-iarrfaidh an Banc amhlaidh, maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus feidhmiú a chumhachtaí i ndáil le comhair chreidmheasa.</p> <p>(2) Ní bhunóidh an Banc grúpa comhairleach i ndáil leis na feidhmeanna de chuid an Ghobharnóra a bhaineann le CEBC.</p> <p>(3) Faoi réir fho-alt (4), beidh i ngrúpa comhairleach arna bhunú faoi fho-alt (1) daoine a bhfuil saineolas, eolas nó taithí acu is iomchuí maidir le feidhmeanna an ghrúpa chomhairligh lena mbaineann, agus féadfaidh comhaltaí den Choimisiún, oifigigh don Bhanc nó fostaíthe de chuid an Bhainc a bheith ar áireamh ann.</p> <p>(4) Maidir leis an ngrúpa comhairleach (dá ngairtear ‘an grúpa comhairleach do thomhaltóirí’ san alt seo) arna bhunú chun comhairle a thabhairt don Bhanc maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus feidhmiú a chumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais, ní bheidh comhaltaí den Choimisiún, oifigigh don Bhanc ná fostaíthe de chuid an Bhainc ar áireamh ann.</p> <p>(5) Tabharfaidh an grúpa comhairleach do thomhaltóirí comhairle don Bhanc maidir le feidhmiú cumhachtaí an Bhainc agus comhlíonadh feidhmeanna an Bhainc i ndáil le tomhaltóirí na seirbhísí airgeadais agus go háirithe—</p> <p>(a) i ndáil le héifeachtaí Pleananna Straitéiseacha an Bhainc ar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais,</p> <p>(b) i ndáil le tionscnaimh a mbeidh de chuspóir leo tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint, agus</p> <p>(c) má iarrann an Banc amhlaidh, i ndáil le doiciméid, le páipéir comhairliúcháin agus le hábhair eile a bheidh ullmhaithe ag an mBanc.</p> <p>(6) Ní rachaidh an tréimhse ar lena linn a fhéadfar comhalta den ghrúpa comhairleach do thomhaltóirí a cheapadh thar 3 bliana. Beidh comhalta in-athcheaptha.</p> <p>(7) Cinnfidh an Banc an chaoi inar féidir, agus na cúiseanna ar féidir, comhalta de ghrúpa comhairleach a chur ó bheith ina chomhalta nó ina comhalta den ghrúpa comhairleach.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(8) Soláthróidh an Banc do ghrúpa comhairleach cibé seirbhísí riaracháin agus cibé cistí a chreideann an Banc is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.</p> <p><i>Feidhmeanna áirithe de chuid an Choimisiún, etc. a tharmligean.</i></p> <p>18F.—(1) Faoi réir fho-alt (3), féadfaidh an Coimisiún aon fheidhm nó cumhacht de chuid an Choimisiúin a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Ceannasaí Feidhme nó chuig fostaí de chuid an Bhainc, más cú leis an gCoimisiún déanamh amhlaidh ar mhaithe le bainistiú éifeachtúil éifeachtach an Bhainc agus feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna.</p> <p>(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh an Coimisiún, go sonrach—</p> <p>(a) comhlíonadh nó feidhmiú ceann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna agus cumhachtaí an Choimisiúin a tharmligean chuig duine sonraithe nó comhlacht sonraithe (lena n-áirítear coiste arna bhunú faoi alt 18D(2));</p> <p>(b) maidir le feidhmeanna nó cumhachtaí arna dtarmligean faoin bhfo-alt seo, coinníollacha, teorainneacha nó srianta a fhorchur ar chomhlíonadh nó ar fheidhmiú na bhfeidhmeanna nó na gcumhachtaí sin ag aon duine nó comhlacht den sórt sin;</p> <p>(c) foráil a dhéanamh i gcásanna cú go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar bhreitheanna a thug, nó ar rudaí a rinne, aon duine nó comhlacht den sórt sin le linn dó nó di aon fheidhm nó cumhacht arna tharmligean amhlaidh a chomhlíonadh nó a fheidhmiú.</p> <p>(3) Ní údaraítear le fo-alt (2) don Choimisiún aon fheidhm de chuid an Bhainc a tharmligean chuig coiste, ar feidhm í a gceanglaítear le foráil den Acht seo gurb é nó í an Gobharnóir a chomhlíonfaidh í.”.</p>
29	Alt 19A(3)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an fho-ailt sin:</p> <p>“(3) Faoi réir cheanglais Chonradh na Róimhe agus Reacht CEBC, déanfaidh an Gobharnóir faisnéis maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna agus na gcumhachtaí dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) ag an nGobharnóir a sholáthar don Choimisiún agus féadfaidh sé nó sí an céanna a phlé leis an gCoimisiún.”.</p>
30	Alt 19B	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin:</p> <p><i>“Cinntí i dtaobh saincheisteanna áirithe a bhaineann le Conarthaí a rialaíonn an tAontas Eorpach agus le Reacht CEBC.</i></p> <p>19B.—I gcás go mbeidh saincheist bhuiséid nó mhaoinithe maidir leis an mBanc á breithniú ag an mBord, agus, i dtuairim an Ghobharnóra, go bhfuil impleachtaí ag an tsaincheist maidir le neamhspleáchas an Bhainc nó maidir leis an nGobharnóir do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna a thugtar don Ghobharnóir agus don Bhanc leis na conarthaí a rialaíonn an tAontas Eorpach (de réir na brí a thugtar le halt 1 d’Acht na gComhphobal Eorpach 1972 arna leasú le halt 2 d’Acht na gComhphobal Eorpach 2009) nó le Reacht CEBC, nó fúthu nó faoi, cuirfidh an Gobharnóir an méid sin in iúl don Choimisiún agus, ina dhiaidh sin—</p> <p>(a) scoirfidh an Coimisiún den tsaincheist a bhreithniú,</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(b) is ag an nGobharnóir amháin a bheidh an ceart an tsaincheist a chinneadh, agus</p> <p>(c) is cinneadh críochnaitheach cinneadh an Ghobharnóra.”.</p>
31	Alt 21(2)	“más rud é go mbeidh rún rite d’aon ghuth ag comhaltaí eile den Bhord á iarraidh ar an Uachtarán an Ghobharnóir a chur as oifig” a scriosadh.
32	Alt 22(1)	“de na Stiúrthóirí” a scriosadh, “de na comhaltaí” a chur ina ionad.
33	Alt 22(2)	“na Stiúrthóirí” a scriosadh, “na comhaltaí” a chur ina ionad.
34	Fo-ailt (3) go (7) d’alt 22	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad na bhfo-alt sin:</p> <p>“(3) I gcás go dtiocfaidh oifig an Ghobharnóra chun a bheith folamh, féadfaidh an Coimisiún comhalta eile den Choimisiún a cheapadh le gníomhú mar Ghobharnóir chun freagrachtaí ainmnithe an Ghobharnóra a chur i gcrích le linn an fholúntais sin. Ní leanfaidh comhalta a cheapfar amhlaidh de bheith ag gníomhú tar éis deireadh tréimhse 3 mhí ó tharla an folúntas ba chúis lena cheapadh nó lena ceapadh.</p> <p>(4) Comhalta a cheapfar faoin alt seo, beidh freagrachtaí ainmnithe oifig an Ghobharnóra air nó uirthi agus freisin beidh na cumhachtaí aige nó aici a bhaineann le cur i gcrích na bhfreagrachtaí sin le linn dó nó di gníomhú mar Ghobharnóir.</p> <p>(5) Comhalta a cheapfar faoin alt seo chun gníomhú mar Ghobharnóir, beidh sé nó sí i dteideal go n-íocfar leis nó léi cibé luach saothair (lena n-áirítear liúntais taistil agus chothabhála) a chinnfidh an Coimisiún ó am go ham.</p> <p>(6) Ní scarann comhalta, a cheapfar faoin alt seo chun gníomhú mar Ghobharnóir, lena oifig nó lena hoifig mar chomhalta, de bhíthin an cheapacháin sin.</p> <p>(7) Níl feidhm ag an alt seo maidir le freagrachtaí de chuid an Ghobharnóra a gceanglaítear, de bhua alt 22A, go gcuirfidh an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais i gcrích iad in aon imthosca díobh sin a shonraítear san alt sin.”.</p>
35	Alt 22A	“Ard-Stiúrthóir an Bhainc” a scriosadh, “an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais” a chur ina ionad.
36	Ailt 23 go 25	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad na n-alt sin:</p> <p>“<i>Ceannasaithe Feidhme.</i></p> <p>23.—(1) San Acht seo, aon tagairt do na Ceannasaithe Feidhme, is tagairt í don Cheannasaí Baincéireachta Ceannais agus don Cheannasaí Rialála Airgeadais.</p> <p>(2) Féadfaidh an Coimisiún, le toiliú an Aire, teideal eile a chur in ionad an teidil ‘an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais’ nó an teidil ‘an Ceannasaí Rialála Airgeadais’ nó in ionad an dá theideal araon. Má dhéanann an Coimisiún amhlaidh, le toiliú an Aire, cuirfidh an Coimisiún faoi deara fógra maidir leis an gcur in ionad a fhoilsíú san Iris Oifigiúil. Ní bheidh éifeacht leis an gcur in ionad ach ar dháta an fhoilsithe sin agus dá éis.</p> <p>(3) Má chuireann an Coimisiún teideal in ionad teidil de réir fho-alt (2), déanfar tagairt don teideal ‘an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais’ nó ‘an Ceannasaí Rialála Airgeadais’, de réir mar a bheidh, san Acht seo nó in aon achtachán eile nó in ionstraim reachtúil a fhorléiriú de réir an chuir in ionad.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p><i>Freagrachtaí Ceannasaithe Feidhme.</i> 23A.—Faoi réir alt 22A, is é a bheidh i bhfreagrachtaí Ceannasaí Feidhme na freagrachtaí sin a shannfaidh an Coimisiún don oifig lena mbaineann.</p> <p><i>Ceannasaithe Feidhme a Cheapadh.</i> 23B.—(1) Déanfaidh an Coimisiún, le toiliú an Aire, daoine atá cáilithe go hoiriúnach a cheapadh mar Cheannasaithe Feidhme.</p> <p>(2) Faoi réir fho-alt (3), is trí chomórtas oscailte a dhéanfar ceapachán mar Cheannasaí Feidhme.</p> <p>(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le ceapachán Ceannasaí Feidhme má thugann an Coimisiún breith gur mhíchuí ceapachán chuig an oifig a dhéanamh trí chomórtas oscailte.</p> <p>(4) Níl duine incháilithe lena cheapadh nó lena ceapadh mar Cheannasaí Feidhme, más rud é—</p> <p>(a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í,</p> <p>(b) go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta den sórt sin nó go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,</p> <p>(c) gur comhalta de Pharlaimint na hEorpa é nó í nó go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta den sórt sin nó chun folúntas i gcomhaltas na Parlaiminte sin a líonadh, nó</p> <p>(d) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í nó go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta den sórt sin.</p> <p><i>Téarmaí ceapacháin Ceannasaithe Feidhme.</i> 23C.—(1) Tá éifeacht le ceapachán mar Cheannasaí Feidhme ón dáta a thioleoidh an tAire leis an gceapachán nó ó dháta is déanaí a chomhaontóidh an Coimisiún agus an duine a cheapfar.</p> <p>(2) Faoi réir fho-ailt (3) agus (6), sealbhóidh Ceannasaí Feidhme oifig go ceann tréimhse suas le 5 bliana, de réir mar a cheadóidh an tAire an tráth a cheapfar an Ceannasaí Feidhme, agus beidh sé nó sí incháilithe lena athcheapadh nó lena hathcheapadh ar choinníoll nach faide ná 10 mbliana tréimhse iomlán oifige duine a cheapfar mar Cheannasaí Feidhme.</p> <p>(3) Ní áireofar na tréimhsí seo a leanas chun an tréimhse a chinneadh a raibh an duine i seilbh oifige mar Cheannasaí Feidhme ina leith:</p> <p>(a) aon tréimhse a raibh an duine ag gníomhú lena linn i gceachtar ceann de na hoifigí Ceannasaí Feidhme;</p> <p>(b) aon tréimhse a raibh an duine i seilbh na hoifige Ceannasaí Feidhme eile lena linn.</p> <p>(4) Gheobhaidh Ceannasaí Feidhme cibé luach saothair agus liúntais, agus beidh sé nó sí faoi réir cibé coinníollacha seirbhíse, a chinnfidh an Coimisiún ó am go ham.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(5) Ní ceadmhach do dhuine a cheapfar mar Cheannasaí Feidhme gabháil d'fhostaíocht chúititheach eile ach amháin le toiliú an Choimisiúin.</p> <p>(6) Scoirfidh duine d'oifig a shealbhú mar Cheannasaí Feidhme, más rud é—</p> <p>(a) go bhfaighidh sé nó sí bás,</p> <p>(b) go gcríochnóidh sé nó sí téarma oifige agus nach n-athcheapfar é nó í,</p> <p>(c) go n-éireoidh sé nó sí as oifig le fógra i scríbhinn a bheidh dírithe ar an nGobharnóir,</p> <p>(d) go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,</p> <p>(e) go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta de Pharlaimint na hEorpa nó chun folúntas a líonadh i gcomhaltas na Parlaiminte sin,</p> <p>(f) go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta d'údarás áitiúil,</p> <p>(g) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í (sa Stát nó in áit eile) nó go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht le creidiúnaithe an duine,</p> <p>(h) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith éagumasach ó thaobh coirp nó meabhrach de ar dhualgais na hoifige iomchuí Ceannasaí Feidhme a chomhlíonadh,</p> <p>(i) go gciontófar é nó í i gcion (sa Stát nó in áit eile) agus go ngearrfar mar phianbhreith air nó uirthi téarma príosúnachta a chur isteach i leith an chiona, nó</p> <p>(j) go gcuirfear as oifig é nó í faoi fho-alt (7).</p> <p>(7) Féadfaidh an Coimisiún Ceannasaí Feidhme a chur as oifig nó a fhionraí ón oifig, ach sin amháin ar chúiseanna a bheidh curtha in iúl i scríbhinn roimhe sin don Cheannasaí Feidhme lena mbaineann.</p> <p><i>Ceannasaithe Feidhme Gníomhacha.</i> 23D.—(1) I gcás—</p> <p>(a) Ceannasaí Feidhme a bheith breoite nó as láthair,</p> <p>(b) sealbhóir oifige den sórt sin a bheith fionraithe ón oifig, nó</p> <p>(c) folúntas a bheith in oifig den sórt sin,</p> <p>féadfaidh an Gobharnóir, le toiliú na gcomhaltaí eile den Choimisiún, comhalta den Choimisiún nó oifigeach don Bhanc nó fostaí de chuid an Bhainc a cheapadh chun gníomhú san oifig iomchuí.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(2) Duine atá ag gníomhú mar Cheannasaí Feidhme, beidh freagrachtaí uile na hoifige sin air nó uirthi agus cumhachtaí uile na hoifige sin aige nó aici le linn dó nó di a bheith ag gníomhú san oifig sin.</p> <p>(3) Féadfaidh na comhaltaí eile den Choimisiún aon tráth duine atá ag gníomhú mar Cheannasaí Feidhme a chur as oifig.</p> <p>(4) Má tá duine le bheith ag gníomhú mar Cheannasaí Feidhme go ceann tréimhse is faide ná 6 mhí, ní bheidh éifeacht leis an gceapachán go dtí go gceadóidh an tAire é. Ní leanfaidh duine atá ag gníomhú mar Cheannasaí Feidhme de bheith ag gníomhú amhlaidh go ceann tréimhse is faide ná 6 mhí gan toiliú an Aire.</p> <p>(5) Beidh duine atá ag gníomhú mar Cheannasaí Feidhme i dteideal go n-íocfar leis nó léi cibé luach saothair (lena n-áirítear liúntais taistil agus chothabhála) a chinnfidh an Coimisiún ó am go ham.</p> <p><i>Comhaltaí an Choimisiúin a cheapadh.</i></p> <p>24.—(1) Féadfaidh an tAire duine a cheapadh mar chomhalta den Choimisiún más é tuairim an Aire, agus sa chás sin amháin, go bhfuil eolas iomchuí ag an duine ar na nithe seo a leanas—</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) cuntasáíocht, (b) eolaíocht achtúireachta, (c) baincéireacht, (d) leasanna tomhaltóirí, (e) rialachas corparáideach, (f) eacnamaíocht, (g) rialú airgeadais, (h) rialáil airgeadais, (i) seirbhísí airgeadais, (j) árachas, (k) dlí, (l) beartas sóisialta, nó (m) rialú córas. <p>(2) Ní bheidh duine incháilithe lena cheapadh nó lena ceapadh mar chomhalta den Choimisiún más rud é—</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í, (b) go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta den sórt sin nó go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, (c) gur comhalta de Pharlaimint na hEorpa é nó í nó go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta den sórt sin nó chun folúntas i gcomhaltas na Parlaiminte sin a líonadh, nó

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(d) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í nó go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta den sórt sin.</p> <p><i>Luach saothair, etc. chomhaltaí ceaptha an Choimisiúin.</i> 24A.—Beidh comhalta ceaptha den Choimisiún i dteideal go n-íofar leis nó léi cibé luach saothair agus liúntais, agus beidh sé nó sí faoi réir cibé coinníollacha seirbhíse, a chinnfidh an tAire ó am go ham.</p> <p><i>Seilbh oifige comhaltaí den Choimisiún.</i> 24B.—(1) Beidh comhalta <i>ex-officio</i> den Choimisiún i seilbh oifige mar chomhalta den sórt sin fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig, nó a chomhlíonfaidh sé nó sí dualgais na hoifige, ar dá bua is comhalta den sórt sin é nó í.</p> <p>(2) Faoi réir fho-ailt (3) agus (4), beidh comhalta ceaptha den Choimisiún i seilbh oifige mar chomhalta den sórt sin go ceann tréimhse 5 bliana mura scoirfidh sé nó sí roimhe sin den oifig sin a shealbhú de réir forála den Chuid seo.</p> <p>(3) Maidir leis an gcéad ochtar a cheapfar mar chomhaltaí den Choimisiún—</p> <p>(a) is go ceann chéad téarma 5 bliana a cheapfar 2 nó 3 de na daoine sin,</p> <p>(b) is go ceann chéad téarma 4 bliana a cheapfar 2 nó 3 de na daoine sin, agus</p> <p>(c) is go ceann chéad téarma 3 bliana a cheapfar 2 nó 3 de na daoine sin.</p> <p>(4) Ní bheidh comhalta ceaptha den Choimisiún i dteideal fónamh ar feadh níos mó ná 2 théarma oifige.</p> <p><i>Comhaltaí den Choimisiún do scaradh le hoifig.</i> 25.—(1) Scoireann duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta <i>ex-officio</i> den Choimisiún má scoireann sé nó sí den oifig a shealbhú nó de dhualgais na hoifige a chomhlíonadh, ar oifig í ar dá bua is comhalta den sórt sin é nó í.</p> <p>(2) Scoirfidh comhalta ceaptha den Choimisiún de bheith ina chomhalta nó ina comhalta ceaptha más rud é—</p> <p>(a) go bhfaighidh sé nó sí bás,</p> <p>(b) go gcríochnóidh sé nó sí téarma oifige agus nach n-athcheapfar é nó í,</p> <p>(c) go n-éireoidh sé nó sí as oifig trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe ar an nGobharnóir,</p> <p>(d) go raibh sé nó sí, gan cead ó na comhaltaí eile, as láthair ó chruinnithe den Choimisiún ar feadh tréimhse comhleanúnaí 6 mhí,</p> <p>(e) go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,</p> <p>(f) go n-ainmneofar é nó í, lena thoiliú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta de Pharlaimint na hEorpa nó chun folúntas a líonadh i gcomhaltas na Parlaiminte sin,</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(g) go n-ainmneofar é nó í, lena thoilú nó lena toiliú, mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta d'údarás áitiúil,</p> <p>(h) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í (sa Stát nó in áit eile) nó go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht le creidiúnaithe an duine,</p> <p>(i) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith éagumasach ó thaobh coirp nó meabhrach de ar dhualgais comhalta den Choimisiún a chomhlíonadh,</p> <p>(j) go gciontófar é nó í i gcion (sa Stát nó in áit eile) agus go ngearrfar mar phianbhreith air nó uirthi téarma príosúnachta a chur isteach i leith an chiona, nó</p> <p>(k) go gcuirfear as oifig é nó í faoi fho-alt (3).</p> <p>(3) Féadfaidh an tAire comhalta ceaptha den Choimisiún a chur as oifig—</p> <p>(a) mar gheall ar mhí-iompar nó neamhinniúlacht a cruthaíodh, nó</p> <p>(b) más rud é, i dtuairim an Aire, gur gá nó gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh chun a chumasú don Choimisiún feidhmiú go héifeachtach.”.</p>
37	Alt 28	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin:</p> <p><i>“Folúntais sa Choimisiún a líonadh.</i> 28.—A luaithe is indéanta tar éis do chomhalta ceaptha den Choimisiún scor de bheith i seilbh oifige, ceapfaidh an tAire duine chun an folúntas a líonadh.”.</p>
38	Alt 32	“an Bhoird” a scriosadh, “an Choimisiúin” a chur ina ionad.
39	Cuid IIIA, Caibidil 1 agus 2	<p>An méid seo a leanas a chur ina n-ionad:</p> <p style="text-align: center;">“CUID IIIA</p> <p style="text-align: center;">BAINISTÍOCHT, AIRGEADAS AGUS CUNTASAÍOCHT</p> <p style="text-align: center;">Caibidil 1A</p> <p style="text-align: center;"><i>Bainistíocht</i></p> <p><i>Creat chun freagrachtaí a shannadh.</i> 32A.—(1) Molfaidh an Gobharnóir plean don Choimisiún maidir le freagracht as cumhachtaí agus feidhmeanna sonraithe de chuid an Bhainc a shannadh dó féin nó di féin, do Cheannasaí Feidhme nó d'oifigeach don Bhanc nó d'fhostaí de chuid an Bhainc.</p> <p>(2) Más cuí, ceanglófar, trí fhreagracht as comhlíonadh feidhme a shannadh, go ndéanfaidh an duine dá sannfar an fheidhm—</p> <p>(a) comhairle faoi bheartas a sholáthar i ndáil le hábhar an tsannta agus nithe gaolmhara,</p> <p>(b) aon aschuir a shonrófar sa sannadh a bhaint amach,</p> <p>(c) freagracht a ghlacadh as oibriú scéimeanna reachtúla nó clár reachtúil a shonrófar sa sannadh,</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(d) freagracht a ghlacadh as seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar de bhun an tsannta,</p> <p>(e) a chinntiú maidir leis an gcaiteachas i ndáil le réimse an tsannta go mbeidh sé ag teacht leis an gcrích ar ina leith is cúig agus is innhuirearaithe an caiteachas ar chuntais an Bhainc agus go bhfaighfear luach ar airgead, agus</p> <p>(f) feidhmeanna a chomhlíonadh, thar ceann an Choimisiúin, i ndáil le ceapacháin, feidhmíocht agus araíonacht pearsanra i réimse an tsannta.</p> <p>(3) Beidh Ceannasaí Feidhme nó fostaí, dá mbeidh an fhreagracht as comhlíonadh feidhme sannta, cuntasach i gcomhlíonadh na feidhme sin don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a shonrófar chun na críche sin sa sannadh.</p> <p><i>Ullmhóidh an Banc plean straitéiseach.</i></p> <p>32B.—(1) Déanfaidh an Banc, 3 mhí ar a laghad roimh thosach gach tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (2)—</p> <p>(a) plean straitéiseach a bheidh de réir an ailt seo a ullmhú don tréimhse, agus</p> <p>(b) an plean a chur faoi bhráid an Aire.</p> <p>(2) Is iad na tréimhsí dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—</p> <p>(a) an tréimhse 3 bliana airgeadais dar tosach an 1 Eanáir 2011, agus</p> <p>(b) gach tréimhse 3 bliana airgeadais ina dhiaidh sin.</p> <p>(3) Déanfar na nithe seo a leanas a shonrú i bplean straitéiseach—</p> <p>(a) cuspóirí ghníomhaíochtaí an Bhainc don tréimhse iomchuí,</p> <p>(b) cineál agus réim na ngníomhaíochtaí a bheidh le gabháil de láimh,</p> <p>(c) na straitéisí agus na beartais chun na cuspóirí sin a bhaint amach,</p> <p>(d) spriocanna agus critéir chun feidhmíocht an Bhainc a mheasúnú, agus</p> <p>(e) na húsáidí ar lena n-aghaidh a bheartaíonn an Banc feidhm a bhaint as a chuid acmhainní.</p> <p>(4) Má tá fógra i scríbhinn tugtha ag an Aire don Bhanc i dtaobh aon cheanglas maidir leis an bhfoirm ina mbeidh plean straitéiseach le hullmhú, beidh an plean sin de réir na gceanglas sin.</p> <p>(5) A luaithe is féidir tar éis plean straitéiseach an Bhainc a fháil, socróidh an tAire go leagfar an plean faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.</p> <p>(6) A luaithe is indéanta tar éis teacht ar an eolas go bhfuil plean straitéiseach leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, déanfaidh an Banc an plean straitéiseach a fhoilsiú agus déanfaidh sé gach beart is indéanta le réasún chun é a chur i bhfeidhm.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p style="text-align: center;">Caibidil 2A</p> <p style="text-align: center;"><i>Airgeadas agus cuntasáíocht</i></p> <p><i>Meastacháin bhliantúla i ndáil le feidhmeanna rialála airgeadais.</i></p> <p>32C.—Déanfaidh an Banc, tráth nach déanaí ná mí amháin roimh dheireadh gach bliana airgeadais, meastachán ar na nithe seo a leanas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire—</p> <p>(a) a ioncam as tobhaigh agus táillí arna bhforchur le rialacháin faoi ailt 32D agus 32E,</p> <p>(b) aon fhoinsé eile cistí chun críocha a chumhachtaí agus a fheidhmeanna faoi na hachtacháin ainmnithe agus na hionstraimí reachtúla ainmnithe, agus</p> <p>(c) a chaiteachas i ndáil le feidhmiú na gcumhachtaí agus na bhfeidhmeanna sin,</p> <p>le linn na chéad bliana airgeadais eile.</p> <p><i>Cumhacht chun tobhaigh a fhorchur.</i></p> <p>32D.—(1) Féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar tobhaigh a bheidh le híoc ag daoine atá faoi réir a rialála faoi na hachtacháin ainmnithe agus na hionstraimí reachtúla ainmnithe.</p> <p>(2) Go sonrach, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoi fho-alt (1) le haghaidh aon ní díobh seo a leanas:</p> <p>(a) na gníomhaíochtaí, seirbhísí nó nithe eile a bhfuil cineálacha sonraithe tobhach iníoctha ina leith;</p> <p>(b) na daoine, nó na haicmí daoine, ar a gceanglaítear cineálacha sonraithe tobhach a íoc;</p> <p>(c) méideanna cineálacha sonraithe tobhach;</p> <p>(d) na tréimhsí ar lena linn a dhéanfar, nó na dátaí faoina ndéanfar, tobhaigh shonraithe a íoc leis an mBanc;</p> <p>(e) pionóis is iníoctha ag duine nach n-íocann tobhach in am;</p> <p>(f) taifid a choimeád, agus tuairisceáin a thabhairt don Bhanc, ag daoine a dhlífidh tobhach sonraithe a íoc;</p> <p>(g) tobhaigh a bhailiú agus a ghnóthú.</p> <p>(3) Ní bheidh éifeacht le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo go dtí go gceadóidh an tAire iad.</p> <p>(4) Beidh tobhach a fhorordófar i ndáil le comhair chreidmheasa le socrú chun nach mó méid iomlán an tobhaigh a bhaileofar nó a ghnóthófar ó chomhair chreidmheasa ná na costais go léir a thabhoíd an Banc le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus a chumhachtaí a fheidhmiú faoin Acht um Chomhar Creidmheasa 1997.</p> <p>(5) Féadfaidh an Banc méid tobhaigh is iníoctha faoi rialacháin atá i bhfeidhm faoin alt seo a ghnóthú mar fhiach trí imeachtaí i gcúirt dlínse inniúla.</p> <p>(6) Féadfaidh an Banc tobhach iomlán nó cuid de thobhach, arna íoc nó arna híoc nó is iníoctha faoi rialacháin atá i bhfeidhm faoin alt seo, a aisíoc.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(7) Féadfaidh an Coimisiún rialachán arna dhéanamh faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm.</p> <p>(8) Ní bheidh éifeacht le leasú ná le cúlghairm rialachán arna ndéanamh faoin alt seo go dtí go gceadóidh an tAire é nó í.</p> <p>(9) San alt seo, ní fholáionn ‘tobhach’ táille.</p> <p><i>Cumhacht chun táillí a fhorordú.</i></p> <p>32E.—(1) Féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar táillí chun críche aon achtacháin lena bhforáiltear, faoi threoir an ailt seo nó alt 33K (mar a bhí sé i bhfeidhm aon tráth roimh theacht i ngníomh don alt seo), go n-íocfar táille.</p> <p>(2) Féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le gach ní nó aon ní díobh seo a leanas:</p> <p>(a) na daoine, nó na haicmí daoine, ar a gceanglófar cineálacha sonraithe táillí a íoc;</p> <p>(b) méideanna cineálacha sonraithe táillí;</p> <p>(c) táillí a bhailiú.</p> <p>(3) Féadfar rialacháin den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a áireamh i rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (1).</p> <p>(4) Ní bheidh éifeacht le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo go dtí go gceadóidh an tAire iad.</p> <p>(5) Féadfaidh an Banc méid is iníoctha mar tháille faoi rialacháin atá i bhfeidhm faoin alt seo a ghnóthú mar fhiach trí imeachtaí i gcúirt dlínse inniúla.</p> <p>(6) Féadfaidh an Banc táille iomlán nó cuid de tháille arna híoc de bhun rialachán arna ndéanamh faoin alt seo a aisíoc.</p> <p>(7) Féadfaidh an Coimisiún rialachán arna dhéanamh faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm.</p> <p>(8) Ní bheidh éifeacht le leasú ná le cúlghairm rialachán arna ndéanamh faoin alt seo go dtí go gceadóidh an tAire é nó í.</p> <p><i>Ciste ginearálta.</i></p> <p>32F.—(1) Leanfaidh an Banc den chiste dá ngairtear an ciste ginearálta a choimeád agus a oibriú.</p> <p>(2) Íocfaidh an Banc isteach sa chiste ginearálta an t-airgead go léir a gheobhaidh an Banc agus íocfaidh sé as an gciste sin na méideanna go léir a cheanglaítear air a íoc.</p> <p>(3) Na caiteachais a thabhoíd an Banc le linn feidhmeanna a chomhlíonadh nó cumhachtaí a fheidmiú faoin Acht seo nó faoi aon Acht nó dlí eile, beidh siad iníoctha as ciste ginearálta an Bhainc, ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt leis an Acht seo nó faoi nó le haon Acht eile nó faoi.</p> <p>(4) Aon éilimh ar an mBanc Ceannais Eorpach, nó aon dliteanais dó, déileálfar leo mar shócmhainní nó dliteanais de chuid an chiste ghinearálta nó de chuid cibé ciste eile a bhunófar le hordú ón Aire chun na críche sin.</p> <p><i>Barrachas nó easnamh in ioncam an Bhainc le linn bliana airgeadais.</i></p> <p>32G.—(1) Más mó an tsuim iomlán a gheobhaidh an Banc ar chuntas tobhach agus táillí arna bhforordú faoi ailt 32D</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>agus 32E le linn bliana airgeadais ná caiteachas an Bhainc le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus a chumhachtaí a fheidhmiú le linn na bliana airgeadais sin, déanfaidh an Banc—</p> <p>(a) an barrachas a úsáid chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh agus chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú le linn na bliana airgeadais ina dhiaidh sin, agus</p> <p>(b) na tobhaigh agus na táillí arna bhforordú i ndáil leis an dara bliain airgeadais sin a laghdú dá réir.</p> <p>(2) Más lú an tsuim iomlán a gheobhaidh an Banc ar chuntas tobhach agus táillí arna bhforordú faoi ailt 32D agus 32E le linn bliana airgeadais ná caiteachas an Bhainc le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus a chumhachtaí a fheidhmiú le linn na bliana airgeadais sin, féadfaidh an Banc tobhaigh agus táillí a fhorordú i ndáil leis an mbliain airgeadais ina dhiaidh sin ar leor iad—</p> <p>(a) chun an t-easnamh a chúiteamh, agus</p> <p>(b) chun a chinntiú, maidir leis an tsuim a gheobhaidh an Banc ar chuntas na dtobhach sin agus na dtáillí sin le linn na bliana airgeadais ina dhiaidh sin, go gcumhdóidh sí go hiomlán comhlíonadh a fheidhmeanna agus feidhmiú a chumhachtaí le linn an dá bhliain airgeadais sin.</p> <p><i>Ioncam barrachais an Bhainc.</i></p> <p>32H.—(1) Déanfaidh an Banc, mar a chinnfear agus nuair a chinnfear é faoin alt seo, a ioncam barrachais a fóc isteach sa Státchiste ar cibé modh a ordóidh an tAire agus féadfaidh sé tráth ar bith, go dtí go ndéanfar an cinneadh sin, cibé suimeanna ar cuntas ioncaim barrachais a fóc isteach sa Státchiste de réir mar a chomhaontóidh an tAire agus an Banc.</p> <p>(2) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc, rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le hioncam barrachais an Bhainc a chinneadh go tréimhsiúil agus féadfar, go háirithe, leis na rialacháin sin—</p> <p>(a) a chumasú foráil a dhéanamh maidir le cúlchistí, dímhéas agus nithe eile dá samhail sula ndéanfar an t-ioncam barrachais a chinneadh, agus</p> <p>(b) foráil a dhéanamh le haghaidh aon ní a eascraíonn as Caibidlí VI, VIII agus IX de Reach CEBC a chur i ngníomh.</p> <p>(3) Ceanglaítear ar an Aire, le linn dó nó di na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú, aird a thabhairt ar na feidhmeanna a fhorchuirtear ar an mBanc, agus ar na cumhachtaí a thugtar dó, le Conradh na Róimhe nó faoi agus le Reach CEBC nó faoi.</p> <p><i>An Banc do sholáthar cistí chun easnamh a chúiteamh.</i></p> <p>32I.—(1) Más dealraitheach don Choimisiún aon tráth nach leor, nó gur dócha nach leor, na cistí a chruinneofar as tobhaigh agus táillí arna bhforordú le rialacháin a bheidh i bhfeidhm faoi ailt 32D agus 32E, chun a chumasú don Bhanc a fheidhmeanna rialála a chomhlíonadh go cuí, féadfaidh an Banc cibé méid a mheasfaidh an Coimisiún is gá a úsáid le haghaidh chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.</p> <p>(2) Ní ceadmhach don Bhanc méid a úsáid faoi fho-alt (1) ach amháin má cheadaíonn an tAire é.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(3) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an nGobharnóir sula dtabharfaidh sé nó sí breith i dtaobh cé acu a thabharfar ceadú faoi fho-alt (2) nó nach dtabharfar. Féadfaidh an Gobharnóir a thuairim nó a tuairim a nochtadh maidir le méid na gcistí lena mbaineann, a mhéid a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh—</p> <p>(a) don Bhanc do chomhall a oibleagáidí maidir le cobhsaíocht airgeadais an Stáit a chur chun cinn, agus</p> <p>(b) do chomhlíonadh fheidhmeanna an Bhainc ina cháil mar chomhalta den Chóras Eorpach Banc Ceannais.</p> <p>(4) Le linn dó nó di úsáid méid cistí faoi fho-alt (2) a cheadú, tabharfaidh an tAire aird ar fheidhmeanna agus ar chumhachtaí an Bhainc faoi Chonradh na Róimhe agus faoi Reach CEBC.</p> <p><i>Taifid chuntasáiochta agus taifid eile an Bhainc.</i></p> <p>32J.—(1) Coimeádfaidh an Banc na taifid chuntasáiochta go léir is cúf ar a idirbhearta go léir.</p> <p>(2) Léireofar ar leithligh i gcuntais an Bhainc—</p> <p>(a) fáltais as cistí a cruinníodh as tobhaigh agus táillí arna bhforordú le rialacháin a bheidh i bhfeidhm faoi ailt 32D agus 32E agus caiteachas ar chomhlíonadh a fheidhmeanna agus ar fheidhmiú a chumhachtaí,</p> <p>(b) a ioncam as pionóis a forchuireadh faoi mhíreanna (c) agus (f) d'alt 33AQ(3), agus</p> <p>(c) fáltais agus caiteachas eile.</p> <p>(3) Laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, déanfaidh an Banc ráiteas cuntas maidir leis an mbliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Beidh an ráiteas i bhfoirm a cheadóidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc. Leanfaidh ceadú foirme ráitis cuntas faoin bhfo-alt seo de bheith i bhfeidhm go dtí go gceadófar foirm eile ráitis cuntas ina hionad.</p> <p>(4) Léireofar ar leithligh sa ráiteas—</p> <p>(a) na fáltais as cistí a cruinníodh as tobhaigh agus táillí arna bhforordú le rialacháin a bheidh i bhfeidhm faoi ailt 32D agus 32E agus caiteachas ar chomhlíonadh a fheidhmeanna agus ar fheidhmiú a chumhachtaí,</p> <p>(b) fáltais agus caiteachas eile.</p> <p>(5) Déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an ráiteas cuntas a iniúchadh agus a dheimhniú agus tabharfaidh sé nó sí tuarascáil air agus, a luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil a chríochnú, tabharfaidh sé nó sí an tuarascáil agus an ráiteas cuntas don Aire.</p> <p>(6) A luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil agus an ráiteas cuntas a bheith tugtha dó nó di, déanfaidh an tAire socrú chun cóipeanna de na doiciméid sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.</p> <p>(7) Féadfar cuntais an Bhainc a iniúchadh de réir Airteagal 27 de Reach CEBC agus, chun na críche sin, soláthróidh an Banc faisnéis iomlán, agus leabhair agus taifid iomlána, d'aon iniúcháirí arna gceapadh de réir an Airteagail sin.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(8) Coimeádfaidh an Banc a thairfid chuntasáochta go ceann tréimhse 6 bliana ar a laghad.</p> <p><i>Tuarascáil ar oibríochtaí, etc., ón mBanc.</i></p> <p>32K.—(1) Laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, ullmhóidh an Banc tuarascáil ar a oibríochtaí le linn na bliana agus déanfaidh sé an tuarascáil a thíolacadh don Aire.</p> <p>(2) Áireofar sa tuarascáil ráiteas maidir le ról gach grúpa chomhairligh arna bhunú ag an mBanc faoi alt 18E, agus achoimre ar obair gach grúpa chomhairligh den sórt sin le linn na bliana airgeadais iomchuí.</p> <p>(3) A luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil agus an ráiteas cuntas a bheith tugtha don Aire, déanfaidh sé nó sí socrú chun cóipeanna de na doiciméid sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, mar aon le haon tuarascálacha eile a cheanglaítear a bheith ar áireamh sa tuarascáil nó ag gabháil léi.</p> <p>(4) Déanfaidh an Banc cibé tuairisceáin thréimhsiúla maidir le hidirbhearta an Bhainc a ordóidh an tAire ó am go ham a thabhairt don Aire lena bhfoilsíú san Iris Oifigiúil.</p> <p style="text-align: center;">Caibidil 2A</p> <p style="text-align: center;"><i>Cuntasacht</i></p> <p><i>Ráitis feidhmíochta bhliantúla.</i></p> <p>32L.—(1) Tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, ullmhóidh an Banc ráiteas a bhainfidh le feidhmíocht an Bhainc ó thaobh seirbhísí airgeadais a rialáil (dá ngairtear ‘ráiteas feidhmíochta’ san alt seo).</p> <p>(2) Beidh ráiteas feidhmíochta ina 3 chuid—</p> <p>(a) mionsonraí na gníomhaíochta rialála, lena n-áirítear aidhmeanna agus cuspóirí, a bheidh beartaithe don bhliain reatha (dá ngairtear ‘Plean Feidhmíochta Rialála’ san fho-alt seo).</p> <p>(b) athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála an Bhainc le linn na bliana roimhe sin, ag féachaint don Plean Feidhmíochta Rialála i leith na bliana sin agus d’aon nithe iomchuí eile, agus</p> <p>(c) tuarascáil ó aon athbhreithniú ag piaraí idirnáisiúnta a seoladh le linn na bliana roimhe sin faoi alt 32M.</p> <p>(3) Maidir leis an athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála an Bhainc a cheanglaítear a sheoladh le fo-alt (2)(b), áireofar ann mionsonraí faoi na gníomhaíochtaí le linn na bliana iomchuí a rinne—</p> <p>(a) an chuid den Bhanc atá freagrach as iniúchadh inmheánach, agus</p> <p>(b) Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa.</p> <p>(4) Beidh ráiteas feidhmíochta san fhoirm, agus bainfidh sé leis na nithe, a ordóidh an tAire, ach ní bhainfidh sé le feidhmíú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna ag an nGobharnóir faoi Reachta CEBC.</p> <p>(5) Laistigh de mhí amháin tar éis ráiteas feidhmíochta a fháil, déanfaidh an tAire é a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.</p> <p>(6) Má iarrann Coiste den Oireachtas ar an nGobharnóir nó ar Cheannasaí Feidhme—</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(a) freastal os comhair an Choiste, agus</p> <p>(b) faisnéis a bhaineann le ráiteas feidhmíochta an Bhainc a sholáthar don Choiste sin,</p> <p>déanfaidh an Gobharnóir nó an Ceannasaí Feidhme—</p> <p>(i) láithriú os comhair an Choiste, agus</p> <p>(ii) faoi réir alt 33AK(1A), cibé faisnéis maidir leis an ráiteas feidhmíochta a cheanglóidh an Coiste a sholáthar don Choiste.</p> <p>(7) Maidir leis an tagairt i bhfo-alt (6) do Choiste den Oireachtas, is tagairt í do Choiste arna cheapadh ag ceachtar Teach nó ag an dá Theach i gcomhpháirt chun nithe a bhaineann leis an mBanc a scrúdú, agus foláionn sé fochoiste de Choiste den sórt sin, ach ní fholáionn sé an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann ná an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann.</p> <p><i>Athbhreithniú ag piaraí idirnáisiúnta ar fheidhmíocht rialála.</i> 32M.—Déanfaidh an Banc, gach 4 bliana ar a laghad, socrúithe cuí chun go ndéanfaidh—</p> <p>(a) banc ceannais náisiúnta eile, nó</p> <p>(b) duine nó comhlacht eile a bheidh deimhnithe ag an nGobharnóir, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, de réir mar is cuí,</p> <p>athbhreithniú ar chomhlíonadh a fheidhmeanna rialála ag an mBanc.”.</p>
40	Alt 33X(1)	“Ceapfaidh an tÚdarás Rialála” a scriosadh, “Ceapfaidh an Banc” a chur ina ionad.
41	Alt 33X(3)	“an tÚdarás Rialála” a scriosadh, “an Banc” a chur ina ionad.
42	Alt 33X(6)	“an tÚdarás Rialála” a scriosadh, “an Banc” a chur ina ionad.
43	Alt 33X(7)	“toiliú na gcomhaltaí den Údarás Rialála” a scriosadh, “toiliú an Bhainc” a chur ina ionad.
44	Alt 33X(8)(c)	“chuig na comhaltaí den Údarás Rialála” a scriosadh, “chuig an mBanc” a chur ina ionad.
45	Alt 33X(9)	“an tÚdarás Rialála” a scriosadh, “an Banc” a chur ina ionad.
46	Alt 33Y(1)	“an tÚdarás Rialála” a scriosadh, “an Gobharnóir, le toiliú an Choimisiúin,” a chur ina ionad.
47	Alt 33Y(3)	“an tÚdarás Rialála” a scriosadh, “an Banc” a chur ina ionad.
48	Alt 33Y(4)	“an tÚdarás Rialála” a scriosadh, “an Banc” a chur ina ionad.
49	Alt 33AA(1)(a)	“an Údarás Rialála” a scriosadh, “an Bhainc” a chur ina ionad.
50	Alt 33AA(3)	“an Údarás Rialála” a scriosadh, “an Bhainc” a chur ina ionad.
51	Fo-ailt (4) go (7) d’alt 33AA	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad na bhfo-alt sin:</p> <p>“(4) Le linn na freagrachtaí a fhorchuirtear leis an alt seo a chomhall agus na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú, beidh an Cláráitheoir, tríd an gCeannasaí Rialála Airgeadais, faoi réir rialú an Bhainc agus déanfaidh sé nó sí de réir aon ordachán ón gCoimisiún maidir leis na freagrachtaí sin a chomhall nó na cumhachtaí sin a fheidhmiú.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(5) Maidir le hordachán arna thabhairt de réir fho-alt (4), ní bheidh sé ar neamhréir—</p> <p>(a) i ndáil le feidhm nó cumhacht lena mbaineann fo-alt (1)(a), leis an Acht um Chomhar Creidmheasa 1997, agus</p> <p>(b) i ndáil le feidhm nó cumhacht a mbeidh a bainistiú arna tharmligeán chuig an gCláráitheoir faoi fho-alt (1)(b), le haon Acht nó dlí iomchuí eile.</p> <p>(6) Le linn don Bhanc ordacháin a bhaineann le feidhmiú na bhfreagrachtaí agus na gcumhachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) a eisiúint chuig an gCláráitheoir faoi fho-alt (4), tabharfaidh an Banc aird ar chineál ar leith na gcomhar creidmheasa, agus go háirithe faoi threoir na nithe seo a leanas—</p> <p>(a) na coinníollacha a ghabhann le comhar creidmheasa a chlárú, atá leagtha amach in alt 6 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997, agus na cuspóirí agus na comhcheangail dá dtagraítear san alt sin, agus</p> <p>(b) éiteas saorálach a bheith ag comhair chreidmheasa.</p> <p>(7) Féadfaidh an Banc, ó am go ham, treoirlínte, nach mbeidh ar neamhréir le haon dlí, a eisiúint chuig an gCláráitheoir, i ndáil le comhchomhairle agus comhoibriú leis na comhlachtaí agus na daoine a shonraítear i bhfo-alt (8) maidir le nithe a bhaineann le feidhmeanna agus cumhachtaí na gcomhlachtaí agus na ndaoine sin. Déanfaidh an Cláráitheoir de réir aon treoirlínte den sórt sin.</p> <p>(8) Is iad seo a leanas na comhlachtaí agus na daoine dá dtagraítear i bhfo-alt (7):</p> <p>(a) an Banc;</p> <p>(b) an Coimisiún;</p> <p>(c) an Gobharnóir;</p> <p>(d) oifigigh agus fostaithe an Bhainc.</p> <p>(9) Déanfaidh an Cláráitheoir cibé faisnéis agus cúnamh a sholáthar don Cheannasaí Rialála Airgeadais a iarrfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais i ndáil le haon ghearán a dhéanfar leis an mBanc maidir le hiompar comhair creidmheasa.”.</p>
52	Alt 33AB	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin:</p> <p><i>“An Banc do sholáthar cistí leordhóthanacha don Chláráitheoir.</i></p> <p>33AB.—(1) Déanfaidh an Banc cibé cistí a sholáthar don Chláráitheoir a mheasfaidh an Banc is gá chun a chumasú don Chláráitheoir feidhmeanna an Chláráitheora a chomhlíonadh agus cumhachtaí an Chláráitheora a fheidhmiú.</p> <p>(2) Beidh soláthar cistí faoin alt seo faoi réir cibé coinníollacha is cúf leis an mBanc a fhorchur.”.</p>
53	Alt 33AC(1)(b)	“an Údarás Rialála” a scriosadh “an Bhainc” a chur ina ionad.
54	Alt 33AC(2)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an fho-alt sin:</p> <p>“(2) Féadfaidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais ordacháin a thabhairt don Chláráitheoir maidir le foirm na tuarascála agus na nithe a bpléifear leo sa tuarascáil.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		Déanfaidh an Cláráitheoir de réir aon ordacháin den sórt sin.”.
55	Alt 33AD	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad an ailt sin:</p> <p><i>“Soláthróidh an Cláráitheoir faisnéis, tuarascálacha agus comhairle don Cheannasaí Rialála Airgeadais.</i></p> <p>33AD.—Soláthróidh an Cláráitheoir don Cheannasaí Rialála Airgeadais cibé faisnéis a bhaineann le comhlíonadh agus feidhmiú fhreagrachtaí agus chumhachtaí an Chláráitheora a cheanglóidh an Ceannasaí Rialála Airgeadais ó am go ham. Féadfaidh faisnéis a bheith san fhaisnéis sin (ach gan a bheith teoranta di) a bhaineann leis na nithe seo a leanas—</p> <p>(a) an Cláráitheoir d’úsáid na n-acmhainní de chuid an Bhainc a bheidh leithroinnte chun na freagrachtaí agus na cumhachtaí sin a chomhlíonadh agus a fheidhmiú, agus</p> <p>(b) luach torthaí agus aschur a thiocfaidh as úsáid na n-acmhainní sin.”.</p>
56	Alt 33AE	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin:</p> <p><i>“An Cláráitheoir d’ullmhú plean oibre.</i></p> <p>33AE.—(1) Déanfaidh an Cláráitheoir, 3 mhí ar a laghad roimh thosach gach bliana airgeadais—</p> <p>(a) dréachtphlean oibre a bheidh de réir an ailt seo a ullmhú don bhliain, agus</p> <p>(b) an dréachtphlean a chur faoi bhráid an Bhainc lena cheadú.</p> <p>(2) Sonrófar i ndr éachtphlean oibre—</p> <p>(a) cuspóirí an Chláráitheora don bhliain airgeadais lena mbaineann,</p> <p>(b) cineál agus réim na ngníomhaíochtaí a bheidh le gabháil de láimh,</p> <p>(c) na straitéisí agus na beartais chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus conas a bheartaítear na hacmhainní arna leithroinnt ar an gCláráitheoir a úsáid, agus</p> <p>(d) spriocanna agus critéir chun feidhmíocht an Chláráitheora a mheasúnú.</p> <p>(3) Más rud é go bhfuil fógra tugtha ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais don Chláráitheoir faoi aon cheanglais maidir leis an bhfoirm ina mbeidh dréachtphlean oibre le hullmhú, déanfaidh an Cláráitheoir cibé bearta is gá chun a chinntiú go mbeidh an plean de réir na gceanglas sin.</p> <p>(4) Féadfaidh an Banc plean oibre a cheadú fara leasú nó gan leasú.</p> <p>(5) Ar dhréachtphlean oibre arna ullmhú i leith bliana airgeadais a cheadú faoi fho-alt (4), tiocfaidh sé chun bheith ina plean oibre don Chláráitheoir don bhliain sin. Déanfaidh an Cláráitheoir gach beart atá indéanta le réasún chun an plean a chur i ngníomh.”.</p>
57	Alt 33AF(3)	“an Príomh-Fheidhmeannach” a scriosadh, “an Ceannasaí Rialála Airgeadais” a chur ina ionad.
58	Alt 33AF(5)	“den Údarás Rialála” a scriosadh, “den Choimisiún” a chur ina ionad.

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
59	Míreanna (b) agus (c) d'alt 33AG(1)	Na míreanna seo a leanas a chur in ionad na míreanna sin: “(b) iar-Stiúrthóirí; (ba) comhaltaí ceaptha agus iarchomhaltaí ceaptha den Choimisiún; (bb) comhaltaí <i>ex-officio</i> den Choimisiún agus iarchomhaltaí <i>ex-officio</i> den Choimisiún; (c) iarchomhaltaí den Údarás Rialála; (ca) oifigigh agus iar-oifigigh don Bhanc;”.
60	Alt 33AG(8), an míniú ar “scor”	“i bhfo-alt (1)(a), (b) nó (c)”, a scriosadh, “i mír (a), (b), (ba) nó (c) d’fho-alt (1),” a chur ina ionad.
61	Alt 33AJ(1)(b)	An méid seo a leanas a chur in ionad na míre sin: “(b) an Gobharnóir; (ba) na Ceannasaithe Feidhme; (bb) Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais, ina cháil nó ina cáil mar chomhalta <i>ex-officio</i> den Choimisiún; (bc) na comhaltaí ceaptha den Choimisiún;”.
62	Alt 33AJ(1)(f)	“nó d’aon cheann dá chomhchodanna” a scriosadh.
63	Alt 33AJ(7)	“ag an bPríomh-Fheidhmeannach” a scriosadh, “ag an gCeannasaí Rialála Airgeadais” a chur ina ionad.
64	Alt 33AK(1)	An méid seo a leanas a chur in ionad an fho-alt sin: “33AK.—(1) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leis na daoine seo a leanas: (a) an Gobharnóir agus gach iar-Ghobharnóir; (b) gach iar-Stiúrthóir de chuid an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann; (c) gach iarchomhalta de chuid Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann; (d) gach comhalta agus gach iarchomhalta den Choimisiún; (e) gach Ceannasaí Feidhme agus gach iar-Ceannasaí Feidhme; (f) Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa agus gach iar-Chláráitheoir Comhar Creidmheasa; (g) gach oifigeach eile don Bhanc nó gach fostaí eile dá chuid agus gach iar-oifigeach eile don Bhanc nó gach iarfhostaí eile dá chuid; (h) gach duine atá, nó a bhíodh, ar fostú mar shainchomhairleoir, mar iniúchóir nó in aon cháil eile ag an mBanc; (i) gach duine lenar bhain an fo-alt seo (mar a bhí sé i bhfeidhm díreach roimh an alt seo a leanas leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010) díreach roimh an teacht i ngníomh sin. (1A) Duine lena mbaineann fo-alt (1), ní nochtfaidh sé nó sí faisnéis rúnda maidir leis na nithe seo a leanas—

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(a) gnó aon duine nó aon chomhlachta, cibé acu corpraithe nó neamhchorpraithe, a bheidh tagtha ar iúl don duine trí oifig nó trí fhostaíocht an duine leis an mBanc, nó</p> <p>(b) aon ní a eascróidh i dtaca le feidhmeanna an Bhainc a chomhlíonadh nó lena chumhachtaí a fheidhmiú,</p> <p>má thoirmisctear an nochtadh sin le Conradh na Róimhe, le Reacht CEBC nó leis na Treoracha Maoirseachta.”.</p>
65	Alt 33AK(5)	<p>I ndiaidh mhír (ah), an méid seo a leanas a chur isteach:</p> <p>“(aha) d’aon Choimisiún Imscrúdúcháin arna bhunú faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004, nó”</p>
66	Alt 33AK(5)(al)	“feidhmeanna” a scriosadh, “feidhmeanna, nó” a chur isteach.
67	Alt 33AK(5)	<p>An méid seo a leanas a chur isteach sa deireadh:</p> <p>“(am) do chomhlacht nó d’údarás is údarás inniúil chun críocha Rialacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó na gComhphobal Eorpach lena bhforchuirtear bearta sriantacha laistigh de chreat Chombheartas Eachtrach agus Slándála AE.”.</p>
68	Alt 33AK(5)(p)	“lena mbaineann alt 6H” a scriosadh, “lena mbaineann fo-alt (3) agus (4) d’alt 32I” a chur ina ionad.
69	Alt 33AL	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin:</p> <p>“Cuirfidh an Banc oibleagáidí faoi alt 33AK in iúl do dhaoine. 33AL.—(1) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh an Coimisiún maidir le duine a bheidh ar tí a cheaptha nó a ceaptha—</p> <p>(a) mar Ghobharnóir,</p> <p>(b) mar chomhalta ceaptha den Choimisiún,</p> <p>(c) mar Cheannasaí Feidhme,</p> <p>(d) mar Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa,</p> <p>(e) mar oifigeach don Bhanc nó mar fhostaí de chuid an Bhainc, nó</p> <p>(f) mar shainchomhairleoir nó iniúchóir nó in aon cháil eile ag an mBanc,</p> <p>an oibleagáid a fhorchuirtear le halt 33AK a chur in iúl dó nó di.</p> <p>(2) I gcás duine a cheapfar mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún an oibleagáid a fhorchuirtear le halt 33AK in iúl dó nó di a luaithe is indéanta tar éis é nó í a cheapadh amhlaidh.</p> <p>(3) Ní ghlacfaidh duine le hoifig mar Ghobharnóir ná mar chomhalta ceaptha den Choimisiún, mar Cheannasaí Feidhme, ná mar oifigeach don Bhanc ná mar fhostaí de chuid an Bhainc, mura mbeidh admhaithe aige nó aici, i bhfoirm a chinneadh an Coimisiún, go bhfuil na hoibleagáidí a fhorchuirtear le halt 33AK curtha in iúl dó nó di.”.</p>
70	Míreanna (a) go (d) d’alt 33AM(1)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad na míreanna sin:</p> <p>“(a) an Gobharnóir;</p> <p>(b) an Ceannasaí Baincéireachta Ceannais;</p> <p>(c) an Ceannasaí Rialála Airgeadais;”.</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
71	Alt 33AN, an míniú ar “fiosrúchán”.	An méid seo a chur in ionad an mhíniú sin: “ciallaíonn ‘fiosrúchán’ fiosrúchán arna sheoladh faoi alt 33AO nó alt 33AR, agus folaíonn sé fiosrúchán den sórt sin a bheidh tosaithe ag an iar-Údarás Rialála agus a leanfaidh an Banc de;”.
72	Alt 33BE	An méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin: <i>“Feidhmeanna rialála a chomhlíonadh agus a fheidhmiú.</i> 33BE.—(1) Beidh cibé oifigigh don Bhanc agus cibé fostaithe de chuid an Bhainc agus cibé daoine a bheidh cáilithe go hoiriúnach, a ainmneoidh an Banc ó am go ham de bhun fho-alt (2), freagrach as feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc a chomhlíonadh agus a fheidhmiú faoin gCuid seo. (2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh an Banc, chun críocha an fho-ailt sin, duine nach oifigeach don Banc ná fostaí de chuid an Bhainc a ainmniú. Aon duine a ainmneofar amhlaidh, is gníomhaire don Banc é nó í chun feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc faoin gCuid seo, nó chun an chuid de na feidhmeanna agus na cumhachtaí sin chun ar ainmnigh an Banc é nó í, a chomhlíonadh agus a fheidhmiú.”.
73	Míreanna (b) agus (c) d’alt 57AV(1)	An méid seo a leanas a chur in ionad na míreanna sin: “(b) i gcás comhlachta chorpraithe — trína fhágáil ag an gceannoifig, ag oifig chláráithe nó príomhoifig de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó trína chur leis an bpost réamhíoctha chuig oifig díobh.”.
74	Alt 57CQ(1)	“(agus go háirithe leis an Stiúrthóir Tomhaltóirí)” a scriosadh.
75	Alt 57CQ(2)	An méid seo a leanas a chur in ionad an fho-ailt sin: “(2) Féadfaidh an Chomhairle agus an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais moltaí a dhéanamh leis an mBanc agus le Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa maidir le bearta a d’fhéadfadh an Banc agus an Cláráitheoir a dhéanamh— (a) chun plé go héifeachtach le patrúin shíorleanúnacha gearán arna ndéanamh i gcoinne soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais sonraithe nó i gcoinne aicme sonraithe de na soláthraithe seirbhíse airgeadais sin, (b) chun feabhas ar chur ar an tslí ar a bpléann soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais le gearáin a dhéantar ina gcoinne, nó (c) chun plé go héifeachtach le haon ní eile a bhaineann le leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chur chun cinn.”.
76	Alt 61C	“ag an Rialtas, ag an Aire nó ag an bPríomh-Fheidhmeannach”, a scriosadh, “ ag an Rialtas, ag an Aire nó ag an mBanc” a chur ina ionad.
77		An méid seo a leanas a chur isteach roimh alt 61E: <i>“Cionta a ionchúiseamh.</i> 61DA.—Féadfaidh an Banc imeachtaí i leith ciona faoin Acht seo, faoi achtachán ainmnithe nó faoi ionstraim reachtúil ainmnithe a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh go hachomair.”.
78	Alt 61G(1)	“nó ar an Údarás Rialála” a scriosadh.

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
79	Alt 61G(3)(a)	“nó don Údarás Rialála” a scriosadh.
80		<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 61G:</p> <p>“<i>Socrúithe chun tobhaigh áirithe a bhailiú.</i></p> <p>61H.—(1) Féadfaidh an Banc socrú a dhéanamh le comhlacht forordaithe i ndáil le tobhach a bhailiú.</p> <p>(2) Maidir le socrú dá dtagraítear i bhfo-alt (1), is socrú é chun a chumasú don Bhanc nó don chomhlacht forordaithe an tobhach iomchuí a bhailiú ó gach duine nó gach comhlacht a bhfuil oibleagáid air nó uirthi é a íoc agus an tobhach a bhaileofar a íoc leis an eintiteas atá i dteideal é a fháil.</p> <p>(3) Déanfar foráil le socrú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) gurb é an t-eintiteas atá i dteideal an tobhach lena mbaineann a fháil a íocfaidh na costais a bhaineann leis an tobhach a bhailiú.</p> <p>(4) San alt seo—</p> <p>ciallaíonn ‘tobhach’ tobhach arna fhorchur faoi alt 32D nó faoi aon achtachán eile;</p> <p>ciallaíonn ‘comhlacht forordaithe’ iad seo a leanas:</p> <p>(a) an Bord Pinsean;</p> <p>(b) an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais;</p> <p>(c) an Ghníomhaireacht;</p> <p>(d) aon chomhlacht eile a bheidh forordaithe ag an Aire le rialacháin arna ndéanamh chun críocha an ailt seo.”.</p>
81	Sceideal 1	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad an Sceidil sin:</p> <p style="text-align: center;">SCEIDEAL 1</p> <p style="text-align: center;">NÓS IMEACHTA AN CHOIMISIÚIN</p> <p>“<i>Alt 32.</i></p> <p><i>Nós imeachta ginearálta.</i></p> <p>1.—Is de réir mar a chinnfidh na comhaltaí, faoi réir an Sceidil seo, a bheidh an nós imeachta chun cruinnithe den Choimisiún a ghairm agus chun gnó a sheoladh ag na cruinnithe sin. Féadfaidh na comhaltaí an nós imeachta sin a chinneadh le rialacha nó le buan-orduithe nó ar aon mhodh eile.</p> <p><i>Córam.</i></p> <p>2.—Más 10 nó 11 de chomhaltaí atá ag an gCoimisiún, is é is córam 6 chomhalta; más 12 chomhalta atá ag an gCoimisiún, is é is córam 7 gcomhalta.</p> <p><i>An duine a bheidh i gceannas ar chruinnithe den Choimisiún.</i></p> <p>3.—(1) Is é nó í a bheidh i gceannas ar chruinniú den Choimisiún—</p> <p>(a) an Gobharnóir, nó</p> <p>(b) mura bhfuil an Gobharnóir i láthair, nó mura bhfuil aon Ghobharnóir ann—</p> <p>(i) an comhalta a cheapfar faoi alt 22 chun gníomhú mar Ghobharnóir, nó</p> <p>(ii) mura bhfuil comhalta ar bith ceaptha faoin alt sin, comhalta arna thoghadh nó arna</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>toghadh ag na comhaltaí a bheidh i láthair ag an gcruinniú.</p> <p>(2) Más líon combhionann vótaí a chaitear ar thairiscint arna déanamh ag cruinniú den Choimisiún, beidh vóta réitigh maille le vóta breithniúcháin ag an duine atá i gceannas an chruinnithe.</p> <p><i>Vótáil ag cruinnithe den Choimisiún.</i></p> <p>4.—Aon bhreith a gcaithfear tromlach na vótaí ar a taobh ag cruinniú den Choimisiún a bhfuil córam i láthair ann, is í breith an Choimisiúin í.</p> <p><i>Gnó a dhéanamh ar shlí seachas ag gnáthchruinnithe.</i></p> <p>5.—(1) Féadfaidh an Coimisiún, más cú leis é, aon ghnó dá chuid a dhéanamh trí pháipéir a scaipeadh ar a chomhaltaí go léir de thuras na huaire. Aon rún a cheadóidh tromlach na gcomhaltaí sin i scríbhinn, measfar gur breith ón gCoimisiún í.</p> <p>(2) Féadfaidh an Coimisiún, más cú leis é, aon ghnó dá chuid a dhéanamh ag cruinniú ina nglacfaidh a chomhaltaí (nó cuid dá chomhaltaí) páirt ar an teileafón, trí theilifís chiorcaid iata nó ar shlí eile, ach sin ar an gcoinníoll amháin go mbeidh aon chomhalta a labhróidh maidir le ní atá á bhreithniú ag an gcruinniú inchloiste ag na comhaltaí eile. Chun críocha na nít seo a leanas—</p> <p>(a) rún a cheadú faoi fhomhír (1), nó</p> <p>(b) cruinniú arna thionól de réir fhomhír (2),</p> <p>beidh na cearta vótála céanna ag na comhaltaí a bhíonn acu ag gnáthchruinniú den Choimisiún.</p> <p>(3) Féadfar páipéir a scaipeadh ar na comhaltaí chun críocha fhomhír (1) tríd an bhfaisnéis sna páipéir a tharchur go leictreonach.</p> <p><i>Leasanna airgid comhaltaí a nochtadh.</i></p> <p>6.—(1) Más rud é—</p> <p>(a) go bhfuil leas airgid díreach nó neamhdhíreach ag comhalta den Choimisiún i ní atá á bhreithniú nó ar tí a bhreithnithe ag cruinniú den Choimisiún, agus</p> <p>(b) gur dealraitheach go bhfuil coinbhleacht idir an leas agus comhlíonadh cúí dhualgais an chomhalta i ndáil leis an ní a bhreithniú,</p> <p>déanfaidh an comhalta, a luaithe is féidir tar éis na fíorais iomchuí do theacht ar iúl dó nó di, cineál an leasa a nochtadh ag cruinniú den Choimisiún nó do Rúnaí an Choimisiúin.</p> <p>(2) I gcás go ndéantar nochtadh do Rúnaí an Choimisiúin faoi fhomhír (1), cuirfidh an Rúnaí an nochtadh in iúl don chéad chruinniú eile den Choimisiún.</p> <p>(3) Maidir le nochtadh ag comhalta—</p> <p>(a) gur stiúrthóir é nó í ar chuideachta shonraithe nó ar chomhlacht sonraithe eile, nó go bhfuil sé ar fostú ag an gcéanna,</p> <p>(b) gur comhpháirtí duine shonraithe é nó í, nó go bhfuil sé nó sí ar fostú ag duine sonraithe, nó</p> <p>(c) go bhfuil leas sonraithe éigin eile aige nó aici a bhaineann le cuideachta shonraithe nó le comhlacht sonraithe eile nó le duine sonraithe,</p>

Mír	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>is nochtadh leordhóthanach é ar chineál an leasa in aon ní a bhaineann leis an gcuideachta sin nó leis an gcomhlacht eile sin, nó leis an duine sin, a eascróidh tar éis dháta an nochtadh agus a gceanglaítear faoi fhomhír (1) é a nochtadh.</p> <p>(4) Déanfaidh agus coimeádfaidh Rúnaí an Choimisiúin taifead ar shonraí aon nochtadh a dhéantar faoin mír seo agus, faoi réir alt 33AK, cuirfidh sé nó sí an taifead sin ar fáil lena iniúchadh gach tráth réasúnach ag aon duine a iarrfaidh é a fheiceáil.</p> <p>(5) Tar éis do chomhalta cineál leasa i ní a nochtadh, ní ceadmhach dó nó di, mura gcinnfidh na comhaltaí eile a mhalairt—</p> <p>(a) a bheith i láthair le linn aon bhreithnithe a dhéanfaidh an Coimisiún maidir leis an ní, nó</p> <p>(a) páirt a ghlacadh in aon bhreith de chuid an Choimisiúin maidir leis an ní.</p> <p>(6) Chun críocha cinneadh a dhéanamh ag na comhaltaí faoi fhomhír (4), ní bheidh comhalta ag a bhfuil leas airgid díreach nó neamhdhíreach i ní lena mbaineann an nochtadh i dteideal—</p> <p>(a) a bheith i láthair le linn aon bhreithnithe a dhéanfaidh an Coimisiún chun an cinneadh a dhéanamh, nó</p> <p>(b) páirt a ghlacadh i ndéanamh an chinnidh ag an gCoimisiún.</p> <p>(7) Ní chuirtear aon bhreith de chuid an Choimisiúin ó bhail mar gheall ar shárú ar an mír seo.</p> <p>(8) Níl feidhm ag an mír seo maidir le leas, nó i ndáil le leas, de chuid comhalta i ní nó i rud a eascraíonn díreach toisc go bhfuil sé ina ranníocóir le scéim sochar scoir.”.</p>

82	Sceideal 2	An méid seo a leanas a chur in ionad an Scaidil: “ <i>Alt 33C(1) agus (2).</i> ”	
SCEIDEAL 2			
ACHTACHÁIN AINMNITHE AGUS IONSTRAIMÍ REACHTÚLA AINMNITHE			
CUID 1			
ACHTACHÁIN			
Mír	Uimhir agus Bliain	Gearrtheideal	Forálacha
1	9 Edw 7, c.49	Assurance Companies Act 1909	An tAcht iomlán
2	Uimh. 45 de 1936	An tAcht Árachais 1936	An tAcht iomlán
3	Uimh. 22 de 1942	Acht an Bhainc Cheannais 1942	Alt 5C
4	Uimh. 7 de 1953	An tAcht Árachais 1953	Alt 4
5	Uimh. 33 de 1963	Acht na gCuideachtaí 1963	Alt 213
6	Uimh. 18 de 1964	An tAcht Árachais 1964	An tAcht iomlán
7	Uimh. 24 de 1971	Acht an Bhainc Ceannais 1971	An tAcht iomlán, seachas fo- ailt (1) agus (4) d’alt 7 agus ailt 44 go 46, 48 go 50 agus 55
8	Uimh. 30 de 1978	An tAcht Árachais (Leasú) 1978	An tAcht iomlán
9	Uimh. 24 de 1983	An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983	Ailt 67 agus 104
10	Uimh. 29 de 1983	An tAcht Árachais (Uimh. 2) 1983	An tAcht iomlán
11	Uimh. 3 de 1989	An tAcht Árachais 1989	An tAcht iomlán
12	Uimh. 16 de 1989	Acht an Bhainc Ceannais 1989	An tAcht iomlán seachas ailt 22 go 25 agus 118 go 126
13	Uimh. 17 de 1989	An tAcht Cumann Foirgníochta 1989	An tAcht iomlán

14	Uimh. 21 de 1989	An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais 1989	An tAcht iomlán
15	Uimh. 27 de 1990	Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990	Ailt 3, 3C, 18, 23, 24 agus 27
16	Uimh. 33 de 1990	Acht na gCuideachtaí 1990	Cuid XIII
17	Uimh. 37 de 1990	An tAcht um Iontaobhais Aonad 1990	An tAcht iomlán
18	Uimh. 18 de 1992	Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992	Alt 13
19	Uimh. 24 de 1994	An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994.	An tAcht iomlán
20	Uimh. 27 de 1994	An tAcht Aturnaetha (Leasú) 1994	Alt 78
21	Uimh. 11 de 1995	An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta 1995	An tAcht iomlán
22	Uimh. 24 de 1995	An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995	An tAcht iomlán
23	Uimh. 25 de 1995	An tAcht um Líonrúchán Conarthaí Airgeadais 1995	Ailt 2 agus 3
24	Uimh. 8 de 1997	Acht an Bhainc Ceannais 1997	An tAcht iomlán seachas Codanna II agus III agus alt 77
25	Uimh. 15 de 1997	An tAcht um Chomhar Creidmheasa 1997	An tAcht iomlán
26	Uimh. 37 de 1998	An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí 1998	An tAcht iomlán
27	Uimh. 32 de 2001	An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine 2001	An tAcht iomlán
28	Uimh. 47 de 2001	An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001	An tAcht iomlán

29	Uimh. 28 de 2001	An tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001	Alt 110A
30	Uimh. 2 de 2003	An tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003	An tAcht iomlán
31	Uimh. 12 de 2005	An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005	An tAcht iomlán
32	Uimh. 41 de 2006	An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006	An tAcht iomlán
33	Uimh. 19 de 2007	An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007	An tAcht iomlán
34	Uimh. 37 de 2007	An tAcht um Margáí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha 2007	Cuid 1 agus ailt 9 go 11, 13 agus 17
35	Uimh. 1 de 2009	An tAcht um an mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach 2009	An tAcht iomlán seachas alt 2
36	Uimh. 34 de 2009	An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009	Cuid 12
37	Uimh. 6 de 2010	An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010	Cuid 4
38	Uimh. — de 2010	<i>An tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010</i>	<i>Cuid 3</i>

CUID 2			
IONSTRAIMÍ REACHTÚLA			
Mír	Uimhir agus Bliain	Lua	Forálacha
1	R. agus O.R. Uimh. 75 de 1940	Na Rialacháin Achtuair (Cáilíocht) 1940	An ionstraim iomlán
2	R. agus O.R. Uimh. 76 de 1940	An tOrdú Árachais Tionscail (Lánas Polasaithe) 1940	An ionstraim iomlán
3	R. agus O.R. Uimh. 78 de 1940	Na Rialacha Árachais (Éarlaisí) 1940	An ionstraim iomlán
4	R. agus O.R. Uimh. 80 de 1940	Na Rialacháin Árachais 1940	An ionstraim iomlán
5	R. agus O.R. Uimh. 81 de 1940	Na Rialacháin um Árachas Tionscail (Táillí ar Bhreith do Thabhairt ar Aighnis) 1940	An ionstraim iomlán
6	I.R. Uimh. 64 de 1971	Na Rialacháin um Airgead Reatha Deachúil (Conarthaí Cara-Chumann agus Árachais Tionscail) 1971	An ionstraim iomlán
7	I.R. Uimh. 115 de 1976	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) 1976	An ionstraim iomlán
8	I.R. Uimh. 178 de 1978	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gníomhairí agus Bróicéirí Árachais) 1978	An ionstraim iomlán
9	I.R. Uimh. 382 de 1978	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas) (Neamh-Shaol) 1978	An ionstraim iomlán
10	I.R. Uimh. 65 de 1983	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhárachas) 1983	An ionstraim iomlán

11	I.R. Uimh. 57 de 1984	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil) 1984	An ionstraim iomlán
12	I.R. Uimh. 27 de 1987	Na Rialacháin Chumann Foirgníochta 1987	An ionstraim iomlán
13	I.R. Uimh.191 de 1990	Na Rialacháin Árachais (Bannaíocht ar Idirghabhálaithe) 1990	An ionstraim iomlán
14	I.R. Uimh. 142 de 1991	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) (Leasú) (Uimh. 2)1991	An ionstraim iomlán
15	I.R. Uimh. 197 de 1991	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) (Caiteachais Dhlíthiúla) 1991	An ionstraim iomlán
16	I.R. Uimh. 244 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) (Leasú) 1992	An ionstraim iomlán
17	I.R. Uimh. 294 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa: Cuntais) 1992	Rialacháin 8, 14 agus 15
18	I.R. Uimh.395 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa a Cheadúnú agus a Mhaoirsiú) 1992	An ionstraim iomlán
19	I.R. Uimh.359 de 1994	Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) 1994	An ionstraim iomlán
20	I.R. Uimh. 360 de 1994	Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil) 1994	An ionstraim iomlán
21	I.R. Uimh. 27 de 1995	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995	An ionstraim iomlán

22	I.R. Uimh. 168 de 1995	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 1995	An ionstraim iomlán
23	I.R. Uimh. 202 de 1995	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuntais Árachais Neamh-Shaoil) 1995	An ionstraim iomlán
24	I.R. Uimh. 23 de 1996	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais) 1995	An ionstraim iomlán
25	I.R. Uimh. 25 de 1996	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhaontú Chónaidhm na hEilvéise) 1996	An ionstraim iomlán
26	I.R. Uimh. 267 de 1996	Na Rialacháin um Fhorais Chreidmheasa, Ballghnólachtaí Stoicmhalartáin agus Gnólachtaí Gnó Infheistíochta a Mhaoirsiú 1996	An ionstraim iomlán
27	I.R. Uimh. 380 de 1997	Na Rialacha Nós Imeachta fán Acht um Stoicmhalartán, 1995 (Coistí Cinnidh) 1997	An ionstraim iomlán
28	I.R. Uimh. 381 de 1997	Rialacha dar teideal Na Rialacha Nós Imeachta fán Acht um Idirghabhálaithe Infheistíochta 1995 (Coistí Cinnidh) 1997	An ionstraim iomlán
29	I.R. Uimh. 307 de 2000	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) (Leasú) 2000	An ionstraim iomlán
30	I.R. Uimh. 473 de 2000	Na Rialacháin um an Acht Árachais, 1989 (Atharachú) (Foirm an Fhógra) 2000	An ionstraim iomlán
31	I.R. Uimh. 15 de 2001	Na Rialacháin um Árachas Saoil (Faisnéis a Sholáthar) 2001	An ionstraim iomlán

32	I.R. Uimh. 221 de 2002	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Airgead Leictreonach) 2002	An ionstraim iomlán
33	I.R. Uimh. 335 de 2002	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Trasteorann in Euro) 2002	An ionstraim iomlán
34	I.R. Uimh. 168 de 2003	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais a Atheagrú agus a Fhoirceannadh) 2003	An ionstraim iomlán
35	I.R. Uimh. 211 de 2003	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheist- íochta in Urrúis Inaistrithe) 2003	An ionstraim iomlán
36	I.R. Uimh. 198 de 2004	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa a Atheagrú agus a Fhoirceannadh) 2004	An ionstraim iomlán
37	I.R. Uimh. 727 de 2004	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Ilchuideachtaí Airgeadais) 2004	An ionstraim iomlán
38	I.R. Uimh. 853 de 2004	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Cianmhargú Seirbhísí Airgeadais Tomhaltóirí) 2004	An ionstraim iomlán
39	I.R. Uimh. 13 de 2005	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Idirghabháil Árachais) 2005	An ionstraim iomlán
40	I.R. Uimh. 324 de 2005	Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005	An ionstraim iomlán
41	I.R. Uimh. 342 de 2005	Na Rialacháin um Mí-Úsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005	An ionstraim iomlán
